RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/835 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Bealtaine 2025

lena gcuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheonaithe ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ([2]) ón gCoimisiún, d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleachtanna frithchúitimh ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, tagrófar dó mar 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta.

(2) Tá na dleachtanna frithchúitimh atá i bhfeidhm faoi láthair ag rátaí idir 25 % agus 33.4 % ar allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, 28.2 % ar na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte agus ráta dleachta 33.4 % ar gach cuideachta eile ón Airgintín. I mí Feabhra 2019, ghlac an Coimisiún freisin le gealltanais a thairg onnmhaireoirí na hAirgintíne ([3]) ina raibh cuóta bliantúil saor ó dhleacht le haghaidh bithdhíosail ar íosphraghas bunaithe ar phraghas oifigiúil ola pónaire soighe na hAirgintíne, móide costais táirgthe agus lasta.

(3) Tá allmhairí bithdhíosail faoi réir bearta frithdhumpála faoi láthair nuair is de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') ([4]) nó Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM') ([5]) iad agus tá siad faoi réir bearta frithchúitimh nuair is de thionscnamh na hIndinéise ([6]) nó SAM iad ([7]).

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(4) Tar éis d'fhógra a bheith foilsithe maidir le dul in éag a bheith ag teacht ([8]), fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ('an bun-Rialachán').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne (IO L 40, 12.2.2019, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/244/oj.
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/245 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena nglactar le tairiscintí gealltanais tar éis dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha a fhorchur ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne (IO L 40, 12.2.2019, lch. 71, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/245/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/261 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2025/261, 11.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/261/oj).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1266 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 2.8.2021, lch. 34 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1266/oj).
([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise (IO L 317, 9.12.2019, lch. 42 http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2092/oj).
([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1267 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 2.8.2021, lch. 62, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1267/oj).
([8]) Fógra maidir le dul in éag beart frith-fhóirdheontais áirithe atá le tarlú (IO C 183, 20.01.2023, lch. 2).

(5) Is é an Bord Bithdhíosail Eorpach ('an t-iarratasóir' nó 'EBB') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 10 Samhain 2023 thar ceann thionscal bithdhíosail an Aontais de réir bhrí Airteagal 10(6) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go ndéanfaí dumpáil arís agus go ndéanfaí díobháil arís do thionscal an Aontais dá rachadh na bearta in éag.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(6) Sular tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga, thug an Coimisiún fógra do Rialtas na hAirgintíne ([9]) go raibh iarraidh chuí-dhoiciméadaithe faighte aige, agus d'iarr sé ar Rialtas na hAirgintíne comhairliúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(7) den bhun-Rialachán. Tionóladh comhairliúcháin an 5 Feabhra 2024. Mar sin féin, ní fhéadfaí teacht ar réiteach a chomhaontófaí go frithpháirteach le Rialtas na hAirgintíne. I bhfianaise Airteagal 18(2) den bhun-Rialachán, d'ullmhaigh an Coimisiún meabhrán i ndáil le fianaise leordhóthanach ina bhfuil measúnú an Choimisiúin ar an bhfianaise ar fad atá ar fáil dó agus ar a bonn a rinneadh an t-imscrúdú a thionscnamh. Is féidir an meabhrán sin a fháil sa chomhad le haghaidh iniúchadh ag na páirtithe leasmhara. Rinneadh achoimre ar na barúlacha a thug Rialtas na hAirgintíne an tráth sin agus tugadh aghaidh orthu sa mheabhrán.

(7) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 ([10]), gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 9 Feabhra 2024 maidir le hallmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne ('an tír lena mbaineann') isteach san Aontas ar bhonn Airteagal 18 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([11]) ('an fógra tionscnaimh').

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(8) Leis an imscrúdú ar leanúint den fhóirdheonú, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar na treochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go deireadh thréimhse an imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(9) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon le táirgeoirí aitheanta eile ón Aontas, na táirgeoirí aitheanta san Airgintín agus údaráis na hAirgintíne, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an athbhreithnithe éaga, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(10) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.6. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(11) In aighneacht dar dáta an 15 Márta 2024, chuir Comhlachas Bithbhreoslaí na hAirgintíne ('CARBIO') in aghaidh an tionscnaimh ar an bhforas nár cuireadh san áireamh san anailís díobhála san iarraidh tosca ábhartha eile a bhféadfadh díobháil a bheith mar thoradh orthu. Mhaígh CARBIO freisin nach raibh bunús leordhóthanach leis an iarraidh, is é sin a mhéid a bhaineann leis an toimhde, dá ligfí do na bearta frithchúitimh dul in éag, go dtiocfadh borradh faoi allmhairí bithdhíosail ón Airgintín agus go ndéanfadh siad díobháil do thionscal an Aontais.

([9]) Úsáidtear an téarma 'Rialtas na hAirgintíne' sa Rialachán seo sa chiall is leithne, lena n-áirítear na hAireachtaí, na Ranna, na Gníomhaireachtaí agus na Riaracháin go léir ar leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil.

([10]) Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (códú) (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21).

([11]) An fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frith-fhóirdheontais is infheidhme i dtaca le hallmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne (IO C, C/2024/1355, 9.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1355/oj).

(12) Mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh chun a léiriú gur dócha go leanfaí den fhóirdheonú agus go gcuirfí tús arís leis an díobháil do thionscal an Aontais mar thoradh ar dhul in éag na mbeart. Ní chuirtear as an áireamh go bhfuil roinnt bearnaí nó eilimintí san iarraidh nach bhfuil ar fáil go réasúnach do thionscal an Aontais, ach ní féidir leis an staid sin an bonn a bhaint den chonclúid fhoriomlán go raibh fianaise leordhóthanach ann ar fiú tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh uirthi. Chomh maith leis sin, ní hionann caighdeáin fhianaiseacha maidir le tionscnamh agus céimeanna eile den imscrúdú. Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh CARBIO.

(13) Ina mbarúlacha maidir leis an tionscnamh, d'áitigh CARBIO agus Rialtas na hAirgintíne go ndearnadh athruithe reachtacha ábhartha ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh, go háirithe maidir leis na díolúintí cánach i gcúige Santa Fe agus maidir leis an sainordú intíre bithdhíosail. Thairis sin, d'áitigh siad go raibh coinne le hathruithe reachtacha eile le linn an imscrúdaithe.

(14) Chuir an Coimisiún an fhaisnéis sin san áireamh san anailís ar na scéimeanna fóirdheontais lena mbaineann in aithrisí (35) go (51) agus (271) go (283) agus san anailís ar an dóchúlacht in aithrisí (323) go (330).

1.7. **Sampláil**

(15) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán.

1.7.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(16) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn na hionadaíochta i dtéarmaí mhéid táirgeachta agus díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas idir an 1 Deireadh Fómhair 2022 agus an 30 Meán Fómhair 2023. Cuireadh an meascán táirgí laistigh den sampla san áireamh freisin. Is é a bhí sa sampla sin ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais. I bhfianaise na faisnéise a bhí ar fáil ag an gcéim thionscnaimh, b'ionann táirgeoirí sampláilte an Aontais agus thart ar 15 % de mhéid iomlán measta tháirgeacht an táirge chomhchosúil san Aontas agus 24 % de dhíolacháin Aontais na dtáirgeoirí a d'fhreagair an fiosrúchán. I gcomhréir le hAirteagal 27(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt faoin sampla sealadach. Níor thug aon pháirtí aon bharúil. Measadh go raibh an sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais ionadaíoch ar thionscal an Aontais.

1.7.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(17) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(18) Sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.7.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin san Airgintín*

(19) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar na hallmhaireoirí uile san Airgintín an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar mhisean na hAirgintíne táirgeoirí eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(20) Sholáthair seacht dtáirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 27(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí onnmhaireoir onnmhairiúcháin, ar cuid de dhá ghrúpa iad, ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Bhí 68 % den mhéid iomlán allmhairí isteach san Aontas ón Airgintín a tuairiscíodh in Eurostat le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag na grúpaí sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 27(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Níor tugadh aon bharúil.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir agus an fíorú**

(21) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig Rialtas na hAirgintíne, chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais, chuig allmhaireoir neamhchomhlachaithe, agus chuig an iarratasóir. Cuireadh na ceistneoirí sin ar fáil ar líne ([12]) lá an tionscnaimh, seachas iad siúd a bhí beartaithe do Rialtas na hAirgintíne agus don iarratasóir, a cuireadh ar fáil sa chomhad lena n-iniúchadh ag páirtithe leasmhara.

(22) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó Rialtas na hAirgintíne, ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais, ó allmhaireoir neamhchomhlachaithe agus ón iarratasóir.

(23) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den fhóirdheonú agus den díobháil agus maidir le leas an Aontais.

(24) Is in áitribh Rialtas na hAirgintíne agus na gcuideachtaí seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 26 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Chevron, Amstardam, an Ísiltír,

— Masol Iberia Biofuel, S.L.U., El Grao (Castellón) agus Barcelona, an Spáinn,

— Raffineria di Gela, Gela agus an Róimh, an Iodáil,

— Saipol, Páras, an Fhrainc;

Iarratasóir

— An Bord Bithdhíosail Eorpach (EBB), an Bhruiséil, an Bheilg;

Táirgeoirí onnmhairiúcháin san Airgintín

— Grúpa Renova:

  — Viterra Argentina S.A., Villa Adelina

  — Molinos Agro S.A., Victoria

— LDC Argentina S.A., Buenos Aires

2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(25) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san imscrúdú bunaidh, is é sin eistir mhona-ailcile aigéid shailligh agus/nó gás-olaí pairifíneacha a fhaightear ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontaise, i bhfoirm íon nó mar a áirítear i gcumasc ('an táirge faoi athbhreithniú'), a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 1516 20 98 (cóid TARIC 1516 20 98 21, 1516 20 98 29 agus 1516 20 98 33), ex 1518 00 91 (cóid TARIC 1518 00 91 21, 1518 00 91 29 agus 1518 00 91 33), ex 1518 00 95 (cód TARIC 1518 00 95 21), ex 1518 00 99 (cóid TARIC 1518 00 99 21, 1518 00 99 29 agus 1518 00 91 33), ex 2710 19 42 (cóid TARIC 2710 19 42 21 agus 2710 19 42 29), ex 2710 19 44 (cóid TARIC 2710 19 44 21, 2710 19 44 29 agus 2710 19 44 33), ex 2710 19 46 (cóid TARIC 2710 19 46 21, 2710 19 46 29 agus 2710 19 46 33), ex 2710 19 47 (cóid TARIC 2710 19 47 21, 2710 19 47 29 agus 2710 19 47 33), 2710 20 11, 2710 20 16, ex 3824 99 92 (cóid TARIC 3824 99 92 10, 3824 99 92 14 agus 3824 99 92 17), 3826 00 10 agus ex 3826 00 90 (cóid TARIC 3826 00 90 11, 3826 00 90 19 agus 3826 00 90 33) ([13]).

([12]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2714.
([13]) Is ar mhaithe le faisnéis amháin a bhí an liosta a soláthraíodh san fhógra tionscnaimh. Tá an t-aicmiú seo sa liosta deiridh.

(26) Is féidir an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh trí phróisis éagsúla, amhail tras-eistearúchán olaí agus saillte, sintéis Fischer-Tropsch nó hidreachóireáil bunábhar in-athnuaite. Is breosla in-athnuaite é a tháirgtear ó raon leathan amhábhar, lena n-áirítear olaí plandúla amhail ola ráibe, ola soighe nó ola pailme, olaí cócaireachta úsáidte, saillte ainmhíocha nó bithmhais.

(27) Léiríodh san imscrúdú gur eistear meitile pónaire soighe ('SME') a dhíorthaítear ó ola pónaire soighe, agus sin amháin, atá i mbithdhíosal a tháirgtear san Airgintín, ach gur eistear meitile síl ráibe ('RME') atá i sciar mór den bhithdhíosal a tháirgtear san Aontas. Baineann SME agus RME araon le catagóir na n-eistear meitile aigéid shailligh (FAME).

(28) Is iondúil go n-úsáidtear bithdhíosal san earnáil iompair, cumaiscthe go príomha le díosal iontaise ach ina fhoirm íon freisin.

2.2. An táirge lena mbaineann

(29) Is é an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na hAirgintíne.

2.3. An táirge comhchosúil

(30) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na hAirgintíne;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(31) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 2(c) den bhun-Rialachán.

2.4. Maímh maidir le raon feidhme an táirge

(32) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le raon feidhme an táirge.

3. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN FHÓIRDHEONÚ

(33) I gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, agus mar a shonraítear san fhógra tionscnaimh, scrúdaigh an Coimisiún an dócha go leanfar den fhóirdheonú de bharr dhul in éag na mbeart atá ann cheana.

3.1. Fóirdheontais agus cláir fóirdheontais a thagann faoi raon feidhme an imscrúdaithe

(34) Ar bhonn na faisnéise atá san iarraidh ar athbhreithniú, chomh maith leis an bhfaisnéis a chuir Rialtas na hAirgintíne agus na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha isteach, rinneadh imscrúdú ar na scéimeanna seo a leanas, a líomhnaítear go bhfuil deonú fóirdheontas i gceist leo:

Scéimeanna a imscrúdaíodh agus a frithchúitíodh ar dtús

(a) Tacaíocht an Rialtais don tionscal bithdhíosail lena n-áirítear trí phónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach

(b) Díolúine eastáit réadaigh faoi Dhlí Tionsclaíoch Santa Fe: díolúine ó cháin eastáit réadaigh a íoc faoi Dhlí Cúigeach Uimh. 8 478/1979 (Airteagal 4) maidir le Cur Chun Cinn Tionsclaíoch; Díolúintí cánach cúigeach arna soláthar ag Cúige Santa Fe; Airteagal 183.29 Díolúine Cánach Stampa Santa Fe agus Airteagal 127 Díolúine ó cháin láimhdeachais Santa Fe le haghaidh díolacháin onnmhairí

Scéimeanna a imscrúdaíodh ar dtús agus nach bhfuarthas aon sochar ina leith

(c) Iasachtaí agus maoiniú onnmhairiúcháin a sholáthar ar théarmaí fabhracha agus iasachtú fabhrach

(d) Ioncam rialtais a ligtear thar ceal nó nach mbailítear faoi Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí

(e) Díolúintí cánach cúigeach arna soláthar ag Cúige Cordoba

(f) Díolúintí cánach cúigeach arna soláthar ag Cúige Buenos Aires

(g) Córas Cur Chun Cinn agus Forbartha Tionsclaíche Chúige Santiago del Estero (PSPID) — Dlí Cúigeach Uimh. 6 750

Scéimeanna nua

(h) Aistriú díreach cistí: Clár maoinithe le haghaidh caipiteal oibre sa tionscal bithdhíosail

(i) Ioncam ligthe thar ceal tríd an Dlí Bithbhreoslaí nua 27 640/2021.

3.2. Cúlra bheartais fhabhracha Rialtas na hAirgintíne don tionscal bithdhíosail le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe

(35) Ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh, tá forbairt tagtha ar bheartais fhabhracha Rialtas na hAirgintíne maidir leis an tionscal bithdhíosail mar a mhínítear thíos.

(36) Cé go ndéantar anailís ar na forbairtí reachtacha a bhaineann le gach scéim fóirdheontais sna ranna faoi seach, ar leibhéal níos leithne, chuaigh Dlí 26093 maidir leis an gcreat rialála do bhithbhreoslaí, a achtaíodh in 2006 agus a ndearnadh anailís air san imscrúdú bunaidh ('Dlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí'), in éag i mí na Bealtaine 2021 ([14]). Dá bhrí sin, in 2021, cuireadh Dlí 27640 ('Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí') ina ionad, dlí a d'fhan i bhfeidhm le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ([15]).

(37) Le Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí, rinneadh foráil maidir le sainordú intíre bithdhíosail inar leithdháileadh cuótaí bithdhíosail míosúla ar tháirgeoirí intíre bithdhíosail nach bhfuil comhtháite go hingearach chun cumascóirí intíre a sholáthar ar phraghsanna seasta arna rialú ag an rialtas.

(38) Chun na críche sin, le Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí cuireadh feidhmeanna de chúram ar Rúnaíocht an Fhuinnimh mar údarás forfheidhmiúcháin amhail, i measc nithe eile: *'Táirgeadh, margaíocht agus úsáid inbhuanaithe bithbhreoslaí a rialáil, a riar agus a mhaoirsiú'*, *'iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh i bhfiontair agus i saoráidí chun bithbhreoslaí a tháirgeadh, a stóráil agus/nó a chumasc'*, *'na pionóis dá bhforáiltear'* sa Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí a chur i bhfeidhm, *'Ráthaíocht a dhéanamh maidir le hinfhaighteacht na n-ionchur is gá chun bithbhreoslaí a ullmhú don chumasc éigeantach, a bheith in ann eadráin a dhéanamh agus na sásraí a bhunú a mheasann sé is gá ionas go bhfaighfear iad sin de réir ghnáthdhálaí an mhargaidh agus gan aon saobhadh, lena mbunaítear mar theorainn, i gcás inarb infheidhme, praghas onnmhairiúcháin ionchur den sórt sin lúide na costais faoi seach'*, *'Leithdháiltí bithbhreoslaí a chinneadh chun an meascán éigeantach a sholáthar'*agus*'Na praghsanna a chinneadh* […] *ag a gcaithfear tráchtálú bithbhreoslaí, atá beartaithe don chumasc éigeantach le breoslaí iontaise*[…]*a dhéanamh'* ([16]).

(39) De bhun Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí, bhí an bithdhíosal a bheadh le soláthar faoin sainordú intíre faoi réir ceanglas maidir le hábhar logánta, a mhéid ba ghá é a *'tháirgeadh i ngléasraí arna suiteáil i bPoblacht na hAirgintíne ó amhábhair intíre'* ([17]). Le linn an fhíorúcháin ar an láthair, dheimhnigh Rialtas na hAirgintíne nár mhór gur de thionscnamh na hAirgintíne í an ola pónaire soighe a úsáidtear chun bithdhíosal a sholáthraítear laistigh den sainordú a tháirgeadh. Chiallaigh sé sin gur ghá an bithdhíosal a úsáideadh chun an sainordú cumaisc a chomhlíonadh a tháirgeadh i ngléasraí Airgintíneacha trí úsáid a bhaint as bunábhar a táirgeadh sa bhaile ([18]).

([14]) *Ley* 26093, *Régimen de Regulación y Promoción para la Producción y Uso Sustentables de Biocombustibles. Autoridad de aplicación. Funciones. Comisión Nacional Asesora. Habilitación de plantas productoras. Mezclado de Biocombustibles con Combustibles Fósiles. Sujetos beneficiarios del Régimen Promocional. Infracciones y sanciones.*

([15]) *Ley* 27640, *Marco Regulatorio de Biocombustibles: Aprobación.*

([16]) Airteagal 3, Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí.

([17]) Airteagal 4, Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí.

([18]) 'An Airgintín: Biofuels Annual', Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe (USDA) — Global Agriculture Information Network (GAIN) tuarascáil uimh. AR2021-0018, 18 Lúnasa 2021 ('Tuarascáil GAIN 2021), lch. 3, ar fáil ag: https://www.fas.usda.gov/data/argentina-biofuels-year-6 agus 'Argentina: Biofuels Annual', Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe (USDA) — Global Agriculture Information Network (GAIN) tuarascáil uimh. AR2023-0008, 26 Lúnasa 2023 ('Tuarascáil GAIN 2023'), lgh. 4-5, ar fáil ag: https://www.fas.usda.gov/data/argentina-biofuels-annual-8.

(40) Suíodh le Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí *'gurb iad na cuideachtaí a mhonaraíonn an bithbhreosla sin* […] *a sholáthróidh na cainníochtaí míosúla bithdhíosail nach ndéanann — go díreach nó go hindíreach, trína gcuideachtaí rialaithe agus/nó faoi rialú, gníomhaíochtaí a bhaineann le honnmhairiú bithdhíosail, agus/nó a phríomh-ionchuir'* ([19]). Dá bhrí sin, ní fhéadfadh ach cuideachtaí neamh-onnmhairiúcháin atá comhtháite go neamhingearach a bheith rannpháirteach sa sainordú bithdhíosail, cé nach bhféadfadh cuideachtaí móra a d'onnmhairigh bithdhíosal a dtáirge a sholáthar don chumasc éigeantach. Ní raibh baint ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte LDC Argentina S.A., Molinos Agro S.A. ('Molinos Agro') ná Viterra Argentina S.A. ('Viterra Argentina') leis an sainordú intíre. Go deimhin, seachas bithdhíosal a tháirgeadh agus a onnmhairiú, bhí siad uile gníomhach freisin i mbrú pónairí soighe ina n-ola pónaire soighe, a dhíol siad freisin le táirgeoirí bithdhíosail intíre, a raibh baint acu leis an sainordú intíre chun go dtáirgfidís a mbithdhíosal. Mar sin féin, chuimsigh Renova Group — seachas na táirgeoirí onnmhairiúcháin Molinos agus Viterra Argentina — cuideachtaí freisin a tháirg bithdhíosal don mhargadh náisiúnta agus/nó a tháirg bithdhíosal faoi dola do na táirgeoirí onnmhairiúcháin, a d'onnmhairigh ina dhiaidh sin é. Bhí baint ag na cuideachtaí sin leis an sainordú intíre.

(41) Leanann sé ón méid thuas, vice versa, go gcuirtear cosc dlíthiúil ar tháirgeoirí bithdhíosail a bhfuil baint acu leis an sainordú intíre onnmhairiú a dhéanamh, agus dá bhrí sin bhí Rialtas na hAirgintíne ag deighilt na margaí intíre agus onnmhairiúcháin agus na n-oibreoirí faoi seach.

(42) Ina theannta sin, *'Chun críocha an tsoláthair a thuairiscítear thuas, ní bhreithneofar* [ach] *cuideachtaí a chomhlíonann an t-áitreabh a bhunaítear leis an bhforáil seo atá údaraithe ag an údarás forfheidhmithe faoi chuimsiú Dhlí 26.093 maidir le bithdhíosal a sholáthar le haghaidh cumasc éigeantach, tráth ceadaithe an Dlí seo* […]' ([20]). Chiallaigh sé sin nach bhféadfadh ach cuideachtaí a bhí ina soláthróirí gníomhacha faoin sainordú roimhe seo faoi Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí a bheith ina soláthróirí faoin dlí nua.

(43) Ar dtús, faoin sainordú bithdhíosail faoi Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí, ba é 10 % an ráta cumaisc éigeantaigh bithdhíosail sa bhreosla a d'eascair as an gcumasc. Íslíodh an ráta sin le Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí agus socraíodh an ráta cumaisc éigeantach ag 5 % ([21]). De bhun Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí, d'fhéadfadh an Rúnaíocht Fuinnimh an ráta cumaisc a ísliú go 3 % fiú, mheas sí go n-éilíonn dálaí eacnamaíocha laghdú ar phraghsanna breosla, go háirithe *'nuair a d'fhéadfadh an méadú ar phraghsanna na n-ionchur bunúsach chun bithdhíosal a tháirgeadh praghas an bhreosla iontaise ag an gcaidéal a shaobhadh'* ([22]). I mí an Mheithimh 2022, áfach, le Rún 438/2022 ardaíodh an ráta cumaisc éigeantach go 7,5 % ([23]).

(44) Mar sin féin, ar feadh tréimhse 4 mhí ó lár mhí an Mheithimh 2022 go dtí lár mhí Dheireadh Fómhair 2022, díreach ag tús thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne Rialtas na hAirgintíne, le Foraithne 330/2022 agus Rún 638/2022, méadú 5 % go 12,5 % ar shainordú an bhithdhíosail go sealadach mar gheall ar ghanntanas díosail ar an margadh ([24]). Go heisceachtúil, i measc na gcuideachtaí a sholáthraigh an céatadán breise, ní hamháin go raibh cuideachtaí a mbíonn baint acu de ghnáth leis an sainordú intíre, ach bhí onnmhaireoirí bithdhíosail freisin ([25]). Go deimhin, ghlac Molinos Agros páirt ann. Thug Rialtas na hAirgintíne le fios go raibh an praghas ar an soláthar breise bithdhíosail sin saor in aisce, ach tugadh le fios i bhForaithne 330/2022 gur rialaíodh praghas an tsainordaithe shealadaigh bhreise sin i bhfoirm uasphraghais freisin ([26]).

(45) Dá bhrí sin, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ba é 12,5 % an ráta cumaisc éigeantach ar feadh leathmhíosa agus 7,5 % don chuid eile den tréimhse.

(46) Le linn an fhíorúcháin ar an láthair, mhínigh Rialtas na hAirgintíne go bhfuil margadh beag intíre le haghaidh bithdhíosail san Airgintín freisin lasmuigh den sainordú cumaisc. Sa mhargadh sin, is féidir le honnmhaireoirí bithdhíosail agus táirgeoirí bithdhíosail atá comhtháite go hingearach a bheith rannpháirteach freisin. Níor chomhfhreagair an margadh lasmuigh den sainordú sin ach do 1,5-2 % den mhargadh intíre iomlán le haghaidh bithdhíosail.

([19]) Airteagal 11(1), Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí.
([20]) Airteagal 11(3), Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí.
([21]) Airteagal 8, Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí.
([22]) Airteagal 8, Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí.
([23]) *Ministerio de Economía - Secretaría de Energía, Resolución* 438/2022, RESOL-2022-438-APN-SE#MEC.
([24]) *Decreto* 330/2022, DECNU-2022-330-APN-PTE - *Régimen de Corte Obligatorio Transitorio Adicional de Biodiésel* agus *Ministerio de Economía - Secretaría de Energía, Resolución* 638/2022, RESOL-2022-638-APN-SE#MEC.
([25]) Airteagal 2, Foraithne 330/2022.
([26]) Airteagal 4, Foraithne 330/2022.

(47) Thairis sin, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, go sonrach idir mí na Nollag 2022 agus mí Iúil 2023, bhí tionchar ag triomach tromchúiseach ar an Airgintín, rud a raibh tionchar diúltach aige ar tháirgeadh pónairí soighe, chomh maith le barra eile. Is féidir é sin a fheiceáil go soiléir i nGraf 1 ina léirítear laghdú mór ar tháirgeadh pónairí soighe, arbhair Indiaigh agus cruithneachta le linn na tréimhse sin (aithris (125)). Mar sin féin, d'fhan an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí freisin i bhfianaise an triomaigh agus tháinig méadú ar an táirgeadh tar éis an triomaigh, mar atá le feiceáil i nGraf 1. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur feiniméan sealadach a bhí sa triomach.

(48) Mar thoradh air sin, cé go gcomhlíonann táirgeadh pónairí soighe san Airgintín an t-éileamh go ginearálta, in 2023 chuaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i muinín allmhairiú pónairí soighe ó thíortha comharsanacha ar lú an tionchar a bhí ag an triomach orthu: Paragua, réigiúin thuaidh na Brasaíle, agus an Bholaiv. Deimhníodh an méid sin freisin le faisnéis a bhí ar fáil go poiblí ([27]).

(49) Allmhairíodh na pónairí soighe sin faoin gCóras Sealadach Allmhairiúcháin, mar a tharla san imscrúdú bunaidh. Faoin gCóras Sealadach Allmhairiúcháin, atá cosúil le córas Próiseála Isteach an Aontais, ní ghearrtar dleachtanna ar allmhairí a mhéid a phróiseáiltear an t-ionchur agus a athonnmhairítear an t-aschur a thagann as sin.

(50) Níor úsáideadh pónairí soighe a allmhairíodh faoin gCóras Sealadach Allmhairithe ach amháin chun min agus ola pónairí soighe a tháirgeadh agus a athonnmhairiú, seachas bithdhíosal. Go deimhin, oibríonn an Córas Sealadach Allmhairiúcháin ar bhonn cóimheas comhshó idir ionchur allmhairithe agus aschur ath-onnmhairithe, a bhféadfadh feidhm a bheith aige maidir le pónairí soighe a bhrú isteach i min agus ola pónairí soighe agus maidir leis an táirge sin a ath-onnmhairiú, ach ní oibríonn sé maidir le bithdhíosal a tháirgeadh agus a ath-onnmhairiú tuilleadh, ar an dara céim tháirgeachta iartheachtach sa slabhra luacha é.

(51) Ní fhéadfaí pónairí soighe allmhairithe a úsáid chun bithdhíosal a tháirgeadh ach amháin nuair a allmhairítear go hiarbhír iad, seachas allmhairí faoin gCóras Allmhairithe Sealadach. Níor tharla sé seo ar chúiseanna éagsúla. Ar an gcéad dul síos, bhí pónairí soighe (mar aon le hola pónaire soighe agus bithdhíosal) a allmhairíodh ó thíortha Mercosur (amhail Paragua, an Bhrasaíl agus Uragua) faoi réir cánach ar cheannacháin airgeadra eachtraigh ar a dtugtar *impuesto PAIS (Para una Argentina Inclusiva y Solidaria)*, arna ríomh mar ráta de luach CAL na n-allmhairí. Ina theannta sin, bhí pónairí soighe (mar aon le hola pónaire soighe agus bithdhíosal) a allmhairíodh ó thíortha nach tíortha Mercosur iad (amhail an Bholaiv) faoi réir dhleacht allmhairiúcháin choiteann Mercosur agus faoi réir táille staidrimh, sa bhreis ar an *impuesto PAIS*. Dá bhrí sin, tá sé costasach pónairí soighe a allmhairiú isteach san Airgintín agus dá bhrí sin níl sé tarraingteach ar bhonn eacnamaíoch. Ar an dara dul síos, mhínigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte go raibh sé níos deacra deimhniú inbhuanaitheachta a fháil le haghaidh pónairí soighe — a bhfuil gá leo le haghaidh ceann scríbe onnmhairiúcháin áirithe, go háirithe an tAontas — a allmhairítear ó Pharagua agus ón mBrasaíl, i gcomparáid le pónairí soighe a tháirgtear san Airgintín. Bhain sé sin, go háirithe, le comhlíonadh faoi rialacha dífhoraoisithe, rud nach mbaineann le machairí móra gan chrainn de chuid na hAirgintíne. Ar deireadh, níor mhór bithdhíosal a úsáideadh chun an sainordú cumaisc a chomhlíonadh (arb é an chuid is mó den mhargadh intíre é, mar a léirítear in aithris (46)) a tháirgeadh i ngléasraí na hAirgintíne agus úsáid á baint as bunábhar a tháirgtear sa bhaile. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí pónairí soighe allmhairithe a úsáid ach amháin i dtáirgeadh bithdhíosail don mhargadh baile beag bídeach atá fágtha lasmuigh den sainordú nó do na margaí onnmhairiúcháin, agus baineann an easpa réasúnaíochta eacnamaíche agus na saincheisteanna deimhniúcháin a bhfuil tuairisc tugtha orthu díreach thuas leis an gcás deireanach sin.

3.3. **Scéimeanna a imscrúdaíodh agus a frithchúitíodh ar dtús**

3.3.1. ***Tacaíocht an Rialtais don tionscal bithdhíosail lena n-áirítear trí phónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach***

(52) Thagair an t-iarratasóir san iarraidh do thorthaí an Choimisiúin san imscrúdú bunaidh gur chuir Rialtas na hAirgintíne de chúram ar na saothróirí pónairí soighe nó gur threoraigh sé dóibh a bheartas a chur i gcrích chun margadh intíre roinnte a chruthú agus pónairí soighe a sholáthar do thionscal an bhithdhíosail ar íocaíocht nach leordhóthanach. Thairis sin, san imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún freisin gur bhronn Rialtas na hAirgintíne sochar arb é a bhí ann an difríocht idir na praghsanna a d'íoc táirgeoirí bithdhíosail intíre agus an praghas a d'íocfaidís dá mbeadh dálaí margaidh san Airgintín i réim le haghaidh pónairí soighe. Ina theannta sin, fuarthas amach go raibh sraith beart Rialtas na hAirgintíne sonrach toisc go raibh na bearta teoranta do ghrúpa fiontar nó tionscal, lena n-áirítear an tionscal bithdhíosail intíre.

([27]) https://www.datamarnews.com/noticias/the-end-of-sojizacion-argentinas-new-path-as-soybean-importer/

(53) Mhaígh an tIarratasóir go raibh na bearta sin fós infheidhme agus go mbeidh siad fós ar fáil do thionscal bithdhíosail na hAirgintíne sna blianta amach romhainn. Líomhnaítear go gcuireann na bearta sin ar chumas thionscal bithdhíosail na hAirgintíne amhábhar a cheannach ar chostais níos ísle, chun borradh a chur faoi tháirgeadh agus onnmhairí bithdhíosail.

3.3.1.1. **Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán**

(54) An 20 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na hAirgintíne go bhféadfadh sé go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán le linn dó scrúdú a dhéanamh ar an tacaíocht líomhnaithe a deonaíodh do thionscal an bhithdhíosail, agus ar mhéid na tacaíochta sin, lena n-áirítear trí phónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach ar na cúiseanna a leagtar amach thíos.

(55) Ar an gcéad dul síos, sa cheistneoir, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na hAirgintíne sonraí teagmhála (ainmneacha, seoltaí agus ríomhphost) na gcuideachtaí uile a sholáthraíonn pónairí soighe agus ola pónaire soighe chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh a chur ar fáil.

(56) Ina fhreagairt, níor sholáthair Rialtas na hAirgintíne ach ainmneacha agus seoltaí na n-oibreoirí slabhra luacha a raibh baint acu le dáileadh ola pónaire soighe ach níor sholáthair siad ainmneacha agus seoltaí na soláthróirí pónairí soighe. Mhínigh Rialtas na hAirgintíne nár sholáthair sé ach an fhaisnéis ar mheas sé nach sáródh a fhoráil na srianta dlíthiúla a bunaíodh chun rúndacht na gcuideachtaí a chosaint de réir Dhlí Uimh. 17622 (go háirithe Airteagail 11 agus 13 de) agus rialacha comhlántacha.

(57) Ina litir easnaimh, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a iarraidh a mhéid a bhain le sonraí teagmhála táirgeoirí pónairí soighe, ós rud é gur sholáthair Rialtas na hAirgintíne líon iomlán na dtáirgeoirí pónairí soighe san Airgintín, a fuarthas ó Chóras Faisnéise Talmhaíochta Simplithe Riarachán Cónaidhme na gCoimisinéirí Ioncaim Poiblí, agus gur cheart, dá bhrí sin, an fhaisnéis sin a bheith ina sheilbh aige.

(58) Mar fhreagairt air sin, dúirt Rialtas na hAirgintíne nach bhféadfaí faisnéis na gcuideachtaí lena mbaineann a sholáthar toisc gur cumhdaíodh í ní hamháin le Dlí Uimh. 17622, ach gur cosnaíodh í freisin le hAirteagal 101 de Dhlí Uimh. 11683 maidir le rúndacht fhioscach, agus dá bhrí sin nach bhféadfaí í a chur isteach faoi chuimsiú an imscrúdaithe.

(59) Ar an dara dul síos, sa cheistneoir, d'iarr an Coimisiún freisin ar Rialtas na hAirgintíne na 10 dtáirgeoir is mó (i) de phónairí soighe, agus (ii) d'ola pónaire soighe san Airgintín a chur in iúl agus an méid seo a leanas a sholáthar, i gcás gach ceann díobh: (a) ainmneacha, (b) suíomhanna, agus (c) staid shealbhaíochta an fhiontair (e.g. faoi úinéireacht Stáit, faoi chomhúinéireacht, faoi úinéireacht phríobháideach, faoi úinéireacht eachtrach). Ina theannta sin, i gcás gach ceann de na 10 dtáirgeoir agus dáileoir is mó (i) de phónairí soighe, agus (ii) d'ola pónaire soighe san Airgintín, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na hAirgintíne sonraí chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí agus na bainistíochta a thabhairt, agus na comhaltaí sin ar oifigigh rialtais iad freisin nó a bhfuil post acu in aon údarás rialtais nó comhlacht poiblí a shainaithint.

(60) Ina fhreagra, dúirt Rialtas na hAirgintíne gur cumhdaíodh an fhaisnéis a iarradh le Dlí Uimh. 17622 agus rialacháin chomhlántacha agus nach bhféadfaí í a sholáthar.

(61) Ina litir easnaimh, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a iarraidh thuasluaite, agus freagra Rialtas na hAirgintíne ar an gceistneoir á thabhairt dá aire aige agus a thuiscint tosaigh ar raon feidhme Dhlí Uimh. 17622 á léiriú aige, agus luaigh sé freisin roinnt cásanna eile inar chosúil gur sholáthair soláthróirí pónaire soighe sonraí ábhartha d'údaráis lárnacha agus chúigeacha, ar sonraí iad a d'fhéadfadh nach dtiocfadh faoi raon feidhme Dhlí Uimh. 17622. Ina theannta sin, d'fhiosraigh an Coimisiún ar cuireadh staid shealbhaíochta cuideachta, chomh maith le comhdhéanamh a Bhoird Stiúrthóirí, ar fáil go ginearálta do chlárlann na gcuideachtaí.

(62) Ina fhreagairt, shoiléirigh Rialtas na hAirgintíne go gcosnaítear faisnéis na Rúnaíochta Talmhaíochta, Beostoic agus Iascaigh faoi Dhlí Uimh. 17622, agus dá bhrí sin nach bhféadfaí í a chur isteach faoi chuimsiú an imscrúdaithe. Ina theannta sin, mhínigh Rialtas na hAirgintíne go mbunaíonn agus go n-oibríonn gach cúige agus críoch fhéinrialaitheach san Airgintín a clárlann cuideachtaí féin agus d'admhaigh sé go gcuirtear struchtúr sealbhaíochta cuideachta agus a Bhoird Stiúrthóirí in iúl do chlárlann Chathair Fhéinrialaitheach Buenos Aires, mar shampla. Mar sin féin, bhí an fhaisnéis a bhí ar fáil maidir le struchtúr sealbhaíochta cuideachta ag brath ar eagrú dlíthiúil an eintitis, agus d'fhéadfaí dul i gcomhairle le hainm agus sloinne chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí, ach ní raibh gach ceann acu oscailte do rochtain phoiblí, agus dá bhrí sin níorbh fhéidir iad a chur isteach faoi chuimsiú an imscrúdaithe.

(63) Ar an tríú dul síos, sa cheistneoir, d'iarr an Coimisiún freisin ar Rialtas na hAirgintíne Foscríbhinn A (ceistneoir le haghaidh soláthróirí ionchuir) a chur ar aghaidh chuig (i) na 10 dtáirgeoir agus dáileoir is mó de na hábhair ionchuir atá i gceist, chomh maith le (ii) chuig aon táirgeoir agus dáileoir eile pónairí soighe agus ola pónaire soighe a sholáthair ionchuir don dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte. I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na hAirgintíne gur iarr sé ar gach cuideachta chomhoibríoch liosta a ullmhú dá soláthróirí uile de na hábhair ionchuir a bhí i gceist agus chuir sé in iúl do Rialtas na hAirgintíne comhordú a dhéanamh leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. D'iarr an Coimisiún fianaise freisin (cóip de ríomhphost, litir nó facs) inar léiríodh gur sheol Rialtas na hAirgintíne Foscríbhinn A chuig na táirgeoirí agus na dáileoirí ábhartha chomh maith le cruthúnas, dá bhféadfaí sin a dhéanamh, go bhfuair na táirgeoirí agus na dáileoirí Foscríbhinn A (e.g. admháil fála).

(64) Ina fhreagra, níor chuir Rialtas na hAirgintíne an fhaisnéis a iarradh ar fáil agus níor shonraigh sé an raibh an fhaisnéis sin ina sheilbh cheana féin nó ar chuir sé Foscríbhinn A ar aghaidh chuig na táirgeoirí ionchuir agus na dáileoirí ábhartha. Níor luaigh sé ach go raibh an fhaisnéis a iarradh cumhdaithe ag Dlí 17622 agus ag comhlánú an rialacháin agus, dá bhrí sin, nach bhféadfaí í a sholáthar.

(65) Ina litir easnaimh, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a iarraidh, ag soiléiriú nach raibh an Coimisiún ag lorg faisnéise ó Rialtas na hAirgintíne, ach cúnamh Rialtas na hAirgintíne amháin chun an fhaisnéis a fháil ó sholáthróirí pónaire soighe.

(66) Ina fhreagra, shoiléirigh Rialtas na hAirgintíne gur thuig sé go hiomlán an iarraidh a rinne an Coimisiún, ach d'athdhearbhaigh sé nach raibh bunús dlí aige faoina bhféadfaí an fhaisnéis a bhí á lorg a sholáthar, ós rud é go raibh sonraí na gcuideachtaí i gceist faoi chosaint Airteagal 101 de Dhlí 11.683 maidir le rúndacht cánach, agus dá bhrí sin nach bhféadfaí iad a chur isteach faoi chuimsiú an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais atá ar siúl faoi láthair. Arís eile, ina fhreagra, níor shonraigh Rialtas na hAirgintíne cé acu a chuir nó nár chuir sé Foscríbhinn A ar aghaidh chuig na táirgeoirí ionchuir agus na dáileoirí ábhartha, agus níor chuir sé fianaise ar ghníomhaíocht den sórt sin ar fáil ach oiread.

(67) Le linn an fhíorúcháin ar an láthair, d'ardaigh an Coimisiún na hábhair sin arís le Rialtas na hAirgintíne.

(68) Mar fhreagairt air sin, seachas na hoibleagáidí rúndachta a raibh údaráis na hAirgintíne faoi cheangal acu a chur in iúl arís, dúirt Rialtas na hAirgintíne freisin go raibh sé dodhéanta do Rialtas na hAirgintíne liosta de na táirgeoirí pónairí soighe cláraithe a sholáthar, ar an gcéad dul síos, toisc gur athraigh líon na dtáirgeoirí pónairí soighe ó shéasúr na mbarr go séasúr eile, agus ar an dara dul síos, toisc go raibh thart ar 60,000 táirgeoir pónairí soighe ann gach bliain bairr. Mhínigh Rialtas na hAirgintíne freisin go bhfuil cás na gcumascóirí bithdhíosail difriúil, agus dá bhrí sin, go raibh sé in ann ainmneacha agus sonraí teagmhála na gcumascóirí bithdhíosail a sholáthar sa fhreagra ar an gceistneoir. Is amhlaidh atá toisc, i gcodarsnacht le táirgeoirí pónairí soighe, nach mór do chumascóirí clárú i gclárlann atá ar fáil go poiblí chun a ngníomhaíocht ghnó a dhéanamh. In aithris (80) thíos, áfach, shuigh an Coimisiún go bhféadfadh Rialtas na hAirgintíne an fhaisnéis a iarradh a ullmhú trí rochtain a fháil ar bhunachair sonraí údaráis chánach na hAirgintíne.

(69) Mar fhocal scoir, maidir le soláthar líomhnaithe pónairí soighe ar íocaíocht nach leordhóthanach, dhiúltaigh Rialtas na hAirgintíne rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise ba ghá agus níor chuir sé an fhaisnéis agus an fhianaise sin ar fáil mar a d'iarr an Coimisiún ina cheistneoir, sa litir easnaimh agus le linn na cuairte fíorúcháin ar an láthair.

(70) Ós rud é nach raibh dóthain comhair ann, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an fhaisnéis ar fad a mheas sé a raibh gá leis chun torthaí an imscrúdaithe sin a bhailiú. Go sonrach, ní raibh an Coimisiún in ann faisnéis ná sonraí a fháil maidir le táirgeoirí pónairí soighe agus ola pónaire soighe agus maidir leis an tionchar a bheadh ag cáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe, ar ola pónaire soighe agus ar bhithdhíosal (féach aithris (101) agus aithris (123)) ar tháirgeadh agus ar iompraíocht praghsanna táirgeoirí pónairí soighe agus ola pónaire soighe, agus ar an soláthar do tháirgeoirí bithdhíosail.

(71) Áiríodh san fhaisnéis sin céannacht na dtáirgeoirí pónairí soighe agus ola pónaire soighe, an méid úinéireachta agus rialaithe Stáit ar an gceann is mó ina measc, iompraíocht agus cinntí na dtáirgeoirí pónairí soighe agus ola pónaire soighe a raibh na cánacha onnmhairiúcháin orthu agus a n-athruithe, a straitéisí táirgthe agus an fhéidearthacht athrú go barra malartacha, infhaighteacht agus rochtain ar thalamh arúil, gnéithe margaidh agus dinimic maidir leis an idirdhealú idir cuideachtaí móra agus FBManna, na bealaí díolacháin agus margaíochta agus straitéisí dá margaí intíre agus onnmhairiúcháin, na praghsanna agus na beartais phraghsála ina margaí intíre agus onnmhairiúcháin, tionchar an phraghais idirnáisiúnta ar a mbeartais phraghsála, staid na hiomaíochta ar bhonn intíre agus i margaí onnmhairiúcháin, a mbrabúsacht thar na blianta, tionchar na ró-acmhainneachta agus na straitéisí stoc-charntha a d'fhéadfadh a bheith ann, allmhairí agus onnmhairí a bpríomhchustaiméirí ar bhonn intíre agus i margaí onnmhairiúcháin lena n-áirítear ról thionscal na mbrúiteoirí agus an breisluach a bhain tionscal na mbrúiteoirí amach chomh maith le hiomaíocht thionscal na mbrúiteoirí san Airgintín agus i margaí idirnáisiúnta.

(72) Bhí gá leis an bhfaisnéis, leis na sonraí agus leis na doiciméid sin go léir, mar, gan iad, bhí deacrachtaí tromchúiseacha ann teacht ar chonclúid chruinn chuí-réasúnaithe maidir leis na torthaí go rabhthas ag leanúint den fhóirdheonú, maidir leis an scéim fóirdheontais líomhnaithe, arb é a bhí i gceist léi pónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach. Mar thoradh air sin, chuir easpa na faisnéise riachtanaí sin go léir bac mór ar an imscrúdú.

(73) Mar thoradh ar an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir le Rialtas na hAirgintíne:

— go ndearnadh rochtain ar an bhfaisnéis riachtanach a iarradh a dhiúltú (i) maidir le sonraí teagmhála sholáthróirí na bpónairí soighe, (ii) maidir le hainm, suíomh, staid shealbhaíochta, agus sonraí chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí agus bainistíocht — lena n-áirítear an gaol atá acu le Rialtas na hAirgintíne — na 10 dtáirgeoir pónaire soighe agus ola pónaire soighe is mó san Airgintín, agus (iii) in Aguisín A a ghabhann leis na soláthróirí ábhartha pónaire soighe agus ola pónaire soighe, lena n-áirítear fianaise lena léirítear gur sheol Rialtas na hAirgintíne Foscríbhinn A chuig na táirgeoirí agus na dáileoirí ábhartha;

— Níor chuir sé an fhaisnéis riachtanach ar fáil maidir le (i) sonraí teagmhála sholáthróirí na bpónairí soighe, agus (ii) ainm, suíomh, staid shealbhaíochta, agus sonraí chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí agus bainistíocht — lena n-áirítear an gaol atá acu le Rialtas na hAirgintíne — na 10 dtáirgeoir pónaire soighe agus ola pónaire soighe is mó san Airgintín, ina fhreagraí laistigh den sprioc-am; agus

— Chuir sé bac mór ar an imscrúdú toisc nár sholáthair sé an fhaisnéis ba ghá a iarradh maidir le (i) sonraí teagmhála sholáthróirí na bpónairí soighe, agus (ii) ainm, suíomh, staid shealbhaíochta, agus sonraí chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí agus bainistíocht — lena n-áirítear an gaol atá acu le Rialtas na hAirgintíne — na 10 dtáirgeoir pónaire soighe agus ola pónaire soighe is mó san Airgintín, ina fhreagraí laistigh den sprioc-am.

(74) Ar an mbonn sin, an 20 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na hAirgintíne go raibh sé ar intinn aige Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus d'iarr sé ar Rialtas na hAirgintíne barúlacha a thabhairt.

(75) An 27 Eanáir 2025, chuir Rialtas na hAirgintíne a bharúlacha ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán atá beartaithe. Chuir CARBIO a bharúlacha in iúl i ndáil leis sin freisin.

(76) Go bunúsach, d'admhaigh Rialtas na hAirgintíne go raibh cuid den fhaisnéis a cuireadh ar fáil neamhiomlán nó nach raibh an leibhéal ná an mionsonra a iarradh inti, go háirithe maidir le táirgeoirí pónairí soighe, ach níor aontaigh sé le cáilíocht na heaspa comhair sin mar dhiúltú an fhaisnéis is gá a chur ar fáil agus bac mór ar an imscrúdú. I dtuairim Rialtas na hAirgintíne, thug an easpa faisnéise riachtanaí cur síos níos fearr ar imthosca an cháis.

(77) Go háirithe, ar an gcéad dul síos, mheabhraigh Rialtas na hAirgintíne agus CARBIO gur bhain an t-athbhreithniú éaga atá ann faoi láthair le bithdhíosal, ar ionchur ina leith í ola pónaire soighe — seachas pónairí soighe. Dá bhrí sin, ní bheadh baint indíreach ag táirgeadh pónairí soighe ach le táirgeadh bithdhíosail agus ní faisnéis riachtanach a bheadh ann. Mar sin féin, leathnaigh an Coimisiún a anailís go héagórach chuig an slabhra luacha réamhtheachtach iomlán.

(78) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire gur iarr sé an fhaisnéis is gá chun anailís a dhéanamh ar an líomhain maidir le fóirdheonú arna foirmliú ag an iarratasóir san iarraidh, a bhain go háirithe le soláthar pónairí soighe — príomh-bhunábhar bithdhíosail — ar íocaíocht nach leordhóthanach chun tairbhe táirgeoirí bithdhíosail. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

(79) Ar an dara dul síos, shoiléirigh Rialtas na hAirgintíne nár bhailigh sé ná nár choinnigh sé liosta de tháirgeoirí pónairí soighe mar a d'iarr an Coimisiún agus dá bhrí sin nach raibh sé in ann an fhaisnéis sin a chur ar fáil.

(80) Níor aontaigh an Coimisiún nach bhféadfadh Rialtas na hAirgintíne an fhaisnéis sin a chur ar fáil, rud a bhí riachtanach don imscrúdú. Go háirithe, thug an Coimisiún dá aire gur mhínigh Rialtas na hAirgintíne, ina bharúlacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 28 den bhun-Rialachán, go mbeadh gá le rochtain ar bhunachair sonraí údaráis chánach na hAirgintíne chun an fhaisnéis a iarradh a ullmhú, rud a dheimhníonn go bhféadfadh Rialtas na hAirgintíne an fhaisnéis a iarradh a ullmhú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún deireadh le cáilíocht na rochtana diúltaithe ar fhaisnéis riachtanach agus le bac mór ar an imscrúdú i ndáil le sonraí teagmhála na soláthróirí pónaire soighe, agus tháinig sé ar an gconclúid nár chuir Rialtas na hAirgintíne an fhaisnéis riachtanach a iarradh ar fáil. Mar sin féin, gan beann ar an gcáilíocht, d'fhan an easpa comhair ó thaobh Rialtas na hAirgintíne de, i bhfoirm mainneachtain an fhaisnéis is gá a sholáthar, agus bhí an fhaisnéis ba ghá a iarradh fós ar iarraidh ón gCoimisiún agus chuir sé Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán i bhfeidhm.

(81) Ar an tríú dul síos, mhínigh Rialtas na hAirgintíne gur chuir sé an fhaisnéis uile a bhí ar fáil dó ar fáil ach gur cuireadh bac dlíthiúil air cineálacha eile faisnéise a sholáthar, go háirithe iad siúd a bhaineann le hainm, suíomh, staid shealbhaíochta, agus sonraí chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí agus bainistíocht — lena n-áirítear a gcaidreamh le Rialtas na hAirgintíne — na 10 dtáirgeoir pónaire soighe agus ola pónaire soighe is mó san Airgintín

(82) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil rialacha agus oibleagáidí mionsonraithe sa Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh don údarás imscrúdúcháin chun faisnéis rúnda a chosaint. Mheas an Coimisiún, mura gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil, go bhfuil cead ag an údarás imscrúdúcháin dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún cáilíocht an diúltaithe a choinneáil ar bun chun an fhaisnéis ba ghá a sholáthar agus bac mór ar an imscrúdú i ndáil leis an bhfaisnéis faoi na 10 dtáirgeoir pónaire soighe agus ola pónaire soighe is mó san Airgintín, agus dhiúltaigh sé don mhaíomh sin.

(83) Ar deireadh, cháin Rialtas na hAirgintíne an liosta faisnéise nach raibh an Coimisiún in ann a fháil in aithris (71) thuas, agus mhaígh sé, ar an gcéad dul síos, nár fhreagair liosta na dtáirgeoirí pónairí soighe don fhaisnéis sin a bhí in easnamh, ar an dara dul síos, gur fhreagair Rialtas na hAirgintíne roinnt den fhaisnéis sin le linn an fhíorúcháin, agus, ar an tríú dul síos, go raibh foinsí iontaofa eile ann nach raibh faoi cheangal ag na ceanglais dhlíthiúla chéanna de chuid Rialtas na hAirgintíne, go háirithe na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte maidir le faisnéis a bhaineann leis an mbrabúsacht agus leis an mbreisluach a bhaineann le brú. I ndáil leis an méid sin, chuir Comhlachas na hAirgintíne de Shlabhra Luacha na Pónaire Soighe (*Asociación de la Cadena de la Soja Argentina* – 'ACSOJA') faisnéis ar fáil freisin maidir leis an gcumas aistriú idir barra agus cinntí a bhaineann leis an margadh.

(84) Thug an Coimisiún dá aire go raibh an fhaisnéis a liostaítear in aithris (71) thuas ann, ní hamháin mar gheall ar easpa soláthair an liosta de tháirgeoirí pónairí soighe, ach mar gheall ar easpa soláthair na faisnéise uile a iarradh freisin, faisnéis a liostaítear in aithris (73) thuas. Ina theannta sin, níor chuir an Coimisiún an fhaisnéis eile a chuir Rialtas na hAirgintíne ar fáil i leataobh, ach d'fhéadfaí faisnéis níos cruinne a fháil go díreach ó tháirgeoirí na bpónairí soighe, dá gcuirfeadh Rialtas na hAirgintíne Foscríbhinn A ar aghaidh chucu. Ar deireadh, ní raibh fadhb ag an gCoimisiún leis an bhfaisnéis a chuir Rialtas na hAirgintíne agus ACSOJA ar fáil le linn an fhíorúcháin, ar faisnéis í nach bhfuil leordhóthanach chun teacht in ionad na faisnéise nár cuireadh ar fáil agus nach bhfuil tionchar aici ar cháilíocht easpa comhair Rialtas na hAirgintíne. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(85) Mar chonclúid, in éagmais na faisnéise riachtanaí, bhraith an Coimisiún go páirteach ar fhíorais a bhí ar fáil dá thorthaí maidir leis na gnéithe den imscrúdú a liostaítear in aithrisí (70) agus (71) i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán.

(86) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Rialtas na hAirgintíne nach raibh liosta de tháirgeoirí pónairí soighe aige.

(87) Mar a léirítear in aithris (80), níor chuir an Coimisiún isteach go raibh liosta den sórt sin i seilbh Rialtas na hAirgintíne, ach thug sé dá aire gur dheimhnigh Rialtas na hAirgintíne go bhféadfaí an fhaisnéis a iarradh sa liosta a ullmhú agus a chur isteach.

(88) Thairis sin, mhaígh Rialtas na hAirgintíne go mbeadh gá ní hamháin le rochtain ar na sonraí chun liosta den sórt sin a ullmhú, chomh maith leis an gceistneoir a chur ar aghaidh chuig na deich soláthraí is mó de phónairí soighe agus d'ola pónaire soighe, ach freisin chun na forálacha dlíthiúla lena gcuirtear cosc ar Rialtas na hAirgintíne faisnéis den sórt sin a roinnt le tríú páirtí a shárú. I ndáil leis sin, mhaígh Rialtas na hAirgintíne gur agair an Coimisiún rialacha an Chomhaontaithe maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh go mícheart agus d'áitigh sé, an oibleagáid atá ar oifigigh rialtais i ndáil le rochtain agus comhroinnt cineál áirithe faisnéise, go bhfuil an oibleagáid sin neamhspleách ar aon nós imeachta chun faisnéis rúnda a chuirtear ar fáil sa Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh a láimhseáil agus nach mbaineann sí le haon nós imeachta den sórt sin.

(89) Thairis sin, mhaígh Rialtas na hAirgintíne go raibh an Coimisiún ar an eolas faoi na teorainneacha sin ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh agus gur cheart dó na táirgeoirí pónairí soighe sonracha a mheas sé a bheith ríthábhachtach chun páirt a ghlacadh san imscrúdú seo a léiriú. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgeoirí sin, ní bheadh feidhm ag na srianta ar Rialtas na hAirgintíne, agus d'fhéadfaí na ceistneoirí a dhíriú orthu.

(90) Mheas an Coimisiún go gcumhdaítear le raon feidhme an Chomhaontaithe maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh cás ina bhfuil oifigigh rialtais faoi cheangal ag oibleagáidí rúndachta náisiúnta, mar a mhínítear cheana in aithris (82). Murach sin, d'fhéadfadh an ball a ndéantar imscrúdú air oibleagáidí rúndachta náisiúnta a agairt i gcónaí chun gan comhar a sholáthar i gcomhthéacs imscrúdú frith-fhóirdheontais. Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún an fhaisnéis rúnda a chuirtear ar fáil a chosaint. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 29(6) den bhun-Rialachán, ní féidir leis an gCoimisiún an fhaisnéis a bhailítear a úsáid chun aon chríche eile, toisc nach n-úsáidfear an fhaisnéis a fhaightear le linn imscrúdú frith-fhóirdheontais ach amháin chun na críche ar iarradh í ina leith. Thug an Coimisiún dá aire freisin nach bhféadfadh sé a bheith ar an eolas roimh ré maidir leis an srian ar Rialtas na hAirgintíne faisnéis den sórt sin a chur ar fáil bunaithe ar imscrúdú roimhe seo, ós rud é go bhféadfadh athrú a bheith tagtha ar imthosca. Ós rud é nár chuir Rialtas na hAirgintíne liosta de tháirgeoirí pónairí soighe isteach riamh san imscrúdú bunaidh ná san athbhreithniú seo, agus nach bhféadfadh an Coimisiún a bheith ar an eolas faoi aon cheann de na táirgeoirí sin ná iad a shainaithint. Níos tábhachtaí fós, níor mhol Rialtas na hAirgintíne é sin mar réiteach féideartha ach amháin tar éis an nochta deiridh, i.e. ag céim an-déanach den imscrúdú nuair nárbh fhéidir é a chur chun feidhme a thuilleadh, agus níor mhínigh sé cén fáth nach mbeadh feidhm ag srianta rúndachta. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(91) Chuir Rialtas na hAirgintíne sraith dearbhuithe ar fáil freisin chun aghaidh a thabhairt ar an easpa faisnéise a liostaítear in aithris (71) thuas, agus míníodh thuairim Rialtas na hAirgintíne ar gach ceann díobh sin nó rinneadh tagairt do na freagraí a chuir Rialtas na hAirgintíne ar fáil i gcomhthéacs an athbhreithnithe éaga seo.

(92) Mhínigh an Coimisiún cheana féin in aithris (84) nach raibh aon fhadhb aige leis an bhfaisnéis a chuir Rialtas na hAirgintíne ar fáil, ach bhí fadhb aige leis an bhfaisnéis nár chuir Rialtas na hAirgintíne ar fáil nó nár cuireadh ar fáil trí Rialtas na hAirgintíne, go háirithe toisc nár chuir Rialtas na hAirgintíne Foscríbhinn A ar aghaidh chuig na soláthróirí ábhartha riamh. I bhFoscríbhinn A, níor lorg an Coimisiún tuairim Rialtas na hAirgintíne maidir leis an bhfaisnéis a iarradh ar na soláthróirí pónaire soighe agus ola pónaire soighe. Rinne an Coimisiún imscrúdú cheana féin agus bhí sé ar an eolas faoi thuairim Rialtas na hAirgintíne a bhuí leis an bhfreagra a thug Rialtas na hAirgintíne ar an gceistneoir, cé go raibh an freagra sin neamhiomlán. Ina ionad sin, d'iarr an Coimisiún tuairim na soláthróirí agus faisnéis uathu, agus é á chur san áireamh aige gurbh é a bhí sa scéim a imscrúdaíodh pónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

3.3.1.2. Anailís

(93) Chun a shuí gurb ann d'fhóirdheontas in-fhrithchúitithe, ní mór trí eilimint a bheith ann: (a) ranníocaíocht airgeadais nó tacaíocht ioncaim/praghais; (b) sochar; agus (c) sainiúlacht.

(94) Chun teacht ar chonclúid maidir leis an gcéad ghné, rinne an Coimisiún anailís i dtaobh an raibh ranníocaíocht airgeadais mar thoradh ar an tacar beart a ghlac Rialtas na hAirgintíne i bhfoirm pónairí soighe a sholáthar ag an rialtas ar íocaíocht níos lú ná luach saothair leordhóthanach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin bithdhíosail na hAirgintíne, de réir Airteagal 3(1)(a) den bhun-Rialachán, agus/nó an dtagann an tacar beart a ghlac Rialtas na hAirgintíne faoi chatagóir na tacaíochta ioncaim/praghais sa tionscal bithdhíosail, de réir Airteagal 3(1)(b) den bhun-Rialachán.

3.3.1.3. Ranníocaíocht airgeadais

(95) Mar a tharla san imscrúdú bunaidh, thug an Coimisiún faoi deara gur cheannaigh gach cuideachta shampláilte pónairí soighe ar bhonn intíre ó chuideachtaí comhlachaithe nó neamhchomhlachaithe chun iad a phróiseáil ina n-ola pónaire soighe agus ina dhiaidh sin ina mbithdhíosal. Níor cheannaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ola pónaire soighe chun tuilleadh próiseála a dhéanamh ar bhithdhíosal (cé is moite de cheannacháin dhiomaibhseacha ag ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, a chomhfhreagraíonn do 0,004 % dá mhéid ceannaigh pónaire soighe agus ola pónaire soighe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe), toisc gur bhrúigh siad na pónairí soighe isteach in ola pónaire soighe iad féin mar chéim idirmheánach chun bithdhíosal a tháirgeadh. Dá bhrí sin, díríonn an anailís sna fo-ranna seo a leanas ar cé acu a chuir nó nár chuir Rialtas na hAirgintíne pónairí soighe (seachas ola pónaire soighe) ar fáil ar íocaíocht nach leordhóthanach.

(96) Luaitear sa dara fleasc d'Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán go bhfuil ranníocaíocht airgeadais ann más rud é go ndéanann rialtas: a chur de chúram ar chomhlacht príobháideach nó a ordú dó cineál amháin nó níos mó de na feidhmeanna atá léirithe i bpointe (i), i bpointe (ii) agus i bpointe (iii) a dhéanamh, feidhmeanna a chuirfí de chúram de ghnáth ar an rialtas, agus níl aon difríocht ann i ndáiríre idir an cleachtas agus na cleachtais a leanann rialtais de ghnáth'. Cineál na bhfeidhmeanna a thuairiscítear in Airteagal 3(1)(a)(iii) den bhun-Rialachán i gcás ina soláthraíonn rialtas earraí nó seirbhísí seachas bonneagar ginearálta, nó ina gceannaíonn sé earraí...'. Tá na forálacha sin ar aon dul le mír (iii) agus le mír (iv) d'Airteagal 1.1(a)(1) den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh agus ba cheart iad a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i bhfianaise chásdlí ábhartha EDT.

(97) I gcomhréir le cásdlí ábhartha EDT, d'athbhreithnigh ([28]) an Coimisiún an raibh torthaí an imscrúdaithe bunaidh maidir le (i) cineál idirghabháil Rialtas na hAirgintíne (i.e. an mbaineann idirghabháil Rialtas na hAirgintíne le cúram a chur ar tháirgeoirí pónairí soighe nó treoir a thabhairt dóibh), (ii) cineál na gcomhlachtaí ar cuireadh cúram orthu (i.e. an comhlachtaí príobháideacha iad saothróirí pónaire soighe de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán), agus (iii) an raibh gníomhaíocht na gcomhlachtaí ar cuireadh cúram orthu nó na gcomhlachtaí dírithe (i.e. ar chuir saothróirí pónaire soighe ar iontaoibh nó treoraithe pónairí soighe ar fáil do thionscal bithdhíosail na hAirgintíne ar íocaíocht nach leordhóthanach agus, dá bhrí sin, an ngníomhaíonn siad mar ionadaí do Rialtas na hAirgintíne), fós bailí san athbhreithniú reatha. Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfianaise uile a bhí san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus sna hiarscríbhinní comhfhreagracha maidir le leanúint an bhirt, mar aon leis an bhfianaise a aimsíodh le linn an imscrúdaithe. D'fhíoraigh an Coimisiún freisin an mbeadh an fheidhm a dhéanann táirgeoirí pónairí soighe curtha de chúram ar an rialtas de ghnáth (i.e. an féidir soláthar pónairí soighe ar íocaíocht nach leordhóthanach do chuideachtaí táirgthe ola pónaire soighe san Airgintín a mheas mar ghnáthghníomhaíocht rialtais) agus an bhfuil an fheidhm sin difriúil, i ndáiríre, ó na cleachtais a leanann rialtais de ghnáth (i.e. an bhfuil soláthar iarbhír pónairí soighe ag saothróirí, sa chiall cheart, éagsúil leis an méid a dhéanfadh an rialtas é féin de ghnáth).

3.3.1.3.1. Iontaobhas nó treorú na saothróirí pónaire soighe ag Rialtas na hAirgintíne

(98) Rinne an Coimisiún anailís ar dtús féachaint ar lean tacaíocht Rialtas na hAirgintíne do thionscal bithdhíosail na hAirgintíne de bheith ina cuspóir de bheartas rialtais go héifeachtach agus ní ina 'fho-iarmhairt' amháin ar fheidhmiú cumhachtaí rialála ginearálta. Mar a rinneadh san imscrúdú bunaidh, scrúdaíodh san imscrúdú reatha go háirithe an raibh aon saobhadh praghais a fuarthas mar chuid de chuspóirí na rialtas, nó an raibh saobhadh den sórt sin ina sheachtháirge 'neamhbheartaithe' de rialáil ghinearálta rialtais. I gcomhréir leis na conclúidí ar thángthas orthu in aithris (85), chinn an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil a úsáid go páirteach de bhun Airteagal 28 den bhun-Rialachán, chun a chinneadh ar chuir Rialtas hAirgintíne cúram ar na saothróirí pónaire soighe nó ar thug sé treoir dóibh.

(99) San imscrúdú bunaidh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur léirigh roinnt doiciméad gur shaothraigh Rialtas na hAirgintíne tacaíocht agus forbairt an tionscail bithdhíosail go sainráite mar chuspóir beartais, go háirithe trí fhéachaint le praghas intíre na n-ábhar ionchuir (pónairí soighe) a laghdú agus ar an gcaoi sin ranníocaíocht airgeadais a sholáthar do tháirgeadh bithdhíosail ([29]). Ina theannta sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur baineadh an tacaíocht sin amach trí roinnt beart a cuireadh i bhfeidhm go leanúnach, cé gur modhnaíodh iad roinnt uaireanta ó tugadh isteach iad in 1994, chun, mar a shonraigh Rialtas na hAirgintíne féin sa reachtaíocht, praghas intíre pónairí soighe a laghdú i gcomhthéacs praghsanna domhanda a bhí ag ardú agus chun tairbhe fhorbairt an tslabhra breisluacha san Airgintín, lena n-áirítear, i measc nithe eile, an tionscal bithdhíosail ([30]).

(100) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe freisin, baineadh tacaíocht an tionscail bithdhíosail amach trí roinnt beart atá inchurtha i leith Rialtas na hAirgintíne (lena n-áirítear cáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe; frithbhearta maidir le grán eile a tháirgeadh, amhail cuótaí onnmhairiúcháin a fhorchur; bearta eile chun tacú le saothróirí pónairí soighe, eadhon ceanglas maidir le hinneachar áitiúil i gcás bithdhíosail arna sholáthar laistigh den sainordú intíre; agus fóirdheontais do tháirgeoirí pónairí soighe chun leanúint de bheith ag táirgeadh agus ag díol ar bhonn intíre le táirgeoirí bithdhíosail).

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithrisí (77)-(82).
([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (85).
([30]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (86).

Cáin onnmhairiúcháin

(101) San imscrúdú bunaidh, mhínigh an Coimisiún éabhlóid na cánach onnmhairiúcháin ar phónairí soighe ó tugadh isteach í in 1994 ar ráta 3.5 % suas go dtí an ráta 30 % de bhun Fhoraithne 133/2015 ([31]). I ndáil leis sin, mhínigh Rialtas na hAirgintíne ina bharúlacha maidir le tionscnamh an imscrúdaithe reatha nach raibh roinnt de n rúin a thuairiscítear ann infheidhme a thuilleadh. B'amhlaidh an cás maidir le Rún 10/2007, Rún 369/2007, Rún 64/2008 agus Rún 125/2008.

(102) Ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh, le Foraithne 230/2020 ([32]), arb é an bunús dlí é atá i bhfeidhm agus is infheidhme ó mhí an Mhárta 2020, méadaíodh ráta cánach onnmhairiúcháin na bpónairí soighe agus na hola pónaire soighe araon ó 30 % go 33 %.

(103) Ina dhiaidh sin, beartaíodh le Foraithne 790/2020 ([33]), atá i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, athrú de réir a chéile ar rátaí cánach onnmhairiúcháin sna míonna ina dhiaidh sin, as ar eascair, ó mhí Eanáir 2021, ráta cánach onnmhairiúcháin difreáilte le haghaidh pónairí soighe agus ola pónaire soighe. Go deimhin, ó mhí Eanáir 2021, bhí ola pónaire soighe faoi réir ráta laghdaithe 31 %, ach d'fhan pónairí soighe faoi réir an ráta 33 %.

(104) Mar sin féin, le Foraithne 131/2022 ([34]), atá i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2022, cuireadh an laghdú ar an gcáin onnmhairiúcháin ar ola phónaire shoighe a shonraítear le Foraithne 790/2020 ar fionraí go sealadach go dtí an 31 Nollaig 2022. Dá thoradh sin, athbhunaíodh an cháin onnmhairiúcháin níos airde ar ola phónaire shoighe mar a shainmhínítear i bhForaithne 230/2020 (33 %). D'fhan an cháin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe ag 33 % le linn na tréimhse sin.

(105) Ón 1 Eanáir 2023, rinneadh Foraithne 790/2020 a athbhunú go huathoibríoch, lenar toibhíodh arís an cháin onnmhairiúcháin 31 % ar ola pónaire soighe agus 33 % ar phónairí soighe.

(106) Dá bhrí sin, sa chéad ráithe de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, gearradh cáin onnmhairiúcháin 33 % ar phónairí soighe agus ar ola pónaire soighe araon, ach sa trí ráithe dheireanach de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe b'ionann an cháin onnmhairiúcháin agus 33 % ar phónairí soighe agus 31 % ar ola pónaire soighe.

(107) Tá an bithdhíosal féin faoi réir cáin onnmhairiúcháin. De bhun Fhoraithne 230/2020, ardaíodh an cháin onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal ó 27 % go 30 % ó mhí an Mhárta 2020. Ansin, de bhun Fhoraithne 790/2020, a bhí i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, laghdaíodh an cháin onnmhairiúcháin go 26 % le haghaidh mhí Dheireadh Fómhair 2020 ach tháinig méadú de réir a chéile uirthi sna míonna ina dhiaidh sin, rud a d'fhág, ó mhí Eanáir 2021, go raibh ráta cánach onnmhairiúcháin 29 % ann. Le Foraithne 131/2022, rinneadh an cháin onnmhairiúcháin 30 % a athbhunú go sealadach de bhun Fhoraithne 230/2020 go dtí an 31 Nollaig 2022. Ar deireadh, ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh, socraíodh an cháin onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal ag 29 % arís.

(108) Dá bhrí sin, ba é 30 % an ráta cánach onnmhairiúcháin ab infheidhme maidir le bithdhíosal sa chéad ráithe de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus ba é 29 % an ráta cánach onnmhairiúcháin ab infheidhme maidir le bithdhíosal sna trí ráithe dheireanacha de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(109) Mhínigh Rialtas na hAirgintíne le linn an fhíorúcháin ar an láthair gur chomhfhreagair an difríocht laghdaithe sa ráta cánach onnmhairiúcháin ag deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe idir na trí tháirge (33 % i gcás pónairí soighe, 31 % i gcás ola pónaire soighe, 29 % i gcás bithdhíosail) do bhreisluach a chur leis idir na céimeanna táirgthe.

(110) Mar sin féin, tá an bealach chun an dá cháin onnmhairiúcháin a ríomh, ar phónairí soighe agus ar ola pónaire soighe ar thaobh amháin, agus ar bhithdhíosal ar an taobh eile, difriúil, rud nach ndeimhnítear le ráiteas Rialtas na hAirgintíne ina leith seo.

(111) Go deimhin, mhínigh Rialtas na hAirgintíne le linn an fhíorúcháin ar an láthair go bhfuil feidhm ag an gcáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe agus ar ola pónaire soighe mar chéatadán de phraghas oifigiúil SAB an táirge i gceist, arna fhoilsiú go laethúil ag an Rúnaíocht Talmhaíochta, Beostoic agus Iascaigh de bhun Rún 411E/2017 ón Aireacht Agrai-Thionscail agus bunaithe ar mheán na bpraghsanna arna ndearbhú ag na honnmhaireoirí i rith an lae ([35]). Foilsítear praghas oifigiúil SAB do phónairí soighe agus d'ola pónaire soighe araon, cé nach amhlaidh atá i gcás bithdhíosail.

([31]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithrisí (89)-(100).
([32]) *Decreto* 230/2020, DCTO-2020-230-APN-PTE - *Fíjase alícuota del Derecho de Exportación*.
([33]) *Decreto* 790/2020, DCTO-2020-790-APN-PTE - *Derecho de Exportación*.
([34]) *Decreto* 131/2022, DCTO-2022-131-APN-PTE - *Suspensión Decreto* N° 790/2020.
([35]) Tá praghsanna oifigiúla SAB ar fáil, le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe freisin, ag an nasc seo a leanas: https://dinem.magyp.gob.ar/dinem_fob.wp_fob_consall.aspx.

(112) Go deimhin, mhínigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte le linn na cuairte fíorúcháin ar an láthair go bhfuil an praghas SAB in USD a dearbhaíodh nuair a onnmhairíodh bithdhíosal os comhair na n-údarás custaim san áireamh cheana féin sa cháin onnmhairiúcháin, a dearbhaíodh in USD freisin, rud a chiallaíonn go ndéantar an cháin onnmhairiúcháin 29 % ar bhithdhíosal a ríomh go héifeachtach ar phraghas níos ísle ná an praghas iomlán SAB a dearbhaíodh do lucht custaim. Mar thoradh air sin, níl sa ráta éifeachtach (*tasa efectiva*) a thoibhítear ar bhithdhíosal ach 22.48 % den phraghas SAB in USD.

(113) Leanann sé ón méid thuas go bhfuil an difreálach éifeachtach idir an cháin onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal agus an cháin onnmhairiúcháin ar an gcéad táirge réamhtheachtach sa slabhra luacha, i.e. ola pónaire soighe, níos airde ná an 2 % a léirítear leis an dá ráta cánach (29 % agus 31 % faoi seach) agus gurb ionann é i ndáiríre agus 8.52 % (i.e., an chomparáid idir an ráta éifeachtach 22.48 % le haghaidh bithdhíosail agus an ráta 31 % le haghaidh ola pónaire soighe). Thairis sin, bhí an difreálach éifeachtach sin níos airde fós sa chéad ráithe de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nuair a chomhfhreagair an cháin onnmhairiúcháin 30 % ar bhithdhíosal do ráta éifeachtach 23,07% agus nuair a socraíodh an cháin onnmhairiúcháin ar ola phónaire shoighe ag 33 %. Sa ráithe seo, ba é an difreálach éifeachtach 9.93 %. Dheimhnigh foinsí poiblí Airgintíneacha agus idirnáisiúnta araon an méid sin ([36]).

(114) Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún go raibh an measúnú a rinne roinnt gníomhaireachtaí idirnáisiúnta ar éifeachtaí na rátaí éagsúla cánacha onnmhairiúcháin, arna dtuairisciú san imscrúdú bunaidh ([37]), fós infheidhme agus bailí.

(115) Go háirithe, de réir ECFE, forchuireann Rialtas na hAirgintíne, trína chóras cánach onnmhairiúcháin, *'rátaí níos airde d'amhábhair nó do tháirgeoirí ionchuir agus tá feidhm ag rátaí níos ísle maidir le táirgí críochnaithe*. [...] *Is féidir leis an mbuntáiste praghais a thugtar do thionscail iartheachtacha intíre an iomaíocht i margaí baile agus eachtracha araon a shaobhadh agus a laghdú*' ([38]). Ina theannta sin, luaigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite (IRENA) i dtuarascáil a bhí tiomnaithe don Airgintín gur '*chuir cánacha onnmhairiúcháin difreálacha ar bhithbhreoslaí i gcomparáid le táirgí eile a dhíorthaítear ón mbunábhar céanna onnmhairiú bithbhreoslaí chun cinn, go háirithe bithdhíosal*' ([39]). Dá réir sin, dúirt an Banc Domhanda '*go dtoibhíonn Rialtas na hAirgintíne cánacha arda onnmhairiúcháin ar ola pónaire soighe agus ar bhithdhíosal araon*' (a socraíodh, tráth na tuarascála, ag 32 % agus 16.6 % faoi seach) a bhfuil sé d'éifeacht acu '*an costas bunábhair a ísliú ar bhonn intíre agus onnmhairí bithdhíosail a spreagadh*' ([40]).

(116) Thug an Coimisiún dá aire go réitíonn an measúnú sin le cuspóirí bheartas Rialtas na hAirgintíne mar a shonraítear sa reachtaíocht ábhartha. Thug an Coimisiún dá aire gur luadh ceann de na haithrisí neamhuimhrithe d'Fhoraithne 131/2022 — lenar coinníodh an cháin onnmhairiúcháin 33 % ar phónairí soighe agus lenar ardaíodh cánacha onnmhairiúcháin ar ola pónaire soighe agus ar bhithdhíosal go sealadach — i measc na gcuspóirí ar tugadh cumhacht do Rialtas na hAirgintíne dleachtanna onnmhairiúcháin a thobhach ina leith, *'praghsanna inmheánacha a chobhsú ar leibhéil áisiúla nó méid tairiscintí atá leordhóthanach do riachtanais soláthair an mhargaidh inmheánaigh a choinneáil ar bun*'.

([36]) 'Revés para el complejo soja: cómo afecta el aumento de DEX a la industria del biodiesel santafesino que sopesará un aporte extra de US$ 6 millones este año', *Informativo semanal* Año XXXIX - N° Edición 2044, 25 Márta 2022, Bolsa de Comercio de Rosario, ar fáil ag: https://www.bcr.com.ar/es/mercados/investigacion-y-desarrollo/informativo-semanal/noticias-informativo-semanal/reves-para-el agus Tuarascáil GAIN 2024, lgh. 10-11.

([37]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (87).

([38]) The Economic Impact of Export Restrictions on Raw Materials [Tionchar Eacnamaíoch na Srianta Onnmhairiúcháin ar Amhábhair], a foilsíodh in 2010, lch. 18, ar fáil ag: http://www.oecd.org/publications/the-economic-impact-of-export-restrictions-on-raw-materials-9789264096448-en.htm.

([39]) Achoimre ar an mBeartas maidir le Fuinneamh In-athnuaite, an Airgintín, Meitheamh 2015, ar fáil ag: https://www.irena.org/-/media/Files/IRENA/Agency/Publication/2015/IRENA_RE_Latin_America_Policies/IRENA_RE_Latin_America_Policies_2015_Country_Argentina.pdf?la=en&hash=4A7F4CDAB9E00B7739363467AB2B2ADA67C94CDC.

([40]) Bithbhreoslaí Leachtacha: Cúlra Faisnéise do Straitéis Earnáil Fuinnimh Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda, Páipéar Cúlra do Straitéis Earnáil Fuinnimh Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda, Márta 2010, lch. 9, ar fáil ag https://www.ourenergypolicy.org/wp-content/uploads/2016/03/Biofuel_brief_Web_version.pdf.

(117) Léiríodh le stair reachtach an bhirt go raibh sé i gceist leis an gcáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe soláthar an amhábhair, go háirithe don tionscal bithdhíosail, a áirithiú. Go deimhin, san imscrúdú roimhe seo, thug an Coimisiún dá aire gur tagraíodh i Rún Comhpháirteach 438/2012, 269/2012, 1001/2012 ([41]) don difreálach idir an ráta éifeachtach le haghaidh bithdhíosail agus an ráta dá phríomhionchur (i.e. pónairí soighe) ([42]), agus gur coigeartaíodh le Foraithne 133/2015 ([43]) an cháin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe agus meabhraíodh ann '*nár chuir an méadú ar an limistéar plandaithe agus an bhuaint ba mhó riamh sa séasúr a chuaigh thart cosc ar an meath ar iomaíochas agus ar bhrabúsacht an tslabhra luacha ghaolmhair ina iomláine*', lena n-áirítear bithdhíosal ([44]).

(118) Le gníomhartha i ndiaidh a chéile glacadh cur chuige den chineál céanna. Mar shampla, míníodh i bhForaithne 1343/2016 ([45]), lenar íslíodh na dleachtanna onnmhairiúcháin beagán a bunaíodh le Foraithne 133/2015, sna haithrisí '*gur gá leanúint de bhearta éifeachtacha a chur chun feidhme i gcomhthráth le réadú na críche sin, go háirithe i gcás* pónairí soighe agus a bhfotháirgí*, agus lena soláthraítear intuarthacht agus deimhneacht don mhargadh i ndáil leis an mbealach forásach ina laghdófar na dleachtanna onnmhairiúcháin is infheidhme maidir leis na hearraí sin*' (béim curtha leis). Áirítear bithdhíosal i seachtháirgí pónaire soighe.

(119) Ar an gcaoi chéanna, meabhraíodh sna haithrisí i bhForaithne 1025/2017 ([46]), lenar socraíodh an cháin onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal an tráth sin ag 8 %, '*gur gá comhchuibhiú a dhéanamh idir* dleachtanna onnmhairiúcháin bithdhíosail agus dleachtanna onnmhairiúcháin a phríomh-amhábhair, ola pónaire soighe*, chun cóineasú a bhaint amach eatarthu*' (béim curtha leis).

(120) Níor luadh an nasc sin go sainráite i bhForaithne 230/2020 ná i bhForaithne 131/2022, toisc nár modhnaíodh ach na rátaí cánach onnmhairiúcháin atá i bhfeidhm maidir le táirgí éagsúla. Ina ionad sin, bhí dearcadh oifigiúil Rialtas na hAirgintíne maidir le pónairí soighe mar ionchur le haghaidh bithdhíosail fós le feiceáil i bhForaithne 790/2020 toisc nár bhain sé ach le cánacha onnmhairiúcháin ar phónairí soighe agus ar tháirgí bunaithe ar phónairí soighe, lena n-áirítear bithdhíosal. Go háirithe, meabhraítear le Foraithne 790/2020 sna haithrisí *'trí bhíthin Fhoraithne Uimh. 230/20, suíodh na rátaí dleachta onnmhairiúcháin le haghaidh earraí éagsúla, lena n-áirítear ceannteidil taraife áirithe de MERCOSUR COMMON NOMENCLATURE (N.C.M.) lena dtagraítear do* tháirgí agus seachtháirgí pónaire soighe áirithe' (béim curtha leis). I measc na dtáirgí pónaire soighe ar modhnaíodh a ráta cánach onnmhairiúcháin tá bithdhíosal.

(121) Dá bhrí sin, mar a rinneadh san imscrúdú bunaidh, lean Rialtas na hAirgintíne, trí rátaí cánach onnmhairiúcháin pónairí soighe, ola pónaire soighe agus bithdhíosail a shocrú an tráth céanna, trí bhíthin an ghnímh reachtaigh chéanna, amhail Foraithne 790/2020, de léiriú gur bheartaigh sé a bheartas pónaire soighe mar bhealach chun a áirithiú go mbeadh soláthar ar phraghas íseal ar fáil do bhithdhíosal freisin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Deimhnítear é sin ós rud é gur luaigh Rialtas na hAirgintíne in aithris (109) thuas gur mheas sé go gcomhfhreagraíonn na trí ráta cánach onnmhairiúcháin idir pónaire shoighe, ola pónaire soighe agus bithdhíosal do na céimeanna éagsúla breisluacha agus, dá bhrí sin, gur cuid den slabhra luacha céanna iad.

(122) Treisítear an toradh sin a thuilleadh leis an bhfíoras go gcosnaítear leis an gcáin onnmhairiúcháin na céimeanna uile sa slabhra luacha ón ionchur lena mbaineann — pónairí soighe — go dtí an chéim idirmheánach — ola pónaire soighe — go dtí an táirge faoi imscrúdú, i.e. bithdhíosal, gan aon 'chomhla sábháilteachta' a fhágáil ná rogha mhalartach ar an soláthar intíre do tháirgeoirí pónairí soighe, ós rud é go bhfuil gach onnmhaireoir bithdhíosail comhtháite go hingearach agus gurb iad na príomhoibreoirí freisin a bhrúnn pónairí soighe isteach in ola pónaire soighe.

(123) I bhfianaise an mhéid thuas, trí chánacha onnmhairiúcháin a fhorchur ar phónairí soighe, cuireann Rialtas na hAirgintíne saothróirí pónairí soighe i staid atá neamhréasúnach ó thaobh na heacnamaíochta de, rud a spreagann iad chun a gcuid earraí a dhíol ar bhonn intíre ar phraghas níos ísle ná mar a d'fhéadfaidís a fháil in éagmais na gcánacha onnmhairiúcháin sin. Dá bhrí sin, ní bhíonn rogha réasúnach acu agus spreagtar iad chun na cuspóirí beartais atá taobh thiar den cháin onnmhairiúcháin a chomhlíonadh.

([41]) *Ministerio de Economía y Finanzas Públicas, Ministerio de Industria y Ministerio de Planificación Federal, Inversión Pública y Servicios, Comercio Exterior, Resolución Conjunta* 438/2012, 269/2012, 1001/2012 *créanse el Registro de Operadores de Soja Autorizados (ROSA) y la 'Unidad Ejecutiva Interdisciplinaria de Monitoreo'. Derógase la Resolución No 109/09.*

([42]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (99).

([43]) *Ministerio de Agroindustria, Decreto* 133/2015, *Derecho de exportación. Alícuota.*

([44]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (100).

([45]) *Ministerio de Agroindustria, Decreto* 1343/2016, *Derecho de exportación. Alícuota. Modificación.*

([46]) *Comercio Exterior, Decreto* 1025/2017, *Derogación. Decreto N°* 1719/2012.


Cuóta onnmhairiúcháin ar arbhar Indiach agus cruithneacht

(124) Fuarthas amach san imscrúdú bunaidh gur méadaíodh an staid neamhréasúnach inar cuireadh saothróirí pónairí soighe le srianta onnmhairiúcháin eile, amhail cuótaí onnmhairiúcháin ar arbhar Indiach agus cruithneacht a bhí i bhfeidhm ó 2008 go 2015, rud a dhíspreag onnmhairiú barr eile agus a threoraigh saothróirí i dtreo leanúint de tháirgeadh pónairí soighe (seachas grán eile), agus a laghdaigh an praghas intíre a thuilleadh fós ([47]). Mar thoradh ar an tréimhse fhada srianta ar onnmhairí ar bharra eile tháinig méadú mór ar tháirgeadh pónairí soighe, an *sojización* ([48]) mar a thugtar air. Mar a léirítear i nGraf 1, rinneadh táirgeadh pónairí soighe a dhúbailt beagnach idir 2008 agus 2015, agus shroich an táirgeadh 61.4 milliún tona, an leibhéal is airde riamh. Tar éis na cuótaí onnmhairiúcháin a bhaint in 2015 agus go dtí bliain na buainte 2016/17, níor tháinig laghdú mór ar tháirgeadh pónairí soighe sa tréimhse theoranta sin i gcomparáid leis na barra eile agus d'fhan sé sách cobhsaí ([49]).

(125) I nGraf 1, thuairiscigh an Coimisiún táirgeadh pónairí soighe, arbhair Indiaigh agus cruithneachta in aghaidh na bliana buainte ó bhí 2008 ann, rud a chomhlánaigh na sonraí faoi seach a tuairiscíodh san imscrúdú bunaidh. I ndáil leis sin, is í bliain na buainte nó bliain na mbarr an tréimhse ama ó bhuaint amháin go dtí an chéad bhuaint eile. Dá bhrí sin, tá neamhréireacht áirithe idir na blianta buainte agus na blianta féilire. Tosaíonn an bhliain buainte le haghaidh pónairí soighe an 1 Aibreán agus críochnaíonn sí an 31 Márta.

Graf 1

Táirgeadh pónairí soighe, arbhair Indiaigh, agus cruithneachta de chuid na hAirgintíne in aghaidh na bliana buainte



Foinse: http://datosestimaciones.magyp.gob.ar/

(126) Léiríodh le sonraí ina dhiaidh sin ó 2018 i leith, in éagmais cuótaí onnmhairiúcháin, gur tháinig méadú ar tháirgeadh arbhair Indiaigh go háirithe agus cruithneachta, cé gur tháinig laghdú ar tháirgeadh pónaire soighe. Mhínigh an t-iarratasóir an laghdú sin mar thoradh ar na bearta cosanta trádála arna bhforchur ag an Aontas Eorpach, ag na Stáit Aontaithe agus ag Peiriú.

(127) Chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha na mbeart cosanta trádála, líomhain an t-iarratasóir gur athachtaigh Rialtas na hAirgintíne cuótaí onnmhairiúcháin ar arbhar Indiach agus ar chruithneacht trí Rún 276/2021 ([50]), a raibh coinne leis go mbeadh an éifeacht aistrithe chéanna aige agus a bheadh ag na beartais a cuireadh chun feidhme idir 2008 agus 2015.

([47]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithrisí (104)-(105).
([48]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (107).
([49]) *Ibidem*.
([50]) *Ministerio de Agricultura, Ganadería y Pesca, Resolución* 276/2021, RESOL-2021-276-APN-MAGYP.

(128) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún imscrúdú féachaint an raibh na cuótaí onnmhairiúcháin ar arbhar Indiach agus ar chruithneacht fós i bhfeidhm.

(129) Mhínigh ACSOJA le linn an fhíorúcháin ar an láthair nach bhfuil aon oibleagáid ann aistriú ó bharr amháin go barr eile agus go bhfuil saoirse ag saothróirí i gcónaí cinneadh a dhéanamh maidir leis na barra a fhástar ar an talamh a shaothraíonn siad, bíodh pónairí soighe nó barra eile i gceist. Mhínigh Rialtas na hAirgintíne ina fhreagra ar an gceistneoir agus le linn an fhíorúcháin ar an láthair go raibh cáiliú an chórais a bunaíodh le Rún 276/2021 mar chuótaí onnmhairiúcháin mícheart, a mhéid a bhí méideanna comhardúcháin a onnmhairítear nó méideanna comhardúcháin a onnmhairítear (*volúmenes de equilibrio*) i gceist. Bhunaigh Comhairle Chomhairleach (*Consejo Consultivo*) na méideanna sin ina suíonn ionadaithe an tomhaltais intíre, na hearnála onnmhairiúcháin agus Rialtas na hAirgintíne. Bunaithe ar an tomhaltas intíre agus ar na riachtanais onnmhairiúcháin, socraíonn an Chomhairle méid cothromúcháin, a dhéantar a choigeartú bunaithe ar sholáthar agus ar éileamh. Mhínigh Rialtas na hAirgintíne gur socraíodh na méideanna os cionn na n-onnmhairí iarbhír de ghnáth toisc gurbh é an sprioc a bhí ann intuarthacht a chur ar fáil d'oibreoirí margaidh seachas onnmhairí a bhlocáil. Mar sin féin, i gcás ina mbainfí amach 90 % den mhéid cothromúcháin, ní fhéadfaí ach mionscríbhinní éigeantacha díolacháin onnmhairiúcháin (*declaraciones juradas de venta al exterior* – 'DJVE' 30) a bheadh bailí lena n-onnmhairiú laistigh de thréimhse 30 lá a chur faoi bhráid na n-údarás custaim — seachas DJVEnna a bheadh bailí lena n-onnmhairiú laistigh de thréimhse 360 lá (DJVE 360). Nuair a bhí an méid cothromúcháin iomlán ídithe, níorbh fhéidir onnmhairiú arbhair Indiaigh agus cruithneachta a dhéanamh a thuilleadh. Bhí na méideanna comhardúcháin ar fáil go poiblí ([51]).

(130) Go deimhin, léiríodh leis an imscrúdú, a mhéid a bhaineann le tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, go ndearnadh méid cothromúcháin tosaigh 10 milliún tona arbhair Indiaigh ([52]) le haghaidh na bliana buainte 2022/23 a choigeartú ina dhiaidh sin go 20 milliún tona ([53]) agus ansin go 26 mhilliún tona ([54]).

(131) Ina ionad sin, rinneadh an méid cothromúcháin tosaigh le haghaidh na bliana buainte 2022/23 de 2 mhilliún tona le haghaidh cruithneachta ([55]) a choigeartú ina dhiaidh sin go 10 milliún tona ([56]) agus ansin deimhníodh é ag an 10 milliún tona céanna ([57]).

(132) Tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i mí na Nollag 2023, sroicheadh teorainn an mhéid cothromúcháin, agus chuir Rialtas na hAirgintíne bac ar chlárú DJVEnna nua ar feadh cúpla lá ([58]). Chomh maith leis sin, thuairiscigh táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte amháin, fiú nuair a sroicheadh an méid cothromúcháin i mbliain ar leith agus nuair a cuireadh bac ar onnmhairí, nach raibh tionchar mór aige sin ar onnmhairí toisc gur tharla sé i dtreo dheireadh na bliana sin.

(133) Thug an Coimisiún dá aire — cé go bhféadfadh sé gur chuir an triomach isteach ar an éifeacht aistrithe mar gheall ar an gcóras nua faoi Rún 276/2021, rud a rinne difear in 2023, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, do tháirgeadh na dtrí bharr uile atá faoi bhreithniú san Airgintín, mar is léir i nGraf 1 — bhí táirgeadh na bpónairí soighe in 2021/22, roimh an triomach, fós 42 % níos airde ná mar a bhí sé sular chuir Rialtas na hAirgintíne an beartas chun feidhme chun táirgeadh gráin a atreorú chun tacú le saothróirí pónaire soighe, in 2008/09. Thairis sin, in 2023/24, tar éis an triomaigh, cé gur tháinig téarnamh agus méadú ar tháirgeadh pónaire soighe i gcomparáid leis an táirgeadh in 2021/22 roimh an triomach, níor shroich arbhar Indiach ná cruithneacht araon an leibhéal táirgthe a bhí ann roimh an triomach.

(134) Ina theannta sin, sa tréimhse gan srianta idir 2015 agus 2021, cé gur tháinig laghdú ar tháirgeadh pónairí soighe, tháinig méadú ar tháirgeadh arbhair Indiaigh agus cruithneachta.

(135) Ar deireadh, leis an gcóras arna bhunú leis an méid cothromúcháin a onnmhairítear, cé go bhféadfaí foráil a dhéanamh leis maidir le cuóta inaistrithe, tugadh le tuiscint fós, a luaithe a bhí an cuóta ídithe, gur cuireadh bac ar onnmhairí arbhair Indiaigh agus cruithneachta. Cé nár tharla sé sin ach ar feadh cúpla lá in 2023, ní thagann sé salach ar bhac a d'fhéadfadh a bheith níos faide ar onnmhairí, rud a bhí faoi lánrogha Rialtas na hAirgintíne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(136) Mar thoradh air sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chuidigh na méideanna comhardúcháin a onnmhairítear a bhí i bhfeidhm ó 2021 i leith agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe le tús áite a thabhairt do tháirgeadh pónairí soighe thar arbhar Indiach agus cruithneacht, ag treorú saothróirí i dtreo leanúint de tháirgeadh pónairí soighe (seachas grán eile), ag ísliú an phraghais intíre i gcomhréir le cuspóirí beartais Rialtas na hAirgintíne.

([51]) https://www.magyp.gob.ar/sitio/areas/ss_mercados_agropecuarios/djve/index.php?accion=imp.
([52]) *Subsecretaria de Mercados Agropecuarios, Circular SSMA* N° 3/2022, 6 Bealtaine 2022.
([53]) *Subsecretaria de Mercados Agropecuarios, Circular SSMA* N° 5/2022, 8 Samhain 2022.
([54]) *Subsecretaria de Mercados Agropecuarios, Circular SSMA* N° 1/2023, 26 Deireadh Fómhair 2023.
([55]) *Subsecretaria de Mercados Agropecuarios, Circular SSMA* N° 06/2021, 17 Nollaig 2021.
([56]) *Subsecretaria de Mercados Agropecuarios, Circular SSMA* N° 2/2022, 28 Márta 2022.
([57]) *Subsecretaria de Mercados Agropecuarios, Circular SSMA* N° 1/2023, 26 Deireadh Fómhair 2023.
([58]) *Ciorclán* 2/2023, 11 Nollaig 2023 agus *Ciorclán* 3/2023, 14 Nollaig 2023.

Toirmeasc sealadach ar phónairí soighe a allmhairiú agus bearta eile chun tacú le saothróirí pónairí soighe

(137) San imscrúdú bunaidh, mhínigh an Coimisiún an tionchar a bheadh ag toirmeasc sealadach ar allmhairiú pónairí soighe agus, tar éis deireadh a chur leis sin, an tionchar a bheadh ag nósanna imeachta an-anásta chun pónairí soighe a allmhairiú, ar úsáid pónairí soighe intíre chun bithdhíosal a tháirgeadh. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin gur deimhníodh leis an toirmeasc ar allmhairiú, in éineacht leis an gcáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe, cuspóir beartais Rialtas na hAirgintíne chun borradh a chur faoi fhorbairt tionscail bithdhíosail atá go hiomlán intíre lena n-áirítear ábhar áitiúil sa slabhra soláthair. Chruthaigh sé aschur saorga, faoi thionchar an rialtais, de phónairí soighe san Airgintín le haghaidh tomhaltas intíre, rud a d'áirithigh go sásófaí an t-éileamh áitiúil ar phónairí soighe ar bhonn soláthar áitiúil a bhí dírithe ar na cuspóirí beartais sonraithe a bhaint amach ([59]).

(138) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níor cuireadh aon toirmeasc allmhairiúcháin i bhfeidhm ar phónairí soighe.

(139) Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris (38) thuas, leis an Dlí maidir le Bithbhreoslaí 2021 — a bhí infheidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe — dídhreasaíodh allmhairiú pónairí soighe nuair a achtaíodh ceanglas maidir le hábhar áitiúil, lenar ghá bithdhíosal a úsáideadh chun an cumasc a chomhlíonadh a tháirgeadh i ngléasraí na hAirgintíne inar úsáideadh bunábhair a táirgeadh sa bhaile. Mar thoradh air sin, chruthaigh Rialtas na hAirgintíne margadh faoi chuing le haghaidh pónairí soighe intíre, ag leithscaradh an tslabhra luacha intíre ón margadh domhanda agus á chosaint ó bhrú allmhairiúcháin. Trí idirghabháil a dhéanamh ar an margadh, bhain Rialtas na hAirgintíne a sprioc amach chun aschur a mhéadú agus praghsanna intíre a ísliú chun leasa an tionscail bithdhíosail.

Fóirdheontais do tháirgeoirí pónairí soighe

(140) San imscrúdú bunaidh, chinn an Coimisiún gur dhírigh Rialtas na hAirgintíne saothróirí pónairí soighe ar tháirgeadh pónairí soighe agus, ar an gcaoi sin, gur tháinig méadú ar sholáthar intíre pónairí soighe i bhfabhar fhorbairt thionscal an bhithdhíosail ([60]).

(141) Líomhain an t-iarratasóir gur lean Rialtas na hAirgintíne de thacaíocht a sholáthar do tháirgeoirí pónairí soighe, go háirithe trí dhá chlár cúitimh a chur chun feidhme.

(142) Ba é an chéad cheann clár cúitimh agus spreagtha do tháirgeoirí soighe beaga agus do chomharchumainn de bhun Fhoraithne 786/2020. ([61]) Líomhain an t-iarratasóir go bhfuair saothróirí pónaire soighe faoin gclár seo aisíocaíochtaí cánach onnmhairiúcháin ag brath ar a limistéir shaothraithe agus, cé go raibh an scéim i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2020, gur lean gníomhaíocht agus reachtaíocht rialtais ina dhiaidh sin uirthi, nár shoiléirigh an t-iarratasóir a thuilleadh.

(143) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún imscrúdú féachaint an raibh an scéim fós i bhfeidhm le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(144) D'áitigh Rialtas na hAirgintíne nár bhain saothróirí pónairí soighe tairbhe as an aisíocaíocht cánach onnmhairiúcháin, ós rud é nár íoc siad cánacha onnmhairiúcháin. Ina ionad sin, mhínigh Rialtas na hAirgintíne go ndearnadh tagairt san aithris ábhartha d'Fhoraithne 786/2020 do Dhlí 27541 ([62]), lenar ceadaíodh do Rialtas na hAirgintíne cánacha onnmhairiúcháin a ardú suas le 33 %, ar choinníoll gur cheart 3 % de luach incriminteach na gcánacha onnmhairiúcháin a leithdháileadh ar chiste a chruthú chun iomaíochas táirgeoirí agus comharchumann beag agus meánmhéide a mhéadú ([63]). Dúradh freisin i nDlí 27541 *'Bunóidh an Brainse Feidhmiúcháin Náisiúnta sásraí deighilte agus spreagtha atá dírithe ar bhrabúsacht agus iomaíochas táirgeoirí beaga agus comharchumann a fheabhsú a ndéantar difear dá ngníomhaíochtaí* leis an méadú ar ráta na ndleachtanna onnmhairiúcháin faoi dheireadh [...]' (béim curtha leis) ([64]). Bhí eisíocaíocht an chiste sin bunaithe ar an méid pónairí soighe a dhíol saothróirí ó mhí Feabhra 2020 go dtí mí na Nollag 2020, suas le teorainn i dtéarmaí an mhéid pónairí soighe in aghaidh an heicteáir shaothraithe.

([59]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (106).
([60]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (108).
([61]) *Decreto* 786/2020, DCTO-2020-786-APN-PTE - *Disposiciones*.
([62]) Ley 27541, *Ley de Solidaridad Social y Reactivación Productiva en el Marco de la Emergencia Pública*.
([63]) Airteagal 52, Dlí 27541.
([64]) Airteagal 53, Dlí 27541.

(145) Mar gheall ar easpa comhair Rialtas na hAirgintíne maidir le hAguisín A a chur ar aghaidh chuig na soláthróirí pónaire soighe, ní raibh an Coimisiún in ann a fhíorú ar bhain na saothróirí pónaire soighe tairbhe as an scéim seo. Mar sin féin, bunaithe ar fhoráil Airteagal 28, ba fhíorais a bhí ar fáil an míniú mionsonraithe a thug Rialtas na hAirgintíne, inar tugadh le fios gur deimhin go raibh an scéim gníomhach agus eisíoctha, i ndáil le díolacháin a rinneadh go dtí an 31 Nollaig 2020. Ós rud é nár shonraigh an t-iarratasóir cé acu gníomhaíocht rialtais agus reachtaíocht a lean leis an scéim sin ina dhiaidh sin, ní raibh an Coimisiún in ann aon bheart a aimsiú ina leith sin agus dheimhnigh Rialtas na hAirgintíne go raibh feidhm ag an mbeart maidir le díolacháin a rinneadh go dtí an 31 Nollaig 2020, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, agus an scéim sin á heisíoc go dtí an 31 Nollaig 2020, nach raibh an scéim sin gníomhach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe

(146) Is éard a bhí sa dara ceann de na cláir sin clár cúitimh do tháirgeoirí pónairí soighe beaga agus meánmhéide agus arbhair faoi Rún 862/2022, a achtaíodh i mí na Samhna 2022 ([65]). Faoin gclár seo, ba é an sochar a bhí le fáil ag gach táirgeoir pónaire soighe ná suas le USD 6,500 in aghaidh an heicteáir pónaire soighe dearbhaithe agus ba é USD 1,730 milliún an sochar iomlán a bhí le fáil ag tairbhithe.

(147) Léirigh an t-imscrúdú gur maoiníodh an clár cúitimh leis an gCiste um Méadú Onnmhairiúcháin (*Fondo Incremento Exportador*), a bunaíodh de bhun Airteagal 9 d'Fhoraithne 576/2022 ([66]). Dá réir sin, maoiníodh an Ciste seo tríd an gcáin onnmhairiúcháin bhreise (lena n-áirítear ar phónairí soighe, ola pónaire soighe agus bithdhíosal) a bailíodh trí na honnmhairí méadaithe a fuarthas tríd an gClár um Méadú Onnmhairiúcháin (*Programa de Incremento Exportador*). De bhun Fhoraithne 576/2022, ba é an Clár um Méadú Onnmhairiúcháin clár Rialtas na hAirgintíne chun onnmhairí a chothú trí mhalartú airgeadra tarraingteach USD-ARS a thairiscint d'onnmhaireoirí táirgí atá bunaithe ar phónairí soighe (an *sojadollar*mar a thugtar air), rud a d'áirithigh iontráil airgeadra eachtraigh sna cúlchistí feidearálacha i gcomhthéacs eacnamaíoch ardbhoilscitheach.

(148) Bunaíodh tréimhse chur chun feidhme agus foirceannadh an chláir cúitimh in Airteagal 5 de Rún 862/2022, inar leagadh amach gur 15 lá gnó ó fhoilsiú an rialacháin san Fheasachán Oifigiúil a bhí sa tréimhse chun iarratais a chur isteach. Tar éis don tréimhse sin dul in éag, ní fhéadfaí tuilleadh iarratas a chur isteach. Dá réir sin, tugadh éifeacht le forghníomhú an chláir, dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rún 862/2022, i mí na Nollag 2022, trí Rún 276/2022 a eisiúint ([67]), inar sonraíodh liosta thairbhithe an chláir. Leis an ngníomh riaracháin sin, tháinig deireadh le cur i bhfeidhm an chláir. Níor chuir an t-iarratasóir aon mhaíomh isteach gur leanadh den chlár a thuilleadh, agus níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise ina leith sin.

(149) Dá bhrí sin, bhí an clár cúitimh gníomhach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar gheall ar an easpa comhair ó Rialtas na hAirgintíne maidir le Foscríbhinn A a chur ar aghaidh chuig soláthróirí pónaire soighe, ní raibh an Coimisiún in ann an ról a bhí ag an gclár cúitimh sin dóibh a fhíorú. Bunaithe ar fhoráil Airteagal 28, áfach, bhí liosta thairbhithe an chláir ina fhianaise leordhóthanach gur eisíocadh an clár sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(150) Mar fhocal scoir, is fianaise shoiléir é an clár cúitimh agus a bhunúis dlí go raibh coinne ag Rialtas na hAirgintíne go bhféadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith ag a bhearta onnmhairiúcháin ar na saothróirí pónairí soighe intíre agus nár seachnaíodh na fáltais ó na bearta onnmhairiúcháin céanna sin a úsáid (i.e. an t-ioncam a eascraíonn as na cánacha onnmhairiúcháin) chun na héifeachtaí sin a mhaolú trí chúiteamh a dhámhtar ar na saothróirí pónairí soighe. Is bealach eile í an scéim seo a úsáideann Rialtas na hAirgintíne chun cúram a chur ar na saothróirí pónairí soighe nó iad a threorú chun a bheartas a chur i gcrích agus chun pónairí soighe a sholáthar don tionscal bithdhíosail intíre ar íocaíocht nach leordhóthanach.

([65]) *Ministerio de Economía, Resolución* 862/2022, RESOL-2022-862-APN-MEC.
([66]) *Decreto* 576/2022, *Programa de Incremento Exportador*, DECNU-2022-576-APN-PTE - *Creación*.
([67]) *Ministerio de Economía - Secretaría de Agricultura, Ganadería y Pesca, Resolución* 276/2022, RESOL-2022-276-APN-SAGYP#MEC.

Anailís

(151) Mar a tharla san imscrúdú bunaidh, mheas an Coimisiún, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, gur lean Rialtas na hAirgintíne de 'ról níos gníomhaí a ghlacadh ná gníomhartha spreagtha amháin', mar a éilíonn an Comhlacht Achomhairc ([68]). Cuireann an tacar beart a ghlac Rialtas na hAirgintíne, a breithníodh le chéile, srian ar shaoirse gníomhaíochta na saothróirí pónairí soighe trína gcinneadh gnó a theorannú i gcleachtas maidir leis an bpraghas chun a dtáirge a dhíol agus cá háit.

(152) Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar shaothróirí pónairí soighe a n-ioncam a uasmhéadú a bheidís in ann a fháil in éagmais na cánach onnmhairiúcháin ar phónairí soighe (e.g. trína dtáirgeadh a onnmhairiú chun tairbhe a bhaint as praghsanna níos airde nó trí phraghsanna intíre a mhéadú) chomh maith le bearta sriantacha eile ar an gcaoi chéanna.

(153) Tacaítear leis sin a thuilleadh le Rún 862/2022 ina ndéanann Rialtas na hAirgintíne bearta sonracha chun cabhrú le tionscal na bpónairí soighe agus leis an slabhra luacha a bhaineann leis an meath a tharla in iomaíochas agus brabúsacht an tslabhra luacha ghaolmhair ina iomláine a aisiompú. Dá bhrí sin, tugann Rialtas na hAirgintíne tacaíocht airgeadais do shaothróirí pónairí soighe, spreagann siad iad nó tugann siad treoir dóibh táirgeadh a choinneáil ar bun chun soláthar a dhéanamh don mhargadh intíre fiú dá ndéanfadh soláthróir réasúnach a aschur agus a phraghsanna a oiriúnú i gcás ina ndearnadh onnmhairí a dhídhreasú.

(154) Dá bhrí sin, trí na bearta sin spreagann Rialtas na hAirgintíne na saothróirí pónairí soighe chun na pónairí soighe a choinneáil san Airgintín toisc nach féidir leo iad a dhíol ar phraghsanna níos fearr a bheadh i réim san Airgintín in éagmais na mbeart sin.

(155) Sa chiall sin, cuireann Rialtas na hAirgintíne 'iontaoibh' nó 'treorú' ar na táirgeoirí ionchuir earraí a sholáthar d'úsáideoirí intíre pónairí soighe, i.e. táirgeoirí bithdhíosail, ar íocaíocht nach leordhóthanach. Tugtar an fhreagracht do na saothróirí pónairí soighe margadh intíre saorga, roinnte i ndeighleoga, ar phraghas íseal a chruthú san Airgintín.

(156) Is é sin le rá, bhí sé d'aidhm ag an tacar beart a ndéantar cur síos orthu thuas arna gcur i bhfeidhm ag Rialtas na hAirgintíne tionchar diúltach na mbeart ar shaothróirí pónairí soighe a íoslaghdú agus iad a spreagadh ag an am céanna chun iompraíocht ar leith a leanúint, nach é toradh nó éifeacht bhearta Rialtas na hAirgintíne amháin é. Cé go bhféadfadh saothróirí pónairí soighe a dtáirgeadh intíre a ísliú beagán chun freagairt do na cánacha onnmhairiúcháin agus do bhearta sriantacha eile, léirítear leis an bhfianaise nár tháinig deireadh leis an táirgeadh, ná nár tháinig laghdú mór air (cé is moite de 2023, a ndearna an triomach difear dó, féach Tábla 1 thíos). Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur toradh é sin ar ghníomhaíochtaí Rialtas na hAirgintíne lena gcuirtear cúram ar na saothróirí pónairí soighe agus lena dtreoraítear iad leanúint den táirgeadh.

(157) Rinneadh foráil maidir le bearta lena maolaítear tionchar shrianta onnmhairiúcháin Rialtas na hAirgintíne ar tháirgeoirí pónairí soighe sna bunúis dlí chéanna inar forchuireadh srianta ar onnmhairiú (e.g. an Ciste um Méadú Onnmhairiúcháin i bhForaithne 576/2022 lena mbunaítear an Clár um Méadú Onnmhairiúcháin, agus i nDlí 27541 roimhe seo, a cheadaigh do Rialtas na hAirgintíne cánacha onnmhairiúcháin a ardú suas le 33 %, ar choinníoll gur cheart 3 % de luach incriminteach cánacha onnmhairiúcháin a leithdháileadh chun ciste a chruthú do shaothróirí pónairí soighe a ndéantar difear dóibh). Dá bhrí sin, shuigh Rialtas na hAirgintíne na héifeachtaí ar bhonn *ex ante*, ní ar bhonn *ex post*, agus dá bhrí sin ní raibh siad 'neamhbheartaithe'. Tá 'nasc inléirithe' agus soiléir idir an beartas agus iompar na gcomhlachtaí príobháideacha lena mbaineann, atá ag gníomhú mar ionadaí do Rialtas na hAirgintíne chun a bheartas a chur i gcrích maidir le pónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach don tionscal bithdhíosail.

(158) Mhaígh CARBIO agus Rialtas na hAirgintíne nach fóirdheontas in-fhrithchúitithe a bhí sna cánacha onnmhairiúcháin a bhí i gceist. De réir CARBIO, ní ranníocaíocht airgeadais iad cánacha onnmhairiúcháin de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán. D'áitigh CARBIO nach bhféadfadh léirmhíniú an chúraim nó na treorach arna thairiscint ag an gCúirt Ghinearálta ([69]) agus ag cásdlí EDT teacht ar an gconclúid gur chuir Rialtas na hAirgintíne cúram ar tháirgeoirí pónairí soighe nó gur threoraigh siad iad. Go deimhin, leis an gcáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe níor leithdháileadh ar tháirgeoirí pónairí soighe an cúram pónairí soighe a dhíol ar bhonn intíre ar phraghsanna níos ísle ná praghsanna domhanda. Ina ionad sin, de réir Rialtas na hAirgintíne, bhí sé i gceist leo an t-ioncam fioscach a mhéadú agus, bunaithe ar fhianaise bhuiséadach, bhí siad fós ina bhfoinse an-tábhachtach ioncaim do Rialtas na hAirgintíne.

([68]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, DS296, *US – Countervailing Duty Investigation on DRAMS*, mír 115.

([69]) Go háirithe breithiúnas an 14 Nollaig 2022, *PT Pelita Agung Agrindustri agus PT Permata Hijau Palm Oleo v An Coimisiún*, T-143/20, ECLI:EU:T:2022:811, mír 102.

(159) Mheabhraigh an Coimisiún, toisc nach luaitear cánacha onnmhairiúcháin iontu féin go sainráite in Airteagal 3(1)(a) den bhun-Rialachán, nach n-eisiatar iad ó chineál féideartha ranníocaíochta airgeadais agus, dá bhrí sin, go dtiocfadh siad faoin sainmhíniú ar fhóirdheontas faoin mbun-Rialachán agus faoin Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh, go háirithe nuair a ghníomhaíonn siad i gcomhar le tacar eile beart rialtais. Go deimhin, deimhnítear le cásdlí na Cúirte Ginearálta go bhféadfadh sé gurb é cuspóir na gcóras srianta onnmhairiúcháin tacú go díreach agus go hindíreach leis an tionscal bithdhíosail ([70]). Chuir an Coimisiún neart fianaise ar fáil gur úsáideadh an cháin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe mar uirlis, in éineacht le hionstraimí eile, chun saothróirí pónairí soighe a spreagadh chun na cuspóirí beartais sonraithe a chomhlíonadh ar bhealach arb ionann é agus fóirdheontas in-fhrithchúitithe mar a shonraítear faoi Airteagal 3(1)(a) den bhun-Rialachán. A mhéid a bhaineann le cuspóir na gcánacha onnmhairiúcháin, thug an Coimisiún dá aire gur luadh sa reachtaíocht freisin an cuspóir 'praghsanna inmheánacha a chobhsú ar leibhéil áisiúla nó méid tairiscintí atá leordhóthanach do riachtanais soláthair an mhargaidh inmheánaigh a choinneáil ar bun',mar a léirítear in aithris (116). Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

(160) Mhaígh CARBIO agus Rialtas na hAirgintíne nár chuir cánacha onnmhairiúcháin teorainn ar shlí eile lena rogha a dtáirgí a tháirgeadh, a dhíol agus a onnmhairiú. Ina theannta sin, d'áitigh Rialtas na hAirgintíne nár úsáideadh praghsanna oifigiúla SAB ach mar bhonn inchánach don cháin onnmhairiúcháin, agus dá bhrí sin socraíodh praghsanna onnmhairiúcháin gan bhac.

(161) Thug an Coimisiún dá aire gur léirigh an t-imscrúdú go raibh tionchar ag na srianta onnmhairiúcháin ar bharra eile ar tháirgeadh na pónaire soighe, gur fhan praghas intíre na bpónairí soighe faoi bhun phraghas an mhargaidh dhomhanda (féach Graf 3) agus go raibh méid na gcánacha onnmhairiúcháin a íocadh ar phónairí soighe ag brath ar an bpraghas oifigiúil SAB a shocraigh Rialtas na hAirgintíne. Ní gá go bhfágann an cháin onnmhairiúcháin atá bunaithe ar phraghas oifigiúil SAB saor-rogha do shaothróirí pónairí soighe maidir leis an bpraghas onnmhairiúcháin a shocrú. Ar deireadh, mar a thaispeántar san anailís thuas, ní hé an cháin onnmhairiúcháin an t-aon uirlis a cheap Rialtas na hAirgintíne chun saothróirí pónairí soighe a threorú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

(162) Mar fhocal scoir, mar a tharla san imscrúdú bunaidh, chinn an Coimisiún go leanann Rialtas na hAirgintíne de chúram a chur ar na saothróirí pónairí soighe nó de threoir a thabhairt dóibh a bheartas a chur i gcrích maidir le margadh intíre roinnte a chruthú agus pónairí soighe a sholáthar don tionscal bithdhíosail intíre ar íocaíocht nach leordhóthanach.

(163) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hAirgintíne nach amhábhar díreach iad pónairí soighe le haghaidh bithdhíosail agus gur cheart don Choimisiún é sin a chur san áireamh ina anailís, go háirithe tríd an ola pónaire soighe a mheas mar ionchur, ar rud é a bhfuil buntáiste iomaíoch nádúrtha ag an Airgintín ina leith.

(164) Dheimhnigh an Coimisiún gur chuir sé an ghné sin san áireamh i ríomh mhéid an fhóirdheonaithe do tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na hAirgintíne. Go deimhin, ba é a bhí in ainmneoir thairbhe na scéime an láimhdeachas a gineadh ó dhíolacháin táirgí atá bunaithe ar phónairí soighe, ní hamháin ar bhithdhíosal. Mar gheall air sin, níor ghá don Choimisiún an sochar a fuarthas a leithdháileadh bunaithe ar úsáid deiridh na bpónairí soighe a ceannaíodh. Ar deireadh, ós rud é go raibh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte comhtháite go hingearach, níor ghá don Choimisiún cuntas a thabhairt ar aon chéim eile sa slabhra luacha idir na pónairí soighe agus an bithdhíosal agus níor soláthraíodh aon ola pónaire soighe, rud a maíodh san iarraidh agus a bhféadfaí anailís a dhéanamh air, ós rud é gurbh iad na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte féin a tháirg í. Thairis sin, i Roinn 3.3.1.3.3 den Rialachán seo, go háirithe i dTábla 1, is amhlaidh go ndearna an Coimisiún anailís ar ról ola pónaire soighe sa slabhra luacha idir pónairí soighe agus bithdhíosal. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([70]) Féach breithiúnas neamh-achomharc an 14 Nollaig 2022, *PT Wilmar Bioenergi Indonesia agus Eile v an Coimisiún*, T-111/20, EU:T:2022:809, mír 146.

(165) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hAirgintíne agus CARBIO gur beart beartais fhioscaigh a bhfuil feidhm ghinearálta aige í an cháin onnmhairiúcháin. Dúirt Rialtas na hAirgintíne nach ndeimhnítear leis na foinsí ar ar bhunaigh an Coimisiún a thorthaí a thuairiscítear in aithris (115) go raibh sé de chuspóir aige pónairí soighe a sholáthar don tionscal bithdhíosail ar íocaíocht nach leordhóthanach. Mheabhraigh CARBIO go raibh cánacha onnmhairiúcháin ann roimh bhunú an tionscail bithdhíosail san Airgintín in 2007 agus gur úsáideadh iad mar uirlis beartais fhioscaigh. Thuairiscigh CARBIO go bhféadfadh siad a bheith ina n-ualach fiú ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin, toisc nach bhfaigheann siad aisíocaíocht ina leith. Mar thoradh air sin, aon tionchar a bheadh ag an gcáin onnmhairiúcháin ar phraghsanna pónaire soighe agus aon tairbhe, is éard a bheadh iontu fo-éifeacht ghníomhaíocht bailithe ioncaim phoiblí Rialtas na hAirgintíne agus nach raibh ann 'ach fothoradh rialála rialtais' ([71]). Ní bheadh gnáthghníomhaíocht bailithe ioncaim den sórt sin comhionann le caighdeán dlíthiúil maidir le 'ról níos gníomhaí ag an rialtas seachas díreach gníomhartha spreagtha' ([72]).

(166) Mheabhraigh an Coimisiún gur chinn sé in aithris (116) go raibh sé ar cheann de na cuspóirí ar tugadh cumhacht do Rialtas na hAirgintíne dleachtanna onnmhairiúcháin a thobhach ina leith '*praghsanna inmheánacha a chobhsú ar leibhéil áisiúla nó méid tairiscintí atá leordhóthanach do riachtanais soláthair an mhargaidh inmheánaigh a choinneáil ar bun*'. Thairis sin, leagtar amach in aithrisí (117) go (123) an fhianaise atá ar fáil lena léirítear go raibh sé i gceist leis an gcáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe soláthar an amhábhair a áirithiú go háirithe don tionscal bithdhíosail. Dá bhrí sin, cé go n-aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh sé gur úsáideadh an cháin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe mar uirlis beartais fhioscaigh freisin, tháinig sé ar an gconclúid nárbh é sin an t-aon chuspóir amháin a bhí aige. A mhéid a léirigh reachtaíocht na hAirgintíne gurb é cuspóir an Stáit maidir leis an gcáin onnmhairiúcháin forbairt a dhéanamh ar an tionscal iartheachtach, go háirithe an tionscal bithdhíosail, ní 'fothoradh amháin' rialachán Rialtas na hAirgintíne atá i dtionchar na cánach onnmhairiúcháin ar phraghsanna, ach rún sonraithe Rialtas na hAirgintíne a bhí ann. Sa chomhthéacs sin, cánacha onnmhairiúcháin a bheith ann roimh bhunú thionscal an bhithdhíosail san Airgintín in 2007, ní chuireann sé sin as an áireamh an fhéidearthacht go ndéanfaí uirlis bheartais a oiriúnú nó a chur i bhfeidhm maidir le cuspóirí beartais nua a tháinig chun cinn ina dhiaidh sin. Go deimhin, fuarthas amach san imscrúdú bunaidh gurbh é ba chúis go beacht leis an athrú ar an ráta cánach onnmhairiúcháin in 2007 'úsáidí táirgiúla nua, agus luadh bithbhreoslaí go sainráite mar shampla' ([73]). Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

(167) Tar éis an nochta deiridh, luaigh CARBIO a bharúlacha a leagadh amach in aithrisí (158) agus (160) thuas arís. Ar an gcuma chéanna, luaigh Rialtas na hAirgintíne a bharúlacha a leagtar amach in aithris (158) arís. Rinne an dá cheann acu tagairt don léirmhíniú ar Airteagal 1.1(a)(1)(iv) den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh a chuir an Painéal ar fáil in *US – Export Restraints*, ar dá réir nach féidir le srian ar onnmhairiú 'a bheith ina sholáthar earraí atá faoi iontaoibh an rialtais nó faoi stiúir an rialtais de réir bhrí fhomhír (iv)' ([74]). Luaigh an dá cheann acu freisin gur chomhaontaigh an tAontas go sainráite leis an gcásdlí sin ina aighneacht tríú páirtí in *US – Export Restraints* ([75]). Ina theannta sin, mhaígh CARBIO nach féidir le srianta ar onnmhairiú a bheith ina mbealach chun cúram a chur ar ghníomhaithe príobháideacha nó iad a stiúradh de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán. Mar thaca leis sin, thagair CARBIO dá léirmhíniú ag an gCúirt Ghinearálta ([76]) agus do léirmhíniú Airteagal 1.1(a)(1)(iv) den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh ag an bPainéal in *China - GOES* ([77]) agus in *US - Countervailing Measures (China)*, inar míníodh, 'nuair a chuireann Rialtas na Síne teorainn le cumas táirgeoirí intíre na maignéise agus an chóic na táirgí sin a onnmhairiú, ní thugann sé 'freagracht' do tháirgeoirí intíre aon rud a dhéanamh' ([78]). Dá bhrí sin, d'áitigh CARBIO nach féidir srianta ar onnmhairí a mheas mar ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm cúraim nó treorach. Ina dhiaidh sin, dar le CARBIO, ní fóirdheontais in-fhrithchúitithe a bhí sna cánacha onnmhairiúcháin, ná sna srianta ar onnmhairí maidir le harbhar Indiach agus cruithneacht.

([71]) T-300/16, *Jindal Saw agus Jindal Saw Italia v An Coimisiún*, mír 117 agus Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *United States – Countervailing Duty Investigation on Dynamic Random Access Memory Semiconductors (DRAMS) from Korea*, WT/DS296/AB/R, arna ghlacadh an 20 Iúil 2005, DSR 2005:XVI, lch. 8131, mír 114.

([72]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, DS296, *US – Countervailing Duty Investigation on DRAMS*, mír 114.

([73]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (93), chomh maith le haithrisí (94)-(95).

([74]) Tuarascáil ón bPainéal, *United States – Measures Treating Exports Restraints as Subsidies*, WT/DS194/R agus Ceartúchán 2, arna ghlacadh an 23 Lúnasa 2001, DSR 2001:XI, lch. 5767, míreanna 8.38 agus 8.75.

([75]) Iarscríbhinn B-1: Achoimre Feidhmiúcháin ar Aighneacht Tríú Páirtí i Scríbhinn ón gCoimisiún Eorpach, WT/DS194/R, mír 17 agus leathanach 6.

([76]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 10 Aibreán 2019, *Jindal Saw agus Jindal Saw Italia v an Coimisiún*, T-300/16, ECLI:EU:T:2019:235, mír 108.

([77]) Tuarascáil ón bPainéal, *China – Countervailing and Anti-Dumping Duties on Grain Oriented Flat-rolled Electrical Steel from the United States*, WT/DS414/R, agus Aguisín 1, arna ghlacadh an 16 Samhain 2012, arna seasamh le Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc WT/DS414/AB/R, DSR 2012:XII, lch. 6369, mír 7.85.

([78]) Tuarascáil ón bPainéal, *United States – Countervailing Duty Measures on Certain Products from China*, WT/DS437/R agus Aguisín 1, arna ghlacadh an 16 Eanáir 2015, arna modhnú le Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc WT/DS437/AB/R, DSR 2015:I, lch. 183.

(168) Thug an Coimisiún dá aire nach ndearna sé anailís ach ar shrianta ar onnmhairí amhail an cháin onnmhairiúcháin agus na srianta ar onnmhairí ar arbhar Indiach agus cruithneacht, ach ar thacar iomlán beart lena n-áirítear na srianta sin ar onnmhairí a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí (101) go (150), ach gan a bheith teoranta dóibh. Leis an tacar beart sin, i dteannta a chéile, bhí Rialtas na hAirgintíne in ann a chur de chúram ar shaothróirí pónairí soighe a chuspóirí beartais a chomhlíonadh, nó iad a threorú, ar bhealach arb ionann é agus fóirdheontas in-fhrithchúitithe mar a shonraítear faoi Airteagal 3(1)(a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, maímh a bhaineann leis na srianta ar onnmhairí amháin, tá siad neamhéifeachtach i gcomhthéacs na hanailíse a rinne an Coimisiún. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(169) Cháin CARBIO an tagairt a rinne an Coimisiún don bhreithiúnas in *PT Wilmar Bioenergi Indonesia agus Eile v an Coimisiún* in aithris (159) thuas, go háirithe go dtacódh sé leis an ráiteas ón gCoimisiún gur chuir an Coimisiún féin neart fianaise ar fáil gur úsáideadh an cháin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe mar uirlis, in éineacht le hionstraimí eile, chun saothróirí pónairí soighe a spreagadh chun na cuspóirí beartais sonraithe a chomhlíonadh ar bhealach arb ionann é agus fóirdheontas in-fhrithchúitithe. Mhaígh CARBIO nach dtacaíonn an breithiúnas leis an ráiteas sin, go háirithe toisc go raibh na srianta ar onnmhairiú atá i gceist sa bhreithiúnas sin nasctha le praghsanna idirnáisiúnta.

(170) Mheas an Coimisiún, an breithiúnas a luaitear in aithris (159), go dtacaíonn sé leis an léamh go ndeimhnítear le cásdlí na Cúirte Ginearálta go bhféadfadh sé gurb é cuspóir na gcóras srianta onnmhairiúcháin tacú go díreach agus go hindíreach leis an tionscal bithdhíosail. Mar sin féin, níor thagair sé don bhreithiúnas sin mar thaca lena chinneadh i ndáil leis an gcáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(171) Ina theannta sin, cé gur aithin Rialtas na hAirgintíne gur shainaithin an Coimisiún an bonn inchánach éagsúil i gceart (i.e. an praghas SAB a breithníodh) le haghaidh pónairí soighe agus ola pónaire soighe ar thaobh amháin, agus bithdhíosal ar an taobh eile, mhaígh sé gur mheasc an Coimisiún é leis an luach inchánach (i.e. an luach ar a ríomhtar an cháin onnmhairiúcháin) agus nár thuig sé an difreálach idir ráta éifeachtach na cánach onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal agus ráta na cánach onnmhairiúcháin ar phónairí soighe agus ar ola pónaire soighe in aithris (113). De réir Rialtas na hAirgintíne, ba cheart don Choimisiún comparáid a dhéanamh idir ráta éifeachtach na cánach onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal agus ráta éifeachtach líomhnaithe na cánach onnmhairiúcháin ar phónairí soighe agus ar ola pónaire soighe, ráta a bhí i bhfad níos ísle. Go deimhin, de réir Rialtas na hAirgintíne, cé go bhfuil an bonn inchánach difriúil, is ionann an bealach chun an luach inchánach a ríomh i gcás na dtrí cháin onnmhairiúcháin.

(172) Thug an Coimisiún dá aire gur chuir Rialtas na hAirgintíne faisnéis fhrithráiteach ar fáil i ndáil leis sin. Mar fhreagra ar cheist C.II.22 den cheistneoir, mhínigh Rialtas na hAirgintíne féin, 'Nuair a bhíonn earraí faoi réir Praghsanna Oifigiúla (mar shampla, earraí faoi Dhlí Uimh. 21453 [i.e. pónairí soighe agus ola pónaire soighe]), beidh an Luach Inchánach comhionann leis an bPraghas Oifigiúil'. Fágann sé sin gur shainaithin an Coimisiún i gceart an luach inchánach le haghaidh pónairí soighe agus ola pónaire soighe sa phraghas oifigiúil SAB, sa chaoi go ngearrtar an cháin onnmhairiúcháin go díreach ar an bpraghas oifigiúil SAB, gan ráta éifeachtach a ríomh le haghaidh pónairí soighe agus ola pónaire soighe. Dá bhrí sin, an difreálach a dtugtar tuairisc air in aithris (113) agus a thuairiscítear i bhfoinsí poiblí, is amhlaidh go bhfuil sé i bhfeidhm. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

(173) Cháin Rialtas na hAirgintíne freisin an cur síos ar staid tháirgeoirí na bpónairí soighe mar thoradh ar bhearta Rialtas na hAirgintíne in aithris (123) mar staid 'neamhréasúnach', toisc go raibh coinne le táirgeacht shláintiúil in 2025.

(174) Thug an Coimisiún dá aire, an cur síos sin ar staid neamhréasúnach, gur thagair sé do na díolacháin, seachas don táirgeadh, agus dhiúltaigh sé don mhaíomh sin.

(175) Thairis sin, mhaígh Rialtas na hAirgintíne, na méideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin maidir le harbhar Indiach agus cruithneacht, nach raibh na méideanna sin ina dtacaíocht do tháirgeoirí pónairí soighe ach go raibh siad dírithe ar shuaitheadh sa mhargadh a mhaolú, suaitheadh a d'eascair as fogha míleata na Rúise faoin Úcráin. Mhaígh Rialtas na hAirgintíne freisin, os a choinne sin, gur dhírigh anailís an Choimisiúin ar éifeachtaí an bhirt. Thairis sin, thug Rialtas na hAirgintíne dá aire gur choigeartaigh sé na méideanna comhardúcháin suas i rith na bliana, seachas síos, arbh é an treo a d'iarrfaí dá mba é an cuspóir táirgeadh pónairí soighe a dhreasú. Ar deireadh, de réir Rialtas na hAirgintíne, níor mheas an Coimisiún go bhfuil sé de shaoirse ag táirgeoirí pónairí soighe barra a athrú agus gur líonadh an cuóta beagnach i gcomhréir le tráthchlár a bhailíochta.

(176) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (136) gur rannchuidigh na méideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin le tús áite a thabhairt do tháirgeadh pónairí soighe, seachas tacú leo. Thairis sin, tugadh méideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin isteach trí bhíthin Rún 276/2021, dar dáta an 16 Nollaig 2021, roimh fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin i mí Feabhra 2022. Ar deireadh, níor fhrithchúitigh an Coimisiún na méideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin ina n-aonar, ach mar chuid de thacar beart trínar chuir Rialtas na hAirgintíne de chúram ar sholáthróirí pónaire soighe, nó trínar threoraigh siad iad, an cuspóir sainráite pónairí soighe a sholáthar don tionscal bithdhíosail ar íocaíocht nach leordhóthanach. Bhí na modhnuithe ar mhéideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin bunaithe ar an tomhaltas intíre agus ar na riachtanais onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, ní raibh sa choigeartú suas ar na méideanna ach léiriú ar laghdú ar thomhaltas intíre agus ar mhéadú ar riachtanas onnmhairiúcháin. Os a choinne sin, léiríodh an cuspóir tús áite a thabhairt do tháirgeadh pónairí soighe trí mhéideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin a fhorchur ar arbhar Indiach agus ar chruithneacht ar an gcaoi chéanna. Tugtar faoi deara gur forchuireadh méideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin tar éis tréimhse gan srianta ar onnmhairí. Le linn na tréimhse sin gan srianta ar onnmhairiú, tháinig laghdú ar tháirgeacht pónairí soighe, ach tháinig méadú ar tháirgeadh arbhair Indiaigh agus cruithneachta. Treisíonn an tsaoirse chun malartú idir barra torthaí an Choimisiúin, ós rud é go léiríonn na sonraí táirgeachta i nGraf 1 an comhghaol láidir idir táirgeadh pónaire soighe agus srianta ar onnmhairiú, mar a léirítear freisin le rogha na dtáirgeoirí maidir le barra sa tréimhse gan srianta. Ar deireadh, coinníodh caidhp chrua i gcás méideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin, mar a léiríodh leis an bhfíoras go raibh na méideanna ídithe, agus dá bharr sin tá claonadh ann i dtreo pónairí soighe a tháirgeadh díreach ós rud é go bhfuil sé ann. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

3.3.1.3.2. Cúram nó treorú comhlachtaí príobháideacha de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán

(177) Mar a rinneadh san imscrúdú bunaidh, rinne an Coimisiún measúnú ansin féachaint an comhlachtaí príobháideacha iad na saothróirí pónaire soighe san Airgintín ar chuir Rialtas na hAirgintíne de chúram orthu nó ar threoraigh Rialtas na hAirgintíne iad de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán.

(178) Bhí na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón Airgintín a sampláladh ag ceannach na bpónairí soighe uile a úsáideadh chun bithdhíosal a tháirgeadh ó fhoinsí intíre. Ceannaíodh iad sin ó fheirmeacha pónaire soighe príobháideacha, seachas méideanna áirithe pónairí soighe a fuarthas ón gcuideachta YPF SA atá faoi úinéireacht an Stáit.

(179) Mhínigh Rialtas na hAirgintíne go bhfuil níos mó ná seasca míle feirmeoir pónaire soighe san Airgintín, go bhfuil siad scaipthe ar fud limistéar ollmhór agus go dtáirgeann siad faoi dhálaí eacnamaíocha agus táirgiúla éagsúla, agus mhaígh siad nach féidir a mheas gur comhlacht príobháideach ceachtar acu ar cuireadh cúram orthu nó ar treoraíodh iad faoi Airteagal 1.1(a)(1)(iv) den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh, ach go bhfuil siad faoi réir chumhacht rialála an Stáit agus an bheartais fhioscaigh a éilíonn sé, a bhfuil feidhm ghinearálta aige.

(180) Thug an Coimisiún dá aire nach labhraíonn an líon nó na difríochtaí i ndálaí suímh nó táirgthe iontu féin i gcoinne cinneadh maidir le hiontaoibh nó treoir. Thug an Coimisiún dá aire nach léirítear le líon na ndifríochtaí, i ndálaí suímh nó táirgthe, iontu féin i gcoinne cinneadh maidir le cúram nó treoir. Ina ionad sin, léirítear le struchtúr ilroinnte mhargadh na pónaire soighe laige i gcothromaíocht an mhargaidh, go háirithe i gcomparáid leis an mbeagán onnmhaireoirí bithdhíosail atá comhtháite go hingearach (níos lú ná dosaen, de réir Rialtas na hAirgintíne), arb iad na príomhbhrúiteoirí pónaire soighe iad freisin, a bhfuil i bhfad níos mó cumhachta margaidh acu. Thairis sin, níl feidhm ghinearálta ag an mbeartas fioscach atá i gceist — na cánacha onnmhairiúcháin — ach tá éifeacht aige ar tháirgí agraibhia sonracha agus a ndíorthaigh, go háirithe pónairí soighe, ola pónaire soighe agus bithdhíosal. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

(181) Dá bhrí sin, mar a rinneadh san imscrúdú bunaidh, mheas an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil, gur comhlachtaí príobháideacha iad na saothróirí pónairí soighe uile ar chuir Rialtas na hAirgintíne de chúram orthu de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán pónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach.

3.3.1.3.3. Pónairí soighe á soláthar ag saothróirí pónairí soighe ar íocaíocht nach leordhóthanach

(182) San imscrúdú bunaidh, rinne an Coimisiún imscrúdú ar cé acu a rinne nó nach ndearna na saothróirí pónairí soighe beartas rialtasach na hAirgintíne i ndáiríre chun pónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach.

(183) Rinne an Coimisiún an anailís chéanna agus na sonraí a bailíodh ag an am á dtabhairt cothrom le dáta aige. I gcomhréir leis na conclúidí ar thángthas orthu in aithris (85), bhí ar an gCoimisiún úsáid pháirteach a bhaint as na fíorais a bhí ar fáil de bhun Airteagal 28 den bhun-Rialachán chun a chinneadh ar sholáthair saothróirí pónairí soighe pónairí soighe ar íocaíocht nach leordhóthanach.

(184) Tríd an tacar beart a tuairiscíodh in aithrisí (101) go (150), spreag Rialtas na hAirgintíne na saothróirí pónairí soighe chun díol go háitiúil ar phraghsanna níos ísle ná mar a bhí murach sin i.e. in éagmais na mbeart sin, d'onnmhaireodh na saothróirí pónairí soighe na pónairí soighe ar phraghas an mhargaidh dhomhanda i bhfad níos airde nó go simplí dhéanfadh siad a soláthar a choigeartú do shrianta an mhargaidh. I gcodarsnacht leis sin, ní dhearna na saothróirí pónaire soighe amhlaidh mar gheall ar bheartas Rialtas na hAirgintíne borradh a chur faoi fhorbairt thionscal an bhithdhíosail iartheachtach.

(185) Mar a léirítear i dTábla 1, déantar beagnach gach táirgeadh intíre pónairí soighe a phróiseáil tuilleadh ina ola pónaire soighe trí bhrú. Is iad seo a leanas na sonraí a bhaineann le táirgeadh, onnmhairiú, allmhairiú agus brú intíre pónairí soighe i gcaitheamh na mblianta:

Tábla 1

Pónaire shoighe, ola pónaire soighe agus táirgeadh bithdhíosail de chuid na hAirgintíne

	Táirgeadh pónaire soighe (MT)	Onnmhairí pónaire soighe (MT)	Allmhairí pónaire soighe (MT)	Brú pónaire soighe (MT)	Táirgeadh ola pónaire soighe (MT)	Tomhaltas intíre ola pónaire soighe (MT)	Táirgeadh bithdhíosail (MT)
2020	48 780 412	6 640 000	4 930 000	42 680 000	7 160 243	1 791 370	1 157 364
2021	46 217 911	5 500 000	4 430 000	45 840 000	8 392 043	2 524 210	1 723 665
2022	43 861 066	5 540 000	4 570 000	39 940 000	7 447 690	2 890 010	1 909 618
2023	25 044 982	2 000 000	10 000 000	38 500 000	5 270 048	1 887 864	831 269

Foinse: Freagra Rialtas na hAirgintíne ar an gceistneoir, a thagann ó bhunachair sonraí éagsúla de chuid na hAirgintíne atá ar fáil go poiblí ([79]). Níor aisghabhadh ach sonraí táirgthe bithdhíosail le haghaidh mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2023 ón nasc seo a leanas: http://datos.energia.gob.ar/dataset/estadisticas-de-biodiesel-y-bioetanol/archivo/4e04bc74-8625-412c-acc2-48412f2509b4. Bhí na sonraí le haghaidh mhí na Nollag 2023 fós sealadach.


(186) Mar a mhínítear in aithris (133), ba é ba chúis leis an laghdú ar tháirgeadh pónairí soighe suas le 2022 deireadh a cuireadh le cuótaí onnmhairiúcháin ar arbhar Indiach agus cruithneacht mar aon le bearta cosanta trádála ag an Aontas Eorpach, ag na Stáit Aontaithe agus ag Peiriú. Tharla an laghdú ina dhiaidh sin in 2023 mar gheall ar thriomach mór san Airgintín. In 2024, tar éis an triomaigh, tháinig téarnamh agus méadú ar tháirgeadh pónaire soighe, i gcomparáid le táirgeadh in 2022 roimh an triomach.

([79]) Na sonraí a tuairiscíodh maidir le brú pónaire, thagair siad do bhrú agus d'úsáidí eile, de réir fhreagra Rialtas na hAirgintíne ar an gceistneoir, agus fuarthas iad ó *Estimaciones Agrícolas* míosúil arna fhoilsiú ag Rúnaíocht Talmhaíochta, Beostoic agus Iascaigh na hAireachta Geilleagair (https://www.magyp.gob.ar/sitio/areas/estimaciones/estimaciones/informes/). Chun na méideanna brúite amháin a shainaithint, chuaigh an Coimisiún i muinín sonraí oifigiúla eile a d'fhoilsigh Rúnaíocht Talmhaíochta, Beostoic agus Iascaigh na hAireachta Geilleagair san eagrán mhíosúil *Industrialización de granos* (https://www.magyp.gob.ar/sitio/areas/gestion/). Mar sin féin, léiríodh leis na sonraí sin méideanna níos airde le haghaidh brú (*industrialización*) amháin le haghaidh blianta buainte áirithe (Aibreán go Márta) i gcomparáid leis an tacar sonraí a d'úsáid Rialtas na hAirgintíne. Dá bhrí sin, ós rud é go raibh formhór thomhaltas na bpónairí soighe dírithe ar bhrú agus chun comhsheasmhacht agus inchomparáideacht na sonraí a chuirtear i láthair i dTábla 1 a chaomhnú, d'úsáid an Coimisiún na sonraí a chuir Rialtas na hAirgintíne isteach le haghaidh brú agus úsáidí eile mar thagairt do bhrú amháin, agus é á chur san áireamh go bhféadfaí gannmheastachán a dhéanamh orthu.

(187) Léirítear an treocht i nGraf 2 thíos (in MT):

Graf 2

Próiseáil pónairí soighe san Airgintín



Foinse: na sonraí a sholáthraítear i dTábla 1.

(188) Léirítear i dTábla 1 agus i nGraf 2 go ndeachaigh beagnach gach ceann de tháirgeadh pónaire soighe faoi bhrú agus gur úsáideadh tomhaltas intíre na hola pónaire soighe a d'eascair as den chuid is mó chun bithdhíosal a tháirgeadh. Thairis sin, fiú nuair a bhí táirgeacht íseal ann mar thoradh ar thriomach 2023, d'allmhairigh an Airgintín níos mó pónairí soighe chun a hacmhainneacht bhrúite a líonadh.

(189) Thairis sin, ní dhéantar pónairí soighe a onnmhairiú ach amháin nuair a bhíonn an tomhaltas intíre le haghaidh brú pónaire soighe agus táirgeadh bithdhíosail comhlíonta go hiomlán. Léirítear i dTábla 1 agus i nGraf 2 freisin na hallmhairí an-teoranta pónairí soighe thar na blianta inar cuireadh na srianta ar onnmhairí i bhfeidhm, cé is moite den bhliain 2023 nuair a tharla an triomach. Deimhnítear é sin freisin leis an tsamhail ghnó a tugadh faoi deara leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Go deimhin, níor allmhairigh ceachtar acu pónairí soighe chun bithdhíosal a tháirgeadh. Ina ionad sin, d'allmhairigh siad na pónairí soighe go heisiach lena n-úsáid ina n-áiseanna brú agus ansin d'onnmhairigh siad an ola agus an mhin pónaire soighe go léir a d'eascair as sin lasmuigh den Airgintín.

(190) Dá bhrí sin, baineadh amach príomhchuspóir bhearta Rialtas na hAirgintíne: tá pónairí soighe a tháirgtear sa bhaile tar éis an t-éileamh intíre ar ionchur le haghaidh táirgeadh bithdhíosail intíre a shásamh go hiomlán chun aimhleasa na dtáirgeoirí pónairí soighe nach raibh in ann a mbrabúis a bharrfheabhsú trína gcuid táirgí go léir a onnmhairiú nó trína ndíol sa bhaile ar phraghsanna níos airde mar gheall ar na srianta ar onnmhairí.

(191) De réir chásdlí ábhartha EDT, i bhformhór na gcásanna ba cheart don rialtas cineál éigin bagartha nó spreagtha a thabhairt do sholáthróirí ionchur chun fianaise a thabhairt gurb ann do chúram agus treoir. Ní dhéantar an cinneadh sin a chur i leataobh go huathoibríoch trí chorrlach lánroghnach a fhágáil. Tá an anailís sin de réir an cháis bunaithe ar fhianaise. Sa chás sin, is iontach an rud é go bhfuil na honnmhairí teoranta go leor i margadh tráchtearraí an-idirnáisiúnta ina bhfuil an Airgintín ar cheann de na príomhtháirgeoirí pónairí soighe ar fud an domhain, go háirithe os rud é go bhfuil an praghas i margaí idirnáisiúnta i bhfad níos airde ná an praghas intíre san Airgintín (féach Graf 3).

(192) Léiríonn an fhianaise atá i reachtaíocht na hAirgintíne (féach aithrisí (116) go (120)) gurb é cuspóir beartais Rialtas na hAirgintíne na tionscail iartheachtacha breisluacha níos airde, lena n-áirítear bithdhíosal, a fhorbairt agus tús áite a thabhairt dóibh. Ina theannta sin, luaigh Rialtas na hAirgintíne go soiléir an cuspóir atá aige na tionscail iartheachtacha a chosaint ar ardú praghsanna idirnáisiúnta.

(193) Is léir freisin go spreagann na beartais sin na feirmeoirí pónairí soighe beaga gan áireamh, cé nach gcuireann Rialtas na hAirgintíne cosc foirmiúil orthu a gcuid táirgí a onnmhairiú, chun beagnach a dtáirgeadh ar fad a dhíol sa bhaile, agus ar phraghsanna níos ísle ná mar a bhainfidís amach sna margaí idirnáisiúnta murach sin. Níl aon fhianaise ar taifead go bhfuil Rialtas na hAirgintíne ag iarraidh ar bhealach ar bith méadú ar onnmhairí a spreagadh agus/nó tacú go gníomhach leis go díreach nó go hindíreach agus, dá bhrí sin, brabúis a uasmhéadú d'fheirmeoirí na pónaire soighe in ainneoin na ndeacrachtaí aitheanta atá ag feirmeoirí beaga cliaint a aimsiú thar lear, cumarsáid a dhéanamh i dteanga iasachta, agus na foirmiúlachtaí riaracháin troma uile a shocrú d'onnmhairí.

(194) In éagmais fianaise eile dá mhalairt ar taifead, agus mar gheall ar an easpa comhair leordhóthanaigh ó Rialtas na hAirgintíne chun fianaise agus faisnéis ábhartha a sholáthar ina leith sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go léirítear leis an bhfianaise sin go spreagtar saothróirí pónairí soighe a dtáirgeadh a dhíol ar bhonn intíre chun tairbhe na dtionscal iartheachtach (lena n-áirítear táirgeoirí bithdhíosail) seachas a dtorthaí a uasmhéadú, amhail trí bhealaí eile a aimsiú amhail a n-aschur táirgthe a oiriúnú nó fiú aistriú chuig cineál eile táirgthe (e.g. gráin eile).

(195) Ós rud é go bhfuil discréid éigin fós ag saothróirí pónairí soighe díol ar an gcoigríoch go foirmiúil ar a laghad agus gur tharla onnmhairí an-teoranta, ní bhaineann sé sin an bonn den phríomhchonclúid maidir lena gcúram nó lena dtreoir i gcomhréir le cásdlí EDT ([80]).

(196) Thairis sin, mar a rinneadh san imscrúdú bunaidh, rinne an Coimisiún anailís ar thionchar sholáthar na bpónairí soighe i ngeall ar bhearta Rialtas na hAirgintíne ar phraghas intíre na bpónairí soighe san Airgintín.

(197) D'úsáid an Coimisiún meánphraghas intíre na bpónairí soighe san Airgintín atá bunaithe ar shonraí míosúla ó Mhalartán Gráin Buenos Aires le haghaidh Rosario, Bahia Blanca, agus Quequen arna soláthar ag Rialtas na hAirgintíne.


(198) Mar a tharla san imscrúdú bunaidh, d'allmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte roinnt pónairí soighe. Cé nár úsáid na cuideachtaí na hallmhairí sin chun bithdhíosal a tháirgeadh — úsáideadh iad chun ola pónaire soighe a dhéanamh a onnmhairíodh ansin, d'fhéadfaí a mheas go raibh praghas na n-allmhairí sin ionadaíoch, toisc gur allmhairíodh na pónairí soighe lena mbrú agus lena n-athonnmhairiú mar ola pónaire soighe agus go raibh a bpraghas ar aon dul le margadhphraghas domhanda na bpónairí soighe (Murascaill Mheicsiceo).

(199) Léirítear i nGraf 3 thíos na luaineachtaí praghsanna le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (seachas míonna nár tuairiscíodh aon phraghas intíre iontu) agus an difríocht i bpraghsanna idir praghas intíre na hAirgintíne agus an margadhphraghas domhanda.

([80]) Tuarascáil ón bPainéal, DS 296, *US — Countervailing Duty Investigation on DRAMS* [SAM — Imscrúdú Dleachta Frithchúitimh ar DRAMS], mír 7.38. Cé go ndearnadh achomharc ar Thuarascáil an Phainéil, ní dhearnadh achomharc ar an gconclúid sin go háirithe.

Graf 3

Praghas intíre na hAirgintíne i gcomparáid leis an margadhphraghas domhanda



Foinse: Freagra Rialtas na hAirgintíne ar an gceistneoir maidir le praghas intíre na hAirgintíne, freagraí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar an gceistneoir maidir lena bpraghas allmhairiúcháin, agus innéacs Mhurascaill Mheicsiceo mar a tuairiscíodh ar shuíomh gréasáin na Rúnaíochta Talmhaíochta, Beostoic agus Iascaigh (https://www.magyp.gob.ar/sitio/reas/ss_mercados_agropecuarios/reas/granos/_archivos/000057_Precios%20Internacionales/_series/_golfo_mex/golfo_mexico.php).

(200) Léirítear i nGraf 3 difríocht sa phraghas idir praghas intíre na hAirgintíne agus an margadhphraghas domhanda, chomh maith le praghas allmhairiúcháin CAL na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Le beartas treorach Rialtas na hAirgintíne cuirtear cosc ar shaothróirí pónairí soighe brabúis a bhaint amach bunaithe ar phraghsanna an mhargaidh dhomhanda. Ní bhíonn rogha réasúnach ag na saothróirí pónaire soighe díol ar mhargaí idirnáisiúnta ar phraghsanna i bhfad níos airde.

(201) Ina ionad sin, tá brabúis inchomparáide á mbaint amach acu ar an margadh intíre agus ar an margadh idirnáisiúnta araon, ar chostas praghsanna intíre a laghdú faoi mhéid na cánach onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, laghdaíonn an Rialtas na hAirgintíne na praghsanna intíre chun leasa an tionscail phróiseála intíre.

(202) Treoraíonn Rialtas na hAirgintíne trí rogha réasúnach a choinneáil siar ó na saothróirí pónaire soighe. Ina theannta sin, mar is léir ón gcairt, ní hamháin gur fhan an difríocht sa phraghas idir praghsanna intíre agus praghsanna idirnáisiúnta comhsheasmhach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ach rinne sé tionscal an bhithdhíosail agus gach tionscal iartheachtach eile (amhail na brúiteoirí, atá comhtháite go príomha le táirgeoirí bithdhíosail) a chosaint freisin ar na praghsanna níos airde ar an margadh idirnáisiúnta.

(203) Dá bhrí sin, bhain sraith beart Rialtas na hAirgintíne a sprioc réamhshainithe amach, is é sin praghsanna intíre a laghdú i gcomhthéacs praghsanna idirnáisiúnta atá ag ardú chun tairbhe an tionscail breisluacha intíre, lena n-áirítear bithdhíosal.

(204) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cuireadh de chúram ar na saothróirí pónairí soighe san Airgintín nó gur treoraíodh dóibh pónairí soighe a sholáthar don tionscal bithdhíosail intíre ar íocaíocht nach leordhóthanach.

(205) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh CARBIO nár tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san athbhreithniú éaga seo, nach mbeadh cead ag táirgeoirí pónairí soighe praghas na bpónairí soighe a shocrú, murab ionann agus an t-imscrúdú bunaidh ([81]). Thug CARBIO dá aire gur mhínigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte le linn an fhíoraithe go n-idirbheartaíonn ceannaitheoirí agus díoltóirí sa mhargadh pónaire soighe praghsanna gan bhac agus go socraíonn siad praghsanna gan bhac. Thairis sin, d'áitigh CARBIO nár bhain an cháin onnmhairiúcháin a rogha réasúnach de sholáthróirí pónairí soighe agus nár bhain sí an bonn dá gcumas onnmhairiú, mar a léirítear i dTábla 1 agus in aithris (195). Ar deireadh, d'fhan saothróirí saor chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na barra atá le fás.

(206) Murab ionann agus ar maíodh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (161), mar a tháinig san imscrúdú bunaidh, gur fhan praghas intíre na bpónairí soighe faoi bhun phraghas an mhargaidh dhomhanda agus nach raibh cead ag táirgeoirí pónairí soighe an praghas onnmhairiúcháin a shocrú mar gheall ar an gcáin onnmhairiúcháin. Níor tháinig na mínithe ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte salach ar an dá thoradh sin. Thairis sin, mhínigh an Coimisiún cheana in aithrisí (161) agus (193) go dtí (195) gur chuir Rialtas na hAirgintíne srian ar an méid rogha a bhí ag táirgeoirí pónairí soighe. Ar deireadh, an tsaoirse chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na barra atá le fás, níor chuir sí cosc ar an gCoimisiún teacht ar an gconclúid in aithris (135) thuas gur rannchuidigh méideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin le tús áite a thabhairt do tháirgeadh pónairí soighe thar arbhar Indiach agus cruithneacht. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(207) Mhaígh Rialtas na hAirgintíne, an easpa fianaise ar ghníomhaíocht Rialtas na hAirgintíne chun tacú le gníomhaíocht onnmhairiúcháin táirgeoirí pónairí soighe, nár cheart glacadh leis gur fianaise ar a mhalairt atá san fhianaise sin. Thairis sin, de réir Rialtas na hAirgintíne, níor chuir an Coimisiún san áireamh go bhfuil an margadh tráchtearraí idirnáisiúnta casta, agus nach mbíonn táirgeoirí pónairí soighe ag gabháil dó go díreach ach trí thrádálaithe.

(208) Thug an Coimisiún dá aire gur bhain a chinneadh leis an méid rogha a bhí ag táirgeoirí pónairí soighe atá srianta ag Rialtas na hAirgintíne, bunaithe ar fhianaise dhearfach a bailíodh i gcomhthéacs an imscrúdaithe – seachas é a bheith in easnamh – agus nár chuir Rialtas na hAirgintíne aon fhianaise bhreise ar fáil tar éis an nochta deiridh. Ós rud é go mbíonn rochtain ag trádálaithe ar an margadh tráchtearraí idirnáisiúnta de ghnáth, níor cheart cosc a chur ar onnmhairí ó tháirgeoirí pónairí soighe. Go deimhin, is trí thrádálaithe go ginearálta a onnmhairíonn táirgeoirí onnmhairiúcháin bithdhíosail na hAirgintíne. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

3.3.1.3.4. An fheidhm, a chuirfí de chúram de ghnáth ar an rialtas, agus an cleachtas, nach bhfuil difriúil i ndáiríre, ó chleachtais a leanann rialtais de ghnáth

(209) Mar a fuarthas san imscrúdú bunaidh ([82]), mheas an Coimisiún gur feidhm a chuirtear de chúram de ghnáth ar an rialtas é pónairí soighe atá suite ar ithir na hAirgintíne a sholáthar do thionscal bithdhíosail na hAirgintíne, bunaithe ar an bhfíoras go bhfuil ceannasacht ag Stáit ar a n-acmhainní nádúrtha faoin dlí idirnáisiúnta ginearálta. Seachas na hionchuir a sholáthar go díreach don tionscal bithdhíosail chun cuspóirí beartais phoiblí Rialtas na hAirgintíne a bhaint amach maidir le borradh a chur faoi fhorbairt an tionscail bithdhíosail, lena n-áirítear a acmhainneacht onnmhairiúcháin, spreagann Rialtas na hAirgintíne trí shraith beart eintitis phríobháideacha chun é sin a dhéanamh thar ceann Rialtas na hAirgintíne, agus ar an gcaoi sin feidhm a chomhlíonadh nach bhfuil difriúil i ndáiríre le cleachtais a leanann rialtais de ghnáth agus lena mbaineann ioncam a íobairt.

(210) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hAirgintíne nach raibh soláthar pónairí soighe ina fheidhm a dhílsítear de ghnáth don rialtas, toisc nár ghlac Rialtas na hAirgintíne páirt sna gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh pónairí soighe. Ar an gcaoi chéanna, mhaígh CARBIO gur theip ar an gCoimisiún aon fhianaise a sholáthar a léiríonn, cinntí a dhéanann soláthróirí faoi úinéireacht phríobháideach maidir le táirgeadh agus díolacháin pónairí soighe, a shaothraítear ar thalamh faoi úinéireacht phríobháideach san Airgintín, gur léiriú iad na cinntí sin ar fheidhm a dhílsítear de ghnáth do Rialtas na hAirgintíne. De réir Rialtas na hAirgintíne agus CARBIO, ní chiallaíonn an fíoras go bhféadfaidh Stát cumhachtaí rialála a fheidhmiú maidir le hacmhainní nádúrtha laistigh dá chríoch gur feidhm a dhílsítear de ghnáth don rialtas é na hacmhainní nádúrtha sin a sholáthar do ghnólachtaí príobháideacha. Os a choinne sin, feidhm is ea saothrú tráchtála, dáileadh agus díol acmhainní nádúrtha a dhílsítear de ghnáth d'fhiontair phríobháideacha, agus bíonn ról an Stáit teoranta do rialáil agus maoirseacht. Is é sin le rá, cé gur feidhm í rialáil agus maoirseacht acmhainní nádúrtha a dhílsítear de ghnáth don rialtas, níl baint dhíreach aici le hacmhainní nádúrtha a sholáthar d'eintitis phríobháideacha.

([81]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (125).
([82]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (164).

(211) Ar an gcéad dul síos, maidir leis na hargóintí nár ghlac Rialtas na hAirgintíne páirt i dtáirgeadh pónairí soighe, go bhfuil soláthróirí faoi úinéireacht phríobháideach agus go ndíolann siad pónairí soighe a shaothraítear ar thalamh atá faoi úinéireacht phríobháideach, thug an Coimisiún dá aire gur chuir Rialtas na hAirgintíne de chúram ar tháirgeoirí pónairí soighe cuspóir beartais ar leith a bhaint amach nó gur thug sé treoir dóibh déanamh amhlaidh. Ní raibh soláthar pónairí soighe den sórt sin ag na táirgeoirí pónairí soighe ar cuireadh cúram orthu difriúil ó chás inarb é Rialtas na hAirgintíne féin táirgeoir na bpónairí soighe go díreach. Thairis sin, ní aontaíonn an Coimisiún leis an idirdhealú bréagach a rinne CARBIO, nach bhfuil saothrú tráchtála, dáileadh agus díol acmhainní nádúrtha ina fheidhm a dhílsítear de ghnáth don rialtas, mar tá ról an rialtais d'acmhainní nádúrtha a rialáil agus a mhaoirsiú. Is iad na hiarmhairtí a bheadh ag cur chuige den sórt sin nach bhféadfaí soláthar earraí nó seirbhísí ar íocaíocht nach leordhóthanach a mheas riamh mar fheidhm atá dílsithe don rialtas, toisc nach mbeadh d'fheidhm ag an Stát ach rialáil a dhéanamh ar sholáthar earra nó seirbhíse den sórt sin. Níor ghlac an Coimisiún le hidirdhealú den sórt sin agus mheas sé, a bhuí go beacht le feidhmiú chumhachtaí rialála Rialtas na hAirgintíne maidir le pónairí soighe a sholáthar, gur féidir caitheamh le soláthar pónairí soighe den sórt sin mar fheidhm a dhílsítear de ghnáth don rialtas. Sa chomhthéacs sin, ós rud é gur eintitis phríobháideacha seachas faoi úinéireacht an Stáit iad faighteoirí an earra sin, ní bhíonn tionchar aige sin ar an gconclúid sin, ós rud é nach mbaineann sé leis an gcuspóir beartais maidir leis forbairt an tionscail bithdhíosail. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

3.3.1.3.5. Conclúid maidir le ranníocaíocht airgeadais

(212) Trí shraith beart, lena n-áirítear cánacha onnmhairiúcháin, srianta cainníochtúla, fóirdheontais do tháirgeoirí intíre, agus ráitis beartais phoiblí, spreag Rialtas na hAirgintíne na saothróirí pónairí soighe intíre chun pónairí soighe a dhíol go háitiúil agus 'cuireadh de chúram' orthu nó 'treoraíodh' iad an t-amhábhar sin a sholáthar san Airgintín ar íocaíocht nach leordhóthanach. Leis na bearta atá i gceist, baineadh amach an éifeacht inmhianaithe chun margadh intíre na bpónairí soighe san Airgintín a shaobhadh agus chun an praghas a laghdú go leibhéal atá íseal go saorga chun tairbhe an tionscail bithdhíosail iartheachtach. Is iondúil go gcuirtear de chúram de ghnáth ar an rialtas an fheidhm chun pónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach i bhfianaise an chuspóra phoiblí tacú leis an tionscal bithdhíosail. Thairis sin, maidir le cleachtas na saothróirí pónairí soighe an fheidhm sin a chomhlíonadh, níl sé difriúil, ar aon bhealach, le cleachtais a leanann rialtais de ghnáth agus cuspóirí beartais comhchosúla á saothrú acu trí chineálacha eile tacaíochta (amhail deontais nó ioncam ligthe thar ceal).

(213) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur sholáthair Rialtas na hAirgintíne ranníocaíocht airgeadais indíreach de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán, arna léirmhíniú agus arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le caighdeán ábhartha EDT faoi Airteagal 1.1(a)(iv) den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh.

3.3.1.4. Tacaíocht ioncaim nó praghais

(214) San imscrúdú bunaidh, mheas an Coimisiún nach raibh na catagóirí 'ranníocaíocht airgeadais' agus 'tacaíocht ioncaim nó praghais' comheisiach ([83]). I gcomhréir leis an léirmhíniú sin, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí an tacar beart arna ghlacadh ag Rialtas na hAirgintíne a shaintréithriú mar 'ranníocaíocht airgeadais' i bhfoirm earraí a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach, rinne an Coimisiún anailís freisin ar cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí sraith beart Rialtas na hAirgintíne a shaintréithriú freisin mar thacaíocht ioncaim nó praghais a thagann faoi Airteagal 3(1)(b) den bhun-Rialachán. ([84])

(215) Mar a léirítear sa mheabhrán maidir le leordhóthanacht na fianaise, mheas an Coimisiún gur thug an t-iarratasóir fianaise san athbhreithniú éaga reatha inar líomhnaíodh go bhféadfaí sraith beart Rialtas na hAirgintíne a shaintréithriú freisin mar thacaíocht ioncaim nó praghais faoi Airteagal 3(1)(b) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún ar dtús an raibh sé fós ar intinn ag Rialtas na hAirgintíne tacú le cruthú agus forbairt an tionscail bithdhíosail; ar an dara dul síos, na cineálacha beart a ghlac Rialtas na hAirgintíne nó ar lean sé dá nglacadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chun tacú leis an tionscal bithdhíosail; agus ar an tríú dul síos, cé acu a cháiligh nó nár cháiligh na bearta sin mar 'aon chineál tacaíochta ioncaim/praghais' de réir bhrí Airteagal XVI de GATT 1994.

([83]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithrisí (171)-(176).
([84]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (177).

3.3.1.4.1. Rún Rialtas na hAirgintíne tacú leis an tionscal bithdhíosail intíre

(216) San imscrúdú bunaidh, i gcomhthéacs na hanailíse ar thacaíocht ioncaim nó praghais, thuairiscigh an Coimisiún an reachtaíocht lena léirítear rún Rialtas na hAirgintíne tacú leis an tionscal bithdhíosail, go háirithe Foraithne 1396/2001 ([85]) Rún 1156/2004 ([86]) agus Dlí Bithbhreoslaí 2006.

(217) San imscrúdú reatha, i dteannta na n-eilimintí a cuireadh i dtábhacht i gcomhthéacs na cánach onnmhairiúcháin in aithrisí (117) go (122) agus na conclúide ar thángthas uirthi maidir leis na méideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin ar arbhar Indiach agus cruithneacht in aithris (136) agus maidir leis na fóirdheontais do shaothróirí pónairí soighe in aithris (150), rinne an Coimisiún imscrúdú ar cé acu ar léiríodh nó nár léiríodh leis an reachtaíocht ina dhiaidh sin go raibh beartas sainráite ag Rialtas na hAirgintíne chun tacú le forbairt thionscal an bhithdhíosail intíre. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ní raibh Dlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí i bhfeidhm a thuilleadh agus cuireadh Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí ina ionad lenar rialaíodh an sainordú bithdhíosail intíre.

(218) In aithris (38), mheabhraigh an Coimisiún cheana féin feidhmeanna na Rúnaíochta Fuinnimh, an t-údarás forfheidhmiúcháin faoi Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí. Chun críocha na hanailíse ar thacaíocht ioncaim nó praghais, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil ról ag Rúnaíocht an Fhuinnimh '*A ráthú go mbeidh na hionchuir is gá ar fáil chun bithbhreoslaí a ullmhú don chumasc éigeantach, agus a bheith in ann eadráin a dhéanamh agus na sásraí a bhunú a mheasann sé a bheith riachtanach ionas go bhfaighfear iad sin de réir ghnáthdhálaí an mhargaidh agus gan aon saobhadh, agus praghas onnmhairiúcháin na n-ionchur sin lúide na costais faoi seach a bhunú mar theorainn, i gcás inarb infheidhme*' ([87]). Léiríonn an fheidhm sin gur cheap Rialtas na hAirgintíne táirgeadh pónairí soighe i ndáil le táirgeadh bithdhíosail, agus chun soláthar leordhóthanach a áirithiú ina leith. Chun na gcríoch sin, tugadh de chumhacht do Rialtas na hAirgintíne uasphraghas a bhunú le haghaidh na n-ionchur don bhithdhíosal a dhíoltar laistigh den sainordú intíre a chomhfhreagraíonn do phraghas onnmhairiúcháin na n-ionchur sin, a luaithe a lascainítear na costais ábhartha. Is é sin le rá, bheadh praghas na n-ionchur a bheadh dírithe ar an margadh intíre níos saoire ná praghas na n-ionchur a bheadh dírithe ar an margadh onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, is léir ón bhforáil sin gurbh é rún Rialtas na hAirgintíne i nDlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí tacú leis an tionscal bithdhíosail intíre.

(219) Deimhnítear an méid sin a thuilleadh agus go sainráite le hAirteagal 16 de Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí, dar teideal 'Ionadú allmhairí', lena dtugtar de chumhacht don Rúnaíocht Fuinnimh '*bithbhreoslaí a chur in ionad allmhairiú breoslaí iontaise*'agus '*infheistíochtaí a chur chun cinn i dtionsclú amhábhar náisiúnta*' ([88]). Mar a dheimhnigh Rialtas na hAirgintíne le linn an fhíorúcháin ar an láthair, tagraíonn tionsclaíocht (*industrialización)* i gcomhthéacs shlabhra luacha na pónaire soighe don bhrú féin. Dá bhrí sin, sa chleachtas, tagraítear in Airteagal 16 de Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí do chur chun cinn infheistíochtaí i mbrú pónairí soighe chun táirgeadh bithdhíosail a chothú. Is bealach eile é seo chun tacú leis an tionscal bithdhíosail intíre.

(220) Thairis sin, bhí an measúnú ar shocrú phraghas intíre bithdhíosail san imscrúdú bunaidh ([89]) fós bailí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Go deimhin, de bhun Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, lean Rialtas na hAirgintíne de phraghas an bhithdhíosail a dhíoltar ar bhonn intíre a shocrú laistigh den sainordú intíre bithdhíosail, arb é atá ann beagnach an margadh intíre iomlán le haghaidh bithdhíosail.

(221) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, socraíodh praghas intíre an bhithdhíosail beagnach ar bhonn míosúil, gan aon idirdhealú idir cineálacha cuideachtaí, agus bhí sé ar fáil go poiblí ([90]).

([85]) *Decreto* 1396/2001, *Plan de Competitividad para el Combustible Biodiesel. Modificaciones al Impuesto sobre los Combustibles Líquidos y el Gas Natural. Normas Complementarias.*
([86]) *Secretaría de Agricultura, Ganadería, Pesca y Alimentos, Resolution* 1156/2004, *Biocombustibles, Créase el Programa Nacional de Biocombustibles. Principales objetivos. Misiones y funciones.*
([87]) Airteagal 3, Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí.
([88]) Airteagal 16, Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí.
([89]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (192)-(195).
([90]) https://glp.se.gob.ar/biocombustible/reporte_precios.php.

(222) Ní bhfuair aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte cuóta, agus níor sholáthair siad an margadh intíre le linn na tréimhse imscrúdúcháin (cé gur sholáthair táirgeoirí bithdhíosail eile i nGrúpa Renova). Mar sin féin, is cosúil go bhfuil na praghsanna arna socrú ag Rialtas na hAirgintíne ar an margadh intíre níos airde ná meánphraghas onnmhairiúcháin SAB na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, sna tréimhsí ina raibh an praghas intíre céanna — laistigh de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe — nuair a thuairiscigh siad díolacháin onnmhairiúcháin, agus praghas onnmhairiúcháin SAB glan ó cháin onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal á chur san áireamh agus, cé is moite de dhá thréimhse ina ndearnadh praghsanna intíre agus onnmhairiúcháin a ailíniú, lena n-áirítear an cháin onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal.

(223) Dá bhrí sin, trí phraghas an bhithdhíosail intíre a shocrú go saorga ar leibhéal a bhí ard go saorga, shaothraigh Rialtas na hAirgintíne beartas maidir le tacaíocht praghsanna a sholáthar don tionscal bithdhíosail beag agus meánmhéide a dhíolann ar an margadh intíre.

Tacaíocht shainráite Rialtas na hAirgintíne ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal cúigeach don tionscal bithdhíosail

(224) Thairis sin, léirigh an t-iarratasóir mar fhianaise ar an tacaíocht leanúnach ó Rialtas na hAirgintíne don tionscal bithdhíosail (i) an clár maoinithe le haghaidh caipiteal oibre sa tionscal bithdhíosail de bhun Rún 947/2023 ([91]), agus (ii) an t-ioncam a tarscaoileadh trí Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí.

(225) Is scéimeanna líomhnaithe nua iad sin a bhaineann le táirgeoirí bithdhíosail agus rinne an Coimisiún anailís orthu faoi na ranna faoi seach thíos chun a shuí ar fabhraíodh nó nár fabhraíodh sochar faoi na scéimeanna sin. Mar sin féin, chun a thuiscint ar léirigh siad fianaise ar thacaíocht Rialtas na hAirgintíne don tionscal bithdhíosail, rinne an Coimisiún anailís ar a mbunúis dlí — a bhí i bhfeidhm le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe — agus ráiteas poiblí ina leith. Tuairiscíodh fianaise ó Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí in aithrisí (218) agus (219) thuas. Thairis sin, mar a mhínítear in aithrisí (313)-(314), ba chosúil go bhforáiltear le hAirteagal 22 de Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí do dhíolúine cánach ón gcáin breosla leachtaigh agus ón gcáin dé-ocsaíde carbóin nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le bithdhíosal de thionscnamh náisiúnta arna chumasc i mbreoslaí. Le linn an fhíorúcháin ar an láthair, ba chosúil go raibh Rialtas na hAirgintíne ar aon intinn leis an tuairim sin. Mar sin féin, ba chosúil gur tugadh le fios i bhfreagra Rialtas na hAirgintíne ar an gceistneoir, ina ionad sin, de bhun Airteagal 4 de Theideal III de Dhlí 23 966 ([92]), nach bhfuil an bithdhíosal a chumasctar i mbreoslaí, cibé acu de thionscnamh náisiúnta nó allmhairithe, faoi réir na cánach breosla leachtaigh agus na cánach dé-ocsaíde carbóin riamh, agus nach ngearrtar cánacha den sórt sin ach ar chomhpháirt gásailín, gás-ola nó díosail an bhreosla chumaiscthe, gan beann ar cibé acu an de thionscnamh náisiúnta nó de thionscnamh allmhairithe an chomhpháirt sin nó an bithdhíosal cumaiscthe sin. Go deimhin, níor soláthraíodh aon ráta do bhithdhíosal in Airteagal 4, i gcodarsnacht le breoslaí eile. Dá bhrí sin, ní raibh sé soiléir fós an raibh idirdhealú sa tobhach cánach bunaithe ar thionscnamh an bhithdhíosail.

(226) Mar a mhínítear in aithris (315) thíos, níorbh fhéidir sochar a ríomh faoin scéim seo toisc gur léir gur gearradh an cháin sin ar an mbreosla cumaiscthe a d'eascair as an gcumasc níos faide síos an slabhra luacha, agus ní ar leibhéal na dtáirgeoirí bithdhíosail. Mar sin féin, ós rud é go ndéantar bithbhreoslaí, lena n-áirítear bithdhíosal (a luaitear go sainráite in Airteagal 4 de Theideal III de Dhlí 23 966), a dhealú ó raon feidhme chur i bhfeidhm na cánach breosla leachtaigh agus na cánach dé-ocsaíde carbóin, is léir go bhfuil sé ar intinn ag Rialtas na hAirgintíne tús áite a thabhairt d'ídiú bithdhíosail, go háirithe bithdhíosal de thionscnamh náisiúnta, agus tacú, dá bhrí sin, le tionscal intíre an bhithdhíosail.

(227) Ina ionad sin, maidir leis an clár maoinithe le haghaidh caipiteal oibre sa tionscal bithdhíosail, ba é an aidhm a dearbhaíodh a bheith leis 'coinníollacha maoinithe níos fearr a thairiscint chun na hionchuir is gá a fháil chun bithdhíosal a tháirgeadh le haghaidh cumasc éigeantach le díosal faoi Dhlí 27,640' ([93]). Tráth shearmanais chun an clár a chur chun feidhme, dúirt uachtarán Banco de la Nación Argentina ('BNA'), ceann de na bainc is mó sa tír agus atá go hiomlán faoi úinéireacht an Stáit, go sainráite gurbh é aidhm an chreidmheasa 'níos mó post a chruthú agus a bheith in ann leanúint den onnmhairiú, chomh maith le malairt eachtrach a shábháil' ([94]). Dá bhrí sin, níl aon amhras

([91]) *Ministerio de Economía, Resolución* 947/2023, RESOL-2023-947-APN-MEC.

([92]) *Ley N*º 23.966, *Financiamiento del Regimen Nacional e Prevision Social. Afectacion del I.V.A.. Impuesto sobre Combustibles Liquidos y Gas Natural. Modificaciones a la Ley del Fondo Nacional de la Vivienda. Derogacion de Regimenes de Jubilaciones Especiales. Impuesto sobre los Bienes Personales no incorporado al Proceso Economico. Destino de los recursos de privatizaciones. Modificacion de la Ley de Tasas Judiciales.*

([93]) Airteagal 1, Rún 947/2023.

([94]) https://biodiesel.com.ar/16276/biocombustibles-la-secretaria-de-energia-de-argentina-lanza-credito-a-tasa-preferencial-para-la-industria-del-biodiesel.

ann, maidir leis an bhfíoras go raibh sé i gceist leis an gclár maoinithe chun caipiteal a chruthú sa tionscal bithdhíosail, tacú leis an tionscal bithdhíosail, trí choinníollacha maoinithe níos fearr a thairiscint agus go sonrach chun tacú le honnmhairí bithdhíosail. Cé gur chinn an Coimisiún in aithris (311) thíos nár bhain na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte tairbhe as an gclár maoiniúcháin, bhí an scéim i bhfeidhm le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe le haghaidh táirgeoirí bithdhíosail incháilithe, agus dá bhrí sin ba fhianaise bhailí í chun críocha na tacaíochta ioncaim nó praghais.

(228) Thairis sin, líomhain an t-iarratasóir gur léirigh roinnt gníomhaíochtaí riaracháin chúigigh go raibh an tacaíocht don tionscal bithdhíosail i láthair ar leibhéal cúigeach freisin.

(229) Go háirithe, thuairiscigh an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, gur sheol cúige Santa Fe clár arb é is aidhm dó go n-úsáidfidh gach bus poiblí bithdhíosal ina fhoirm íon (B100) ([95]).

(230) Ar an dara dul síos, d'fhógair cúige Cordoba maoiniú creidmheasanna chun táirgeadh agus tomhaltas áitiúil bithdhíosail a chur chun cinn ([96]).

(231) Ar an tríú dul síos, chuir cúige Cordoba a bheartas maidir le bithbhreoslaí a chur chun cinn chun feidhme trí Dhlí Cúigeach 10721 ([97]), arb é is aidhm dó táirgeadh bithdhíosail a chomhdhlúthú agus úsáid bithdhíosail in ionad breoslaí iontaise a chur chun cinn. Leagtar síos roinnt cuspóirí i nDlí Cúigeach 10721, lena n-áirítear táirgeadh bithbhreoslaí a chomhdhlúthú agus 'Athsholáthar breoslaí iontaise de réir a chéile trí [...] *thomhaltas fabhrach bithbhreoslaí* a *chur chun cinn*, agus úsáid ollmhór á baint astu de ghnáth' (béim curtha leis) ([98]).

(232) Leis na bearta sin go léir rinneadh idirghabháil ar leibhéal cúigeach tar éis an imscrúdaithe bunaidh.

(233) A mhéid a bhaineann leis an mbeart nua a rinne cúige Santa Fe, bhí sé i gceist 'úsáid ollmhór bithbhreoslaí (bithdhíosal […])' ([99]), a chothú, ar fud earnálacha eacnamaíocha éagsúla, lena n-áirítear go háirithe an t-iompar agus an flít poiblí. Chomh maith le ceangal a chur ar iompar poiblí agus ar fheithiclí a úsáidtear i gcomhlíonadh tairiscintí poiblí bithdhíosal ina fhoirm íon (B100) a úsáid mar bhreosla, foráladh le Dlí Cúigeach Santa Fe 14010 go bhféadfaí 'díolúine agus/nó laghdú ar ollcháin ioncaim, ar cháin stampa agus/nó ar cháin feithicle aonair' a dheonú do chuideachtaí a rannchuidigh le cuspóirí Dhlí Cúigeach Santa Fe 14010 ([100]). Tomhaiseadh an ranníocaíocht sin bunaithe ar na hinfheistíochtaí a rinne na cuideachtaí sin chun úsáid bithdhíosail ina ngníomhaíochtaí a mhéadú. Dá bhrí sin, le Dlí Cúigeach Santa Fe 14010, trí luach saothair a thabhairt trí dhíolúintí cánach do na hinfheistíochtaí a rinne cuideachtaí príobháideacha, cothaíodh úsáid bithdhíosail go gníomhach (agus, dá bhrí sin, díolacháin bithdhíosail sa chúige) in go leor earnálacha eacnamaíocha sa chúige. Dá bhrí sin, cé go ndearnadh anailís shonrach ar dhíolúintí cánach chúige Santa Fe as ar thairbhigh táirgeoirí bithdhíosail in aithrisí (270)-(289), chun críocha tacaíochta ioncaim nó praghais, léiríodh le Dlí Cúigeach Santa Fe 14010 go raibh sé ar intinn ag Rialtas na hAirgintíne tacú leis an tionscal bithdhíosail a chur chun feidhme ar leibhéal cúigeach.

(234) A mhéid a bhaineann leis na bearta nua a rinne cúige Cordoba, san iarraidh, d'admhaigh an t-iarratasóir gur diúltaíodh d'fhianaise ar fhóirdheontais ó chúige Cordoba san imscrúdú bunaidh, ar an bhforas nár thairbhigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de dhlíthe cúigeacha Cordoba ([101]). Mar sin féin, thacaigh an t-iarratasóir leis go raibh na gnéithe sin fós ina n-ábhar spéise ós rud é gur léirigh siad cur i bhfeidhm áitiúil beartais náisiúnta maidir le bithbhreoslaí agus go bhféadfadh siad a bheith ábhartha i gcás ina mbeadh difríocht idir na táirgeoirí sampláilte le haghaidh imscrúdú an athbhreithnithe éaga.

([95]) *Ley provincial* 14010, *Creación del Programa Provincial de Uso Sustentable de Biocombustibles* ('Santa Fe Provincial Law 14010').
([96]) https://biodiesel.com.ar/15931/powerbioempresa-lider-en-la-fabricacion-de-plantas-de-biodiesel-que-acompana-el-programa-de-autocomsumo-de-biodiesel-100-que-impulsa-el-gobierno-de-cordoba https://biodiesel.com.ar/15931/powerbioempresa-lider-en-la-fabricacion-de-plantas-de-biodiesel-que-acompana-el-programa-de-autocomsumo-de-biodiesel-100-que-impulsa-el-gobierno-de-cordoba.
([97]) *Ley provincial* 10721, *Ley de Promoción y Desarrollo para la Producción y Consumo de Biocombustibles y Bioenergía* ('Dlí Cúigeach Cordoba 10721').
([98]) Airteagal 2(n), Dlí Cúigeach Cordoba 10721.
([99]) Airteagal 1, Dlí Cúigeach Santa Fe 14010.
([100]) Airteagal 5, Dlí Cúigeach Santa Fe 14010.
([101]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (281).

(235) Thug an Coimisiún dá aire, cé gur tháinig athrú ar an sampla i gcomparáid leis an gceann sin den imscrúdú bunaidh, nár tháirg aon táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte san athbhreithniú éaga reatha bithdhíosal i gcúige Cordoba. Dá bhrí sin, ní raibh siad in ann leas a bhaint as na scéimeanna a luaitear anseo. Mar sin féin, bhí na fóirdheontais a dheonaigh cúige Cordoba a d'iarr an t-iarratasóir ar an gCoimisiún ath-imscrúdú a dhéanamh orthu difriúil leis na fóirdheontais a tuairiscíodh anseo agus tugtar aghaidh orthu in aithrisí (297) go (299) thíos. Ní fhéadfadh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte san athbhreithniú éaga reatha tairbhe a bhaint as na fóirdheontais a thuairiscítear anseo ach oiread, ós rud é nach raibh siad lonnaithe i gcúige Cordoba. Ní féidir a chur as an áireamh, áfach, go bhféadfadh táirgeoirí bithdhíosail eile atá lonnaithe i gcúige Cordoba tairbhe a bhaint astu sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, chun críocha tacaíochta ioncaim nó praghais amháin, mheas an Coimisiún gur léirigh na bearta sin cur chun feidhme rún Rialtas na hAirgintíne tacú leis an tionscal bithdhíosail ar leibhéal na gcúigí.

Conclúid maidir le rún Rialtas na hAirgintíne tacú le tionscal an bhithdhíosail

(236) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh rún Rialtas na hAirgintíne tacú le forbairt thionscal bithdhíosail na hAirgintíne fós le feiceáil freisin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.3.1.4.2. Bearta tacaíochta don tionscal bithdhíosail

(237) Mar a pléadh in aithrisí (216) go (236), ba léir go raibh sé ar intinn ag Rialtas na hAirgintíne tacú le tionscal an bhithdhíosail i sraith beart, lena n-áirítear margadh intíre na pónaire soighe a shaobhadh go saorga, socrú praghsanna an bhithdhíosail a dhíoltar laistigh den sainordú intíre, an clár maoinithe le haghaidh caipiteal oibre i dtionscal an bhithdhíosail de bhun Rún 947/2023, an t-ioncam a tarscaoileadh trí Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí, agus na bearta arna n-achtú ag cúigí Santa Fe agus Cordoba. Thacaigh na bearta sin go díreach nó go hindíreach le hioncam táirgeoirí bithdhíosail. Thairis sin, le Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí, lean Rialtas na hAirgintíne den chóras cur chun cinn chun bithdhíosal a tháirgeadh a bunaíodh cheana faoi Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil gur lean Rialtas na hAirgintíne de shraith beart a chur i bhfeidhm sna blianta tar éis an imscrúdaithe bunaidh chun ioncam an tionscail bithdhíosail a fhorbairt agus chun tacú leis.

3.3.1.4.3. Cáilíonn an tacar beart a ghlac Rialtas na hAirgintíne mar 'aon chineál tacaíochta ioncaim/praghais' de réir bhrí Airteagal XVI de GATT 1994

(238) Leis an tacar beart a thuairiscítear in aithrisí (216) go (236), soláthraíonn Rialtas na hAirgintíne tacaíocht ioncaim don tionscal bithdhíosail.

(239) Thairis sin, trí Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí, lean Rialtas na hAirgintíne le ceanglas éigeantach maidir le cumasc trínar gá do chuideachtaí cumaisc san Airgintín bithdhíosal a cheannach ar phraghsanna atá ard go saorga arna leagan síos ag Rialtas na hAirgintíne, lena gcuirtear tacaíocht praghsanna ar fáil don tionscal bithdhíosail.

(240) Leis na bearta sin go léir léirítear go dtacaítear le tionscal bithdhíosail na hAirgintíne agus go spreagtar go saorga é.

(241) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, tríd an tacar beart thuasluaite, go soláthraíonn Rialtas na hAirgintíne ioncam nó tacaíocht phraghais go díreach nó go hindíreach don tionscal bithdhíosail, rud a chuireann lena iomaíochas.

(242) Mar a fuarthas san imscrúdú bunaidh, tríd an margadh bithdhíosail intíre a rialáil agus gan cuóta a thabhairt ach do na cuideachtaí bithdhíosail níos lú, bhunaigh Rialtas na hAirgintíne tionscal ina gcuirtear cosc ar na táirgeoirí is mó díol ar bhonn intíre agus, dá bhrí sin, ina bhfuil siad dírithe go hiomlán ar onnmhairiú, rud a spreagann iomaíochas onnmhairiúcháin an tionscail bithdhíosail ([102]).

([102]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (199).

Tábla 2

Táirgeadh agus onnmhairiú bithdhíosail de chuid na hAirgintíne (MT)

Bliain	Táirgeacht	Onnmhairí iomlána	Onnmhairí chuig an Aontas	Onnmhairí chuig tríú tíortha	Onnmhairí (% den táirgeacht)
2020	1 157 364	597 205	596 892	313	52 %
2021	1 723 665	1 269 570	1 269 228	342	74 %
2022	1 909 618	1 236 410	1 236 180	230	65 %
Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe	1 184 444	575 304	555 283	20 021	49 %

Foinse: Freagra Rialtas na hAirgintíne ar an gceistneoir, a thagann ó bhunachair sonraí éagsúla de chuid na hAirgintíne atá ar fáil go poiblí.

(243) Mar a léirítear i dTábla 2, lean an tionscal bithdhíosail de bheith ina thionscal atá dírithe ar onnmhairiú. Go deimhin, ó bhí 2020 ann , onnmhairíodh suas le 74 % den táirgeacht, ag brath ar an mbliain, agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe onnmhairíodh beagnach leath den táirgeacht. Mhínigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (a raibh an gealltanas i bhfeidhm lena linn) go raibh praghsanna san Aontas, an t-aon cheann scríbe onnmhairiúcháin a bhí acu le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, íseal agus nár onnmhairigh siad go ginearálta ach amháin nuair a bhí na praghsanna ard go leor i gcomparáid leis an íosphraghas allmhairiúcháin a bhí i bhfeidhm de bhun an ghealltanais, chun brabúis a dhéanamh. Ag an am céanna, go dtí lár mhí Dheireadh Fómhair 2022, chiallaigh an sainordú bithdhíosail níos airde (12.5 %) agus an fhéidearthacht an sainordú breise a sholáthar freisin do chuideachtaí nach mbíonn baint acu leis an sainordú intíre de ghnáth go ndeachaigh cuid níos airde den táirgeadh isteach i dtomhaltas intíre seachas in onnmhairiú. Ar an gcúis sin, tá céatadán na n-onnmhairí thar tháirgeadh níos ísle i gcomparáid le blianta roimhe sin. Is féidir cás den chineál céanna a thabhairt faoi deara in 2020, nuair a bhí sainordú bithdhíosail 10 % faoi Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí, sular íslíodh é in 2021 leis an Dlí maidir le Bithbhreoslaí go 5 % (a ardaíodh ina dhiaidh sin go 7.5 % ó mhí an Mheithimh 2022). Sa chomhthéacs sin, tugtar le tuiscint le sainordú bithdhíosail níos airde go mbeidh tomhaltas intíre níos airde ann, agus go ngníomhaíonn sainordú bithdhíosail níos ísle mar iarracht chun onnmhairiú a dhéanamh. Mar thoradh air sin, tríd an sainordú bithdhíosail faoi Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí a ísliú, threoraigh Rialtas na hAirgintíne tionscal bithdhíosail na hAirgintíne níos mó fós i dtreo onnmhairí. Tharla na leibhéil táirgeachta níos ísle agus na honnmhairí iomlána i ndearbhthéarmaí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar gheall ar laghdú foriomlán ar tháirgeadh de dheasca an triomaigh san Airgintín, rud a rinne difear do bhunábhar an bhithdhíosail, i.e. na pónairí soighe.

(244) Dá bhrí sin, bhí an tacaíocht don tionscal bithdhíosail intíre i bhfabhar onnmhairí bithdhíosail trína raibh táirgeoirí bithdhíosail in ann dul in iomaíocht go héagórach le táirgeoirí bithdhíosail i dtíortha eile nach mbaineann tairbhe as praghsanna ionchuir níos ísle. Lean tionscal bithdhíosail na hAirgintíne de mhargaí onnmhairiúcháin, agus go háirithe margadh an Aontais, a bheith mar phríomhfhócas aige.

3.3.1.4.4. Conclúid maidir le tacaíocht ioncaim nó praghais

(245) Mhaígh Rialtas na hAirgintíne go raibh cáiliú cánacha onnmhairiúcháin mar thacaíocht ioncaim nó praghais don tionscal bithdhíosail ag teacht salach ar ról na cánach onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal sa chúram nó sa treoir, toisc gur laghdaigh sé na praghsanna a fuair an tionscal bithdhíosail.

(246) Thug an Coimisiún dá aire gur dhírigh an anailís cúraim nó treorach ar an gcáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe, seachas ar bhithdhíosal, agus ar na hiarmhairtí ar phónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach, rud a d'fhág go raibh costais níos ísle agus brabúis/ioncam níos airde á ndéanamh dá bharr. Dá bhrí sin, is í an cháin onnmhairiúcháin chéanna sin, chomh maith le bearta tacaíochta eile, a rannchuidigh le soláthar tacaíochta ioncaim nó praghais ó Rialtas na hAirgintíne. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

(247) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, trí shraith beart, gur lean Rialtas na hAirgintíne, go díreach nó go hindíreach, de thacaíocht ioncaim nó praghais a sholáthar don tionscal bithdhíosail de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den bhun-Rialachán, rud a d'fhág gur onnmhairíodh formhór an táirgthe intíre.

(248) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hAirgintíne, formhór na mbeart a thacaíonn leis an toradh tacaíochta ioncaim nó praghais, go mbaineann sé leis an margadh intíre, nach raibh cead ag onnmhaireoirí bithdhíosail páirt a ghlacadh ann. Bhí feidhm aige sin go háirithe maidir leis an gcinneadh in aithris (218) i ndáil le Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí, lena n-áirithítear ionchuir chun bithdhíosal a tháirgeadh don mhargadh intíre. Mhaígh Rialtas na hAirgintíne freisin nach bhfuil údarás ag an Rúnaíocht i ndáil le pónairí soighe, toisc nach ionchur díreach é le haghaidh bithdhíosail, agus go bhfuil feidhm ag an teorainn praghsanna maidir leis na hionchuir chun an bithdhíosal a fhorbairt laistigh den sainordú agus ní maidir leis an mbithdhíosal féin. Ní chuirtear an teorainn praghsanna sin i bhfeidhm ach amháin mura raibh feidhm ag dálaí mhargaidh chun na hionchuir a cheannach.

(249) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Go deimhin, léirigh an t-imscrúdú gur ghlac cuideachtaí aonair laistigh de ghrúpaí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte páirt sa mhargadh intíre bithdhíosail. Thairis sin, déanann Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí difear do na honnmhaireoirí toisc go dtoirmeasctar leis ar na heintitis onnmhairiúcháin a bheith rannpháirteach sa mhargadh intíre agus, dá bhrí sin, cuirtear oibleagáid orthu onnmhairiú a dhéanamh. Ina theannta sin, an tacaíocht do sholáthar ionchur chun bithdhíosal a tháirgeadh atá ceaptha don mhargadh intíre, tá sí i bhfabhar cuideachtaí aonair laistigh de ghrúpaí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte freisin. A mhéid a bhaineann le húdarás na Rúnaíochta maidir le hionchuir le haghaidh an bhithdhíosail, níor mhínigh Rialtas na hAirgintíne cad é cuspóir na forála dlí sin, murab é slándáil an tsoláthair agus teorainn praghais na bpónairí soighe é. Níor shonraigh Rialtas na hAirgintíne cad iad na hionchuir atá difriúil ó phónairí soighe dá dtagraítear san fhoráil dlí. Ar deireadh, díoladh an bithdhíosal a díoladh laistigh den sainordú cheana féin ar phraghas arna rialáil ag an rialtas agus ní raibh gá le teorainn praghais bhreise arna bunú ag an Rúnaíocht. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

3.3.1.5. Tairbhe

(250) Tar éis don Choimisiún a shuí gurb ionann an tacar beart a thuairiscítear in aithrisí (101) go (150) thuas agus ranníocaíocht airgeadais ó Rialtas na hAirgintíne trí bhíthin cúram a chur ar chomhlachtaí príobháideacha nó iad a threorú agus/nó gurb ionann an tacar beart a thuairiscítear in aithrisí (216) go (236) agus tacaíocht ioncaim/praghais, ríomh an Coimisiún méid an fhóirdheonaithe i dtéarmaí an tsochair a tugadh don fhaighteoir, rud a suíodh a bheith ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) agus le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán.

(251) Mar a tharla san imscrúdú bunaidh, agus toisc go raibh an chuid is mó de bhearta Rialtas na hAirgintíne dírithe ar phraghas intíre pónairí soighe a ísliú go saorga as a d'eascair ioncam níos airde do tháirgeoirí bithdhíosail na hAirgintíne, scrúdaigh an Coimisiún ar thug tacaíocht Rialtas na hAirgintíne don tionscal bithdhíosail tairbhe trí thagairt a dhéanamh don difríocht idir na praghsanna a íocann táirgeoirí bithdhíosail intíre agus tagarmharc bunaithe ar na dálaí margaidh atá ann san Airgintín le haghaidh pónairí soighe.

(252) Rinne an Coimisiún meánphraghas ceannaigh ualaithe na bpónairí soighe a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón Airgintín a sampláladh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh ar dtús. Ríomhadh an meán ualaithe mí ar mhí agus mar a seachadadh é ó na saothróirí pónairí soighe chuig an ngléasra bithdhíosail san Airgintín.

(253) Bhí an meánphraghas ceannaigh bunaithe ar na praghsanna, glan ó CBL, agus ar na cainníochtaí a léiríodh i liostaí sonrasc de réir gach idirbhirt a chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na hAirgintíne isteach agus a fíoraíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin ar an láthair.

(254) Ba ghá an meánphraghas sin a chur i gcomparáid le tagarmharc iomchuí. Mar a tharla san imscrúdú bunaidh, chuaigh an Coimisiún i muinín an mheánphraghais ualaithe mhíosúil ar phónairí soighe arna n-allmhairiú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Go deimhin, allmhairíodh iad sin ar bhonn CAL agus bhí an leibhéal praghais céanna acu ar an meán gan beann ar an tionscnamh. Bhí na praghsanna allmhairiúcháin iarbhír a seachadadh ar théarmaí CAL chuig na gléasraí brú ar an leibhéal praghais céanna le praghas an mhargaidh dhomhanda, a luaitear mar Mhurascaill Mheicsiceo. B'ionann allmhairí pónairí soighe agus méid mór de cheannacháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, is é sin 38 %, céatadán níos airde i gcomparáid leis an imscrúdú bunaidh mar gheall ar an triomach a rinne difear do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Scaipeadh na ceannacháin sin thar na céadta idirbheart.

(255) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go meastar go léiríonn na praghsanna iarbhír a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar phónairí soighe allmhairithe dálaí neamhshaofa an mhargaidh san Airgintín, lena n-áirítear na muirir seachadta is infheidhme go ginearálta a áirítear sa phraghas deiridh ([103]).

(256) Ní athraítear an chonclúid sin toisc nár úsáideadh na hallmhairí sin ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chun bithdhíosal a tháirgeadh ach chun ola pónaire soighe a tháirgeadh, toisc go raibh an t-éileamh ar phónairí soighe chun bithdhíosal a tháirgeadh san Airgintín cumhdaithe go hiomlán le soláthar intíre pónairí soighe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ag an am céanna, níl aon difríocht sa cháilíocht idir na pónairí soighe éagsúla atá ar fáil a d'fhágfadh nach mbeadh na pónairí soighe allmhairithe inúsáidte chun bithdhíosal a tháirgeadh. Dá dheasca sin, mheas an Coimisiún gur tagarmharc iomchuí a bhí sna ceannacháin sin.

(257) Ar an mbonn sin, d'úsáid an Coimisiún an praghas iarbhír ar ar allmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte pónairí soighe isteach san Airgintín, a tháinig go léir ó thíortha comharsanacha, mar an t-ionadach ba ghaire agus ab fhéidir do phraghsanna intíre neamhshaofa na hAirgintíne le haghaidh na dtáirgí sin. Mar a mhínítear in aithris (254), bhí na praghsanna sin ar an leibhéal céanna le praghsanna an mhargaidh dhomhanda.

(258) Ansin rinne an Coimisiún comparáid idir an praghas a d'íoc táirgeoirí na hAirgintíne ar phónairí soighe a fhástar sa bhaile agus an meánphraghas allmhairiúcháin iarbhír ualaithe ar phónairí soighe ar bhonn mí ar mhí. Rinneadh na hallmhairí sin go léir faoi chóras allmhairiúcháin sealadach agus dá bhrí sin ní raibh siad faoi réir dleachtanna allmhairiúcháin. Measadh go raibh an praghas iarbhír a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ag comhfhreagairt do na téarmaí agus coinníollacha margaidh atá i réim san Airgintín.

(259) Le méid iomlán na difríochta léirítear an 'coigilteas' a fuair táirgeoirí bithdhíosail na hAirgintíne a cheannaíonn pónairí soighe i margadh saofa na hAirgintíne i gcomparáid leis an bpraghas a d'íocfaidís in éagmais saobhadh. I ndeireadh na dála, is ionann an méid iomlán sin agus an sochar a thug Rialtas na hAirgintíne do tháirgeoirí na hAirgintíne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(260) I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán, leithdháil an Coimisiún na méideanna fóirdheontais sin thar láimhdeachas iomlán tháirgeacht na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte bunaithe ar phónaire shoighe le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar ainmneoir iomchuí, toisc gur dheonaigh an fóirdheontas tairbhe do tháirgeadh iomlán táirgí bunaithe ar phónaire shoighe agus ní hamháin don táirge lena mbaineann nó don táirgeadh ceaptha d'onnmhairí.

(261) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hAirgintíne agus CARBIO gur theip ar an gCoimisiún cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt chun tacú leis an gconclúid gur léirigh na meánphraghsanna allmhairiúcháin dálaí an mhargaidh atá i réim, seachas tagairt a dhéanamh d'easpa saofa agus a chur in iúl (i) go raibh praghsanna allmhairiúcháin i gcomhréir le praghsanna domhanda, agus (ii) gur léirigh siad méid mór de cheannacháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Líomhain CARBIO go raibh an réasúnaíocht sin ag teacht salach ar chinneadh an Choimisiúin in aithris (190) gur shásaigh pónairí soighe a táirgeadh ar bhonn intíre an t-éileamh intíre ar ionchur le haghaidh táirgeadh bithdhíosail intíre agus nár úsáideadh pónairí soighe allmhairithe chun bithdhíosal a tháirgeadh.

(262) Murab ionann agus an méid a maíodh, mhínigh an Coimisiún in aithrisí (254) cén fáth ar léirigh praghas allmhairiúcháin na bpónairí soighe a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na dálaí margaidh atá i réim. Thairis sin, ós rud é go raibh praghsanna allmhairiúcháin i gcomhréir le praghsanna domhanda — murab ionann agus praghsanna intíre na hAirgintíne — agus gur sciar mór de cheannacháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a bhí sna hallmhairí, is príomhghnéithe iad sin chun a shuí go léiríonn tagarmharc dálaí an mhargaidh atá i réim. Ós rud é nár úsáideadh pónairí soighe allmhairithe chun bithdhíosal a tháirgeadh, ní chuireann sé sin deireadh leis an gconclúid sin, toisc gur brúdh pónairí soighe allmhairithe sna saoráidí brú céanna agus a brúdh pónairí soighe a táirgeadh sa bhaile agus a úsáideadh chun bithdhíosal a tháirgeadh. Dá bhrí sin, sa bhreis ar thorthaí an Choimisiúin a mheabhraigh CARBIO, mheas an Coimisiún in aithris (258) freisin gur seachadadh pónairí soighe allmhairithe ag na calafoirt i gcóngar na ngléasraí a úsáidtear chun pónaire shoighe intíre agus allmhairithe araon a bhrú chun bithdhíosal a tháirgeadh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

([103]) Féach i ndáil leis sin torthaí an Bhuanchomhlachta Achomhairc in WT/DS436/AB/R *United States — Countervailing Measures on Certain Hot-Rolled Carbon Steel Flat Products From India [Na Stáit Aontaithe — Bearta Frithchúitimh maidir le Táirgí Maola Áirithe Cruach Carbóin Teo-rollta ón India]*, an 8 Nollaig 2014, míreanna 4.292-4.322.

(263) Thairis sin, mhaígh CARBIO nach tagarmharc iomchuí a bhí i meánphraghsanna allmhairiúcháin pónairí soighe toisc nár léirigh siad dálaí an mhargaidh san Airgintín. Go háirithe, allmhairíodh pónairí soighe allmhairithe faoin gCóras Sealadach Allmhairiúcháin agus níor úsáideadh iad chun bithdhíosal a tháirgeadh, agus seachadadh iad faoi théarmaí CAL, ach i gcás ceannach intíre pónairí soighe, níor tabhaíodh muirir seachadta idirnáisiúnta.

(264) Thug an Coimisiún dá aire gur thug sé tuairisc cheana in aithris (262) ar an bhfáth ar mheas sé gur léirigh na pónairí soighe allmhairithe na dálaí margaidh atá i réim san Airgintín. Ina theannta sin, mheas an Coimisiún go raibh an praghas allmhairiúcháin CAL leordhóthanach, toisc gur léirigh sé sin an praghas ag an ngléasra brú, atá lonnaithe ag an gcalafort, áit ar brúdh pónairí soighe a táirgeadh sa bhaile freisin chun bithdhíosal a tháirgeadh. Ina theannta sin, mar a mheabhraítear in aithris (254), bhí na praghsanna allmhairiúcháin CAL ar an leibhéal praghsanna céanna le praghas an mhargaidh dhomhanda. Ar deireadh, níor chuir CARBIO tuilleadh argóintí ar fáil maidir leis an bhfáth nach mbeadh an praghas allmhairiúcháin ina thagarmharc iomchuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

(265) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh CARBIO freisin, agus an sochar á ríomh, nár mheas an Coimisiún ach an difríocht idir an praghas a íocadh ar phónairí soighe intíre agus an tagarmharc nuair a bhí an praghas sin níos ísle ná an praghas a íocadh ar phónairí soighe intíre. Mar sin féin, nuair a bhí an praghas a íocadh ar phónairí soighe intíre níos airde ná an tagarmharc, thug an Coimisiún neamhaird ar an difríocht, agus ba cheart an méid a sháraíonn an tagarmharc a bheith asbhainte ó mhéid iomlán an tsochair.

(266) Thug an Coimisiún dá aire go raibh údar leis an gcur chuige a glacadh chun an sochar a ríomh chun pónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach. Go deimhin, shuigh an Painéal in *US – Anti-Dumping and Countervailing Duties (China)* 'gan méideanna sochair dhearfaigh 'a fhritháireamh' le méideanna sochair 'diúltacha', go raibh sé sin comhsheasmhach leis an gComhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh ([104]). Thairis sin, in aon chás, mheas an Coimisiún go raibh an maíomh neamhéifeachtach toisc, fiú dá gcuirfeadh an Coimisiún an mhodheolaíocht a mhol CARBIO i bhfeidhm, go bhfaighfí amach go leanfaí den fhóirdheonú ar aon nós, bunaithe ar an gcorrlach fóirdheontais a bheadh ann dá bharr. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

3.3.1.6. Sainiúlacht

(267) Bhí sraith beart Rialtas na hAirgintíne dírithe ar dhul chun tairbhe do thionscail áirithe, lena n-áirítear an tionscal bithdhíosail intíre. Go deimhin, cé go dtéann an saobhadh ar phónairí soighe chun tairbhe do tháirgí iartheachtacha nach bithdhíosal iad freisin, níl an tairbhe ar fáil ach do thionscail áirithe san Airgintín, is iad sin na tionscail i slabhra luacha na pónaire soighe. Thairis sin, léirítear fócas sonrach Rialtas na hAirgintíne ar thionscal an bhithdhíosail laistigh de shlabhra luacha na pónaire soighe leis an nasc idir pónairí soighe agus bithdhíosal sa reachtaíocht ábhartha a léirítear in aithrisí (117) go (122). Thairis sin, fiú má dheonaítear tacaíocht Rialtas na hAirgintíne do bhithdhíosal trí roinnt beart do bhithbhreoslaí eile freisin, tá na bearta sin teoranta do ghrúpa fiontar nó tionscal. Dá bhrí sin, tá siad sonrach faoi Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán.

3.3.1.7. Conclúid

(268) Chinn an Coimisiún gur chuir Rialtas na hAirgintíne tacaíocht ar fáil don tionscal bithdhíosail trí shraith beart, arb ionann iad agus pónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach agus/nó ar thacaíocht ioncaim nó praghais. Thug Rialtas na hAirgintíne sochar sonrach do na faighteoirí, agus dá bhrí sin ba fhóirdheontas in-fhrithchúitithe é.

([104]) Tuarascáil ón bPainéal, *United States – Definitive Anti-Dumping and Countervailing Duties on Certain Products from China*, WT/DS379/R, arna ghlacadh an 25 Márta 2011, arna modhnú le Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc WT/DS379/AB/R, DSR 2011:VI, lch. 3143, mír 11.68.

3.3.1.8. Méid an fhóirdheontais a ríomh

(269) Is é seo a leanas an ráta fóirdheontais a bunaíodh maidir leis an tacar beart sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte:

Cuideachta	Ráta fóirdheontais
LDC Argentina	5,12 %
Grúpa Renova	8,30 %

3.3.2. *Díolúintí cánach cúigeacha arna soláthar ag cúige Santa Fe*

(270) Líomhain an t-iarratasóir gur lean táirgeoirí bithdhíosail i gcúige Santa Fe de thairbhe a bhaint as ioncam rialtais ligthe thar ceal i bhfoirm díolúintí cánach éagsúla a deonaíodh ar feadh 15 bliana, mar a shuigh an Coimisiún san imscrúdú bunaidh ([105]).

3.3.2.1. Ranníocaíocht airgeadais

(271) Léirigh an t-imscrúdú gur lean ceann de na bunúis dlí a sainaithníodh san imscrúdú bunaidh, Dlí Cúigeach Santa Fe 12692 ([106]), de bheith infheidhme agus gurb é Dlí Cúigeach Santa Fe 12956 an t-aon leasú a rinneadh air ([107]), inar sainaithníodh na cánacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na díolúine: cáin ollioncaim, dleacht stampa, cáin eastáit réadaigh, muirir luach saothair seirbhíse agus dleacht feithicle aonair ([108]). Cuirtear chun feidhme a thuilleadh é le Foraithne Rialála 158/07 ([109]) mar aon leis an iarscríbhinn a ghabhann léi, agus le Rún 121/21 ([110]), lena n-áirítear an teimpléad don iarraidh.

(272) Tá Dlí Cúigeach Santa Fe 12692, dar teideal "greamaitheacht chúige" do Dhlí 26.093, lena rialaítear an sainordú intíre bithdhíosail a bhí ann roimhe sin. D'ainneoin gur cuireadh Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí in ionad an Dlí sin, ní dhearnadh aon leasú breise ar Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692.

(273) Mar a fuarthas san imscrúdú bunaidh, foráiltear le dlí cúigeach 12.692 do dhíolúintí cánach (chomh maith le laghduithe nó iarchur) le haghaidh cuideachtaí sa chúige a bhfuil baint acu le taighde, forbairt, giniúint, táirgeadh agus úsáid táirgí a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, go háirithe táirgeadh bithdhíosail. Luaitear bithbhreoslaí faoi Airteagal 3(c), 4, 5(d), agus 10 de Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692 agus luaitear táirgeadh bithdhíosail go sonrach in Airteagal 10 de Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692.

(274) Léiríodh san imscrúdú reatha freisin, cé go bhféadfar na díolúintí cánach a dheonú ar feadh uastréimhse 15 bliana, go bhfuil siad faoi réir athnuachaintí bliantúla. Ní dheonaítear athnuachan go huathoibríoch, ach nuair a léirítear gur lean an tairbhí den ghníomhaíocht fhóirdheonaithe agus gur chomhlíon sé 80 % ar a laghad de tháirgeacht agus de líon na bhfostaithe a gealladh nuair a iarradh an díolúine ó cháin ar dtús. Bhí an athnuachan bhliantúil ag brath freisin ar an spás fioscach a bhí ar fáil do rialtas cúigeach Santa Fe bunaithe ar an Dlí Buiséid bliantúil ([111]).

([105]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithrisí (296)-(297).
([106]) *Ley* 12692, *Adhesión provincial a la Ley Nacional nº 26093*.
([107]) *Ley* 12956, *Modificatoria de la Ley 12692 sobre adhesión provincial a la Ley Nacional nº 26093 de Energías Renovables*.
([108]) Airteagal 1, Dlí Cúigeach Santa Fe 12956.
([109]) *Decreto* 158/07, *Provincia de Santa Fe. Régimen promocional provincial. Energías renovables no convencionales. Impuestos sobre los ingresos brutos y de sellos. Exenciones, reducciones y diferimientos. Ley 12.692. Su reglamentación. Con las modificaciones de los Dtos. 2.644/12 (B.O.: 1/10/12 – Sta. Fe) y 2.949/14 (B.O.: 23/09/14 – Sta. Fe)*.
([110]) *Ministerio de Ambiente y Cambio Climático de la provincia de Santa Fe - Resolución* 121/21.
([111]) Airteagal 3, Foraithne Rialála 158/07.

(275) Léirigh an t-imscrúdú nár deonaíodh aon athnuachan bhliantúil faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692 ó 2020 i leith. Go deimhin, fuarthas amach san imscrúdú go raibh cuideachtaí áirithe in Renova Group ag táirgeadh bithdhíosail in Santa Fe, a d'onnmhairigh Viterra agus Molinos Agro ina dhiaidh sin, agus gur bhain siad tairbhe as an díolúine sin san am a chuaigh thart, i.e. roimh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí na cuideachtaí sin fós údaraithe an dleacht stampa agus an díolúine ó cháin eastáit réadaigh a fháil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (i.e. bhí a ndíolúine fós laistigh den tréimhse 15 bliana a deonaíodh), stop siad de bheith ag fáil athnuachaintí bliantúla ar na díolúintí roimh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ní raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte bithdhíosail (LDC Argentina, Molinos Agro agus Viterra Argentina) incháilithe do na díolúintí cánach toisc nach raibh na saoráidí táirgthe in Santa Fe faoina n-úinéireacht go díreach nó toisc gur ghá tairbhithe na ndíolúintí cánach a údarú go heisiach don ghníomhaíocht a cuireadh chun cinn, táirgeadh bithdhíosail sa chás seo, ach bhí na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte gníomhach i réimse táirgeachtaí agus gníomhaíochtaí lasmuigh de tháirgeadh bithdhíosail ([112]).

(276) Dá bhrí sin, d'ainneoin ceann dá tháirgeoirí bithdhíosail a bheith fós údaraithe chun an dleacht stampa agus an díolúine ó cháin eastáit réadaigh a fháil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níor thairbhigh Renova Group de na díolúintí cánach faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692 le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(277) Léirigh an t-imscrúdú gur deonaíodh díolúintí cánach bunaithe ar Dhlí Cúigeach Santa Fe 8478 ([113]).

(278) Le Dlí Cúigeach Santa Fe 8478, a théann siar go 1979, mar aon le Foraithne Chúigeach 3856/1979 agus Foraithne Chúigeach 1361/2022 ([114]), bunaíodh córas chun forbairt thionsclaíoch an chúige a chur chun cinn, lena n-áirítear díolúintí, laghduithe nó iarchur cánach a dheonú, ar feadh uastréimhse suas le 10 mbliana ([115]). Cuireadh córas athnuachana bliantúla i bhfeidhm atá cosúil le córas Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692.

(279) I measc na dtionscal a bhaineann leis an scéim seo bhí na cuideachtaí sin go léir a bhfuil baint acu le gníomhaíocht thionsclaíoch lena mbaineann 'claochlú fisiceach, ceimiceach nó fisiceimiceach i bhfoirm nó go bunúsach, amhábhar nó ábhar ina dtáirgí nua, trí phróiseas spreagtha, trí theicnící táirgthe aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm, innealra nó trealamh a úsáid agus oibríochtaí nó próisis aonadacha a athdhéanamh, a dhéantar i suiteálacha seasta' ([116]). Cuimsíonn an tuairisc seo táirgeadh bithdhíosail.

(280) Dá bhrí sin, is scéim speisialta i gcomparáid le scéim ghinearálta é an gaol idir an córas díolúine cánach faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692 agus an córas díolúine cánach faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 8478. Go deimhin, foráiltear leis an gcreat rialála don chóras díolúine cánach faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692 'Maidir le cásanna nach bhforáiltear dóibh sna rialacháin sin, déanfar na forálacha a bheartaítear sa 'Chóras um Chur Chun Cinn Tionsclaíoch — Dlí 8,478', noirm chomhlántacha agus rialála a chur i bhfeidhm go coimhdeach' ([117]). Dá bhrí sin, cé nach raibh feidhm ag Dlí Cúigeach Santa Fe 12692 ach amháin maidir le cuideachtaí a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, go háirithe táirgeadh bithdhíosail, bhí feidhm ag Dlí Cúigeach Santa Fe 8478 maidir le líon níos leithne tionscal.

(281) Fós féin, cháiligh táirgeoirí bithdhíosail i gcúige Santa Fe faoin dá dhlí. Go háirithe, i gcás Dhlí Cúigeach Santa Fe 8478, bhain Grúpa Renova tairbhe as na díolúintí cánach, ós rud é nach bhfuil aon teorainn le líon na ngníomhaíochtaí gnó inar féidir leis an tairbhí a bheith rannpháirteach.

(282) Léirítear é sin leis an bhfíoras gur thairbhigh táirgeoir bithdhíosail de chuid Renova Group, a d'onnmhairigh Molinos Agro agus Viterra Argentina ina dhiaidh sin, de dhleacht stampa agus de dhíolúine ó cháin eastáit réadaigh faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 8478 roimh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, léirítear é sin freisin toisc gur deonaíodh díolúine nua ó cháin ollioncaim, ó cháin eastáit réadaigh agus ó dhleacht feithicle aonair do tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte in Renova Group go gairid tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

([112]) Airteagal 5(b), Dlí Cúigeach Santa Fe 12692.
([113]) *Ley* 8478, *Promoción industrial*.
([114]) *Decreto* 1361.
([115]) Airteagail 1 agus 4(a).
([116]) Airteagal 4, Foraithne Chúigeach 3856/1979.
([117]) Airteagal 5, Foraithne Chúigeach 158/07.

(283) Ar deireadh, níor aimsíodh aon fhianaise ar dhíolúine ó cháin láimhdeachais Santa Fe Airteagal 127 le haghaidh díolacháin onnmhairí agus ar dhíolúine ó cháin stampa Santa Fe Airteagal 183.29. Maidir leis an gcéad cheann go sonrach, mhínigh CARBIO agus na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte nach ionann an láimhdeachas onnmhairiúcháin agus láimhdeachas ábhartha atá faoi réir na gcánacha ollioncaim cúigeacha, mar a fhoráiltear le hAirteagal 179(c) de Chód Fioscach Santa Fe ([118]).

(284) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hAirgintíne earráidí neamhshonraithe agus léirmhíniú páirteach maidir leis an gclár sin. Mar sin féin, ós rud é nach raibh bunús leis an maíomh sin, dhiúltaigh an Coimisiún dó.

3.3.2.2. Tairbhe

(285) Faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692, d'ainneoin grúpa amháin táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a bheith údaraithe chun an dleacht stampa agus an díolúine ó cháin eastáit réadaigh a fháil, ní raibh aon cháin díolmhaithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar gheall ar an easpa athnuachana bliantúla. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir aon sochar a ríomh.

(286) Faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 8478, ní raibh aon cháin díolmhaithe toisc go ndeachaigh díolúintí ó ghrúpa amháin de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte in éag roimh thús thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó gur deonaíodh ina dhiaidh sin iad.

3.3.2.3. Sainiúlacht

(287) Tá na díolúintí cánach faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692 *de jure* go sonrach toisc nach raibh feidhm aige ach amháin maidir leis na tionscail a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, go háirithe táirgeadh bithdhíosail. Thairis sin, tá an scéim sonrach go réigiúnach freisin a mhéid nach dtéann sí chun tairbhe ach do na tionscail sin a luaitear a bhunaigh gníomhaíochtaí nó a d'infheistigh i gcúige Santa Fe.

(288) Tá na díolúintí cánach faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 8478 *de jure* sonrach toisc nach raibh feidhm aige ach amháin maidir leis na tionscail ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 4 d'Fhoraithne Chúige 3856/1979, tuairisc lena gcuimsítear táirgeadh bithdhíosail. Thairis sin, tá an scéim sonrach go réigiúnach freisin a mhéid nach dtéann sí chun tairbhe ach do na tionscail sin a luaitear a bhunaigh gníomhaíochtaí nó a d'infheistigh i gcúige Santa Fe.

3.3.2.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

(289) Ós rud é nach bhfuarthas aon sochar le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níorbh fhéidir aon mhéid fóirdheontais a ríomh.

3.4. **Scéimeanna a imscrúdaíodh ar dtús agus nach bhfuarthas aon sochar ina leith**

(290) D'iarr an t-iarratasóir ar an gCoimisiún ath-imscrúdú a dhéanamh ar chláir áirithe ar chinn an Coimisiún nár soláthraíodh iad do tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na hAirgintíne san imscrúdú bunaidh.

3.4.1. *Iasachtaí agus maoiniú onnmhairiúcháin a sholáthar ar théarmaí fabhracha agus iasachtú fabhrach*

(291) Mhaígh an t-iarratasóir san imscrúdú bunaidh gur chuir BNA — arna bhainistiú go héifeachtach ag Rialtas na hAirgintíne ó lá go lá trína údarás chun comhaltaí uile an bhoird a cheapadh — maoiniú onnmhairiúcháin agus iasachtaí fabhracha ar fáil a chuaigh chun tairbhe go sonrach do thionscal bithdhíosail na hAirgintíne. Chun creidmheas a fháil faoin gclár seo, b'éigean don fhaighteoir a léiriú gur cuireadh an maoiniú i bhfeidhm ar na céimeanna éagsúla den phróiseas táirgthe agus tráchtálaithe chun an t-earra a onnmhairiú.

([118]) *Ley* 3456, *Código Fiscal de la Provincia de Santa Fe*.

3.4.1.1. Torthaí an imscrúdaithe

(292) Níor aimsíodh aon fhianaise maidir le haon iasacht ná creidmheas onnmhairiúcháin ó BNA chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.4.1.2. Conclúid

(293) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár soláthraíodh aon iasachtú fabhrach do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.4.2. *Ioncam rialtais a ligtear thar ceal nó nár bailíodh faoi Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí*

(294) Líomhain an t-iarratasóir gur cuireadh forbairt bithbhreoslaí chun cinn le hAirteagail 13(d) agus 15.1 de Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí agus gur soláthraíodh modhanna éagsúla leo chun cuidiú leis an tionscal bithdhíosail intíre a fhorbairt agus chun tacú leis, dá bhrí sin tá an fóirdheontas sonrach. Údaraíodh fóirdheontais fhioscacha éagsúla, lena n-áirítear an dímheas luathaithe le haghaidh earraí caipitiúla. Chun an sochar seo a fháil ní mór do chuideachta a bheith corpraithe san Airgintín agus oibriú go heisiach chun na bithbhreoslaí a fhorbairt. Ligeann dímheas luathaithe do tháirgeoirí bithdhíosail a ndliteanas cánach a laghdú trína n-ioncam inchánach a laghdú. Cáilíonn an laghdú ar chánacha mar ranníocaíocht airgeadais ón Rialtas, toisc gurb ionann é agus an t-ioncam a ligtear thar ceal. Chomh maith leis sin, le hAirteagal 15 de Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí, tugtar an deis do tháirgeoirí bithdhíosail an bonn cánach ar a ríomhtar an cháin ioncaim íosta thoimhdithe a laghdú. Le bheith incháilithe, ba cheart don chuideachta a bheith lonnaithe san Airgintín agus oibriú go heisiach chun bithbhreoslaí a fhorbairt, ba cheart don fhaighteoir a bheith ina tháirgeoir bithbhreosla.

3.4.2.1. Torthaí an imscrúdaithe

(295) Suíodh san imscrúdú nár thairbhigh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de na sochair chur chun cinn a leagtar amach in Airteagail 13(d) agus 15 den Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.4.2.2. Conclúid

(296) Níor úsáid na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte an beart sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus, dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach bhféadfadh sé sochar a ríomh dó. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur tháinig forálacha Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí chun bheith ar neamhní mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí ([119]), mar sin níor léir fós an raibh Airteagail 13(d) agus 15.1 de Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí fós i bhfeidhm agus ar deonaíodh aon tairbhe dóibh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.4.3. *Díolúintí cánach cúigeacha arna soláthar ag cúige Cordoba*

(297) Líomhain an t-iarratasóir gur bhunaigh cúige Cordoba sochair chánach éagsúla i nDlí Cúigeach Cordoba 9397 ([120]), arb é atá iontu "greamaitheacht chúige" le Dlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí. Bhí forbairt agus úsáid inbhuanaithe bithbhreoslaí díolmhaithe ó thaobh dlí ar feadh téarma 15 bliana ó chánacha a íoc ar ollioncam, ar thionsclú agus stóráil táirgeachta, ar shéalaí gníomhartha, conarthaí agus oibríochtaí a rinneadh maidir le bithbhreoslaí. Ní raibh ach cuideachtaí corpraithe a tháirgeann, a phróiseálann agus/nó a stórálann bithbhreoslaí incháilithe. D'fhéadfadh tionscadail bhithbhreosla leas a bhaint freisin as tacaíocht iasachta ón mBanc Oifigiúil ar ráta fóirdheonaithe agus laghduithe ar thomhaltas fuinnimh.

3.4.3.1. Torthaí an imscrúdaithe

(298) Suíodh san imscrúdú bunaidh go raibh na díolúintí cánach ar fáil do tháirgeoirí bithbhreosla a bhí lonnaithe i gcúige Cordoba ([121]). Deimhníodh an toradh sin leis an imscrúdú reatha. Mar sin féin, níor tháirg aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte san imscrúdú reatha bithdhíosal i gcúige Cordoba.

([119]) Airteagal 21, Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí.
([120]) *Ley 9397 Adhesion de la provincial a ley nacional no 26.093, y declaracion de interes public de la promocion de la produccion, procesamiento y uso sustentable de biocombustibles.*
([121]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (280).

3.4.3.2. Conclúid

(299) Dá bhrí sin, níor thairbhigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte den díolúine chánach sin agus, dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfadh sé sochar a ríomh dó. Mar sin féin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean an fóirdheontas de bheith i bhfeidhm.

3.4.4. *Díolúintí cánach cúigeacha arna soláthar ag cúige Buenos Aires*

(300) Líomhain an t-iarratasóir gur bhunaigh cúige Buenos Aires Dlí Cúigeach 13 719 chun íoc cánacha ar ollioncam agus ar eastát réadach a dhíolmhú ar feadh 15 bliana, agus gurb iad na coinníollacha gur cheart an tionscadal a bheith beartaithe chun críocha onnmhairiúcháin agus gur cheart an gléasra a bheith lonnaithe i gcúige Buenos Aires, chomh maith leis sin go raibh ar thairbhithe a bheith cáilithe agus cláraithe faoi chuimsiú Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí.

3.4.4.1. Torthaí an imscrúdaithe

(301) Fuarthas amach san imscrúdú bunaidh go raibh na díolúintí cánach ar fáil do tháirgeoirí bithbhreosla a bhí lonnaithe i gcúige Buenos Aires ([122]). Deimhníodh an toradh sin leis an imscrúdú reatha. Mar sin féin, níor tháirg aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte san imscrúdú reatha bithdhíosal i gcúige Buenos Aires.

3.4.4.2. Conclúid

(302) Dá bhrí sin, níor thairbhigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte den díolúine chánach sin agus, dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfadh sé sochar a ríomh dó. Mar sin féin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean an fóirdheontas de bheith i bhfeidhm.

3.4.5. *Córas Cur Chun Cinn agus Forbartha Tionsclaíche Chúige Santiago del Estero (PSPID) — Dlí Cúigeach 6 750*

(303) Líomhain an t-iarratasóir gur cuireadh córas cúigeach chun feidhme in 2005 i gcúige Santiago del Estero le haghaidh cur chun cinn agus forbairt thionsclaíoch chun tionscail nua a chothú laistigh den chúige agus chun na tionscail atá ann cheana a leathnú, de bhun Dhlí Cúigeach Santiago del Estero 6 750 ([123]). Bhí na hocht sochar seo a leanas ar fáil: (1) aisíoc suas le tríocha faoin gcéad den infheistíocht a rinneadh, gan dul thar chúig bliana; (2) aisíocaíocht suas le caoga faoin gcéad nó creidmheas cánach chun críocha cánacha amach anseo a íoc le haghaidh infheistíochtaí i mbóithre, i ngréasáin leictreachais... arna ndéanamh ag na cuideachtaí a bhaineann leis na tionscadail; (3) díolúine ó chánacha cúigeacha, cánacha reatha nó cánacha atá le giniúint, ar bhonn iomlán nó de réir a chéile; (4) saoráidí chun comhaontú ceannaigh, suímh nó commodatum a dhéanamh le rogha ceannaigh laistigh de thréimhse cúig bliana agus chun maoin phearsanta agus eastát réadach an Stáit chúigigh a léasú; (5) soláthar cúnaimh riaracháin, teicneolaíochta agus airgeadais, agus seirbhísí comhairleacha teicniúla ag Eagraíochtaí Stáit; (6) tacaíocht agus rannpháirtíocht stáit i mbainistiú díolúintí agus laghduithe cánach agus taraifí, promóisin nó bearta cosanta agus díolúintí cánach eile (dleachtanna nialais) san ord náisiúnta nó bardasach; (7) fóirdheontais suas le caoga faoin gcéad de ráta úis na líne creidmheasa do chuideachtaí spreagtha de réir na dtéarmaí atá leagtha amach; agus (8) iasachtaí um spreagadh infheistíochta a dhámhachtain.

3.4.5.1. Torthaí an imscrúdaithe

(304) Suíodh san imscrúdú nach raibh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte san imscrúdú reatha lonnaithe i gcúige Santiago del Estero.

3.4.5.2. Conclúid

(305) Dá bhrí sin, níor thairbhigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte den díolúine chánach sin agus, dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfadh sé sochar a ríomh dó. Mar sin féin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean an fóirdheontas de bheith i bhfeidhm.

([122]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún, aithris (283).
([123]) *Provincia de Santiago del Estero, Ley* 6.750, *Sistema Provincial de Promocion y Desarrollo Industrial*.

3.5. **Scéimeanna nua**

(306) Shainaithin an t-iarratasóir san iarraidh fóirdheontais líomhnaithe nua nár imscrúdaíodh san imscrúdú bunaidh.

3.5.1. *Aistriú díreach cistí: Clár maoinithe le haghaidh caipiteal oibre sa tionscal bithdhíosail*

(307) Le Rún 947/2023 ([124]) cruthaíodh clár maoiniúcháin d'earnáil na mbithbhreoslaí san Airgintín, a bheadh bailí go dtí an 31 Nollaig 2023. Ba é príomhchuspóir an Rúin forbairt thionscal na mbithbhreoslaí san Airgintín a chur chun cinn. De réir an chláir sin, infheistíodh ARS 988 000 000 ón Státchiste Náisiúnta sa Chiste Náisiúnta um Fhorbairt Tháirgiúil ('FONDEP').

(308) De réir an iarratasóra, thairg FONDEP coinníollacha fabhracha maoiniúcháin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun na hionchuir is gá chun bithdhíosal a tháirgeadh a fháil. Mar a mheabhraítear in aithris (225), dúirt uachtarán BNA go sainráite gurbh é aidhm an chreidmheasa 'níos mó post a chruthú agus a bheith in ann leanúint ar aghaidh ag onnmhairiú, chomh maith le malairt eachtrach a shábháil' ([125]).

3.5.1.1. Torthaí an imscrúdaithe

(309) Fuarthas amach san imscrúdú, ós rud é go raibh sé beartaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, go raibh sé i gceist leis an gclár seo tacú leis na táirgeoirí bithdhíosail a bhfuil baint acu leis an sainordú intíre, atá difriúil ó na honnmhaireoirí bithdhíosail. Cé go raibh baint ag roinnt táirgeoirí bithdhíosail i nGrúpa Renova leis an sainordú intíre, ní dheachaigh siad i muinín cistiú ó FONDEP le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, fuarthas amach san imscrúdú nár thairbhigh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chistiú ó FONDEP le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(310) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hAirgintíne earráidí neamhshonraithe agus léirmhíniú páirteach maidir leis an gclár sin. Mar sin féin, ós rud é nach raibh bunús leis an maíomh sin, dhiúltaigh an Coimisiún dó.

3.5.1.2. Conclúid

(311) Níor úsáid na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte an beart sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus, dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach bhféadfadh sé sochar a ríomh dó. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, bhí an scéim fós ar fáil do tháirgeoirí bithdhíosail incháilithe.

3.5.2. *Ioncam ligthe thar ceal tríd an Dlí nua 2021 maidir le Bithbhreoslaí 27 640*

(312) Líomhain an t-iarratasóir gur sonraíodh le Dlí nua 2021 maidir le Bithbhreoslaí go raibh bithbhreoslaí díolmhaithe ón gcáin ar bhreoslaí leachtacha agus ón gcáin ar dhé-ocsaíd charbóin. Thairis sin, le Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí, socraíodh buntáistí cánach le haghaidh bithbhreoslaí i bhfoirm cáin bhreisluacha níos ísle, le haghaidh cánacha ioncaim, le haghaidh cáin allmhairiúcháin díosail, le haghaidh cáin bonneagair hiodrálaigh.

3.5.2.1. Torthaí an imscrúdaithe

(313) Léiríodh san imscrúdú gur suíodh le hAirteagal 22 de Dhlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí 'nach ngearrfar cáin ar bhithdhíosal ná ar bhitheatánól leis an gCáin ar Bhreoslaí Leachtacha (ICL) ná leis an gCáin ar Dé-ocsaíd Charbóin (ICO2), a bhunaítear i dTeideal III, Caibidlí I agus II, faoi seach, de Dhlí 23,966, agus go leathnófar an chóireáil thuasluaite chuig gach céim den táirgeadh, den dáileadh agus den mhargaíocht. I gcás an mheascáin de na bithbhreoslaí sin le breoslaí iontaise, ní ghearrfar an cháin ach ar an gcomhpháirt breosla iontaise atá sa mheascán. Beidh feidhm ag an gcóireáil cánach dá bhforáiltear san airteagal seo go dtí dáta foirceanta an chórais agus beidh feidhm aici fad is de thionscnamh náisiúnta na príomh-amhábhair a úsáidtear sna próisis táirgthe faoi seach'.

([124]) *Ministerio de Economia, Resolución* 947/2023, *Programa de Financiamiento para Capital de Trabajo en la Industria del Biodiesel – Crease*.
([125]) https://biodiesel.com.ar/16276/biocombustibles-la-secretaria-de-energia-de-argentina-lanza-credito-a-tasa-preferencial-para-la-industria-del-biodiesel.

(314) Mar sin féin, bunaíodh le hAirteagal 4 de Theideal III de Dhlí 23 966 'I gcás bithdhíosail agus breosla bitheatánóil, beidh an cháin comhlíonta le híocaíocht na cánach ar an nafta, ar an gcomhpháirt gás-ola agus ola díosail nó ar chomhpháirt eile faoi cháin. Ní dhéantar difear do bhithbhreoslaí ina staid íon'. Níor soláthraíodh aon ráta do bhithdhíosal in Airteagal 4, i gcodarsnacht le breoslaí eile.

(315) Níor léir fós, dá bhrí sin, an raibh idirdhealú sa tobhach cánach bunaithe ar thionscnamh an bhithdhíosail. Ba léir, áfach, nach raibh bithdhíosal íon, mar atá an táirge lena mbaineann, faoi réir na cánach. Thairis sin, murab ionann agus an líomhain san iarraidh, ba léir gur gearradh an cháin ar na breoslaí cumaiscthe bunaithe ar bhithdhíosal, a tháirgeann na cumascóirí níos faide síos an slabhra luacha. Cé go bhféadfadh na torthaí sin a bheith ábhartha don anailís ar thacaíocht ioncaim nó praghais, mar a léirítear in aithrisí (225) agus (227), ós rud é go mbaineann an t-imscrúdú reatha le bithdhíosal agus a tháirgeoirí onnmhairiúcháin — seachas breoslaí cumaiscthe a eascraíonn as bithdhíosal — shuigh an Coimisiún nár bhain na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte tairbhe dhíreach as an díolúine cánach sin.

(316) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hAirgintíne earráidí neamhshonraithe agus léirmhíniú páirteach maidir leis an gclár sin. Mar sin féin, ós rud é nach raibh bunús leis an maíomh sin, dhiúltaigh an Coimisiún dó.

3.5.2.2. Conclúid

(317) Níor úsáid na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte an beart sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus, dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach bhféadfadh sé sochar a ríomh dó.

3.6. **Conclúid maidir le fóirdheonú**

(318) Ríomh an Coimisiún méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe i gcomhréir le forálacha an bhun-Rialacháin do na cuideachtaí sampláilte trí scrúdú a dhéanamh ar an aon chlár fóirdheontais amháin ar suíodh go raibh siad ag baint tairbhe as le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, is é sin tacaíocht Rialtas na hAirgintíne don tionscal bithdhíosail, lena n-áirítear trí phónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach. Chun an fóirdheonú de bharr na scéime sin a ríomh, rinne an Coimisiún an fóirdheontas céatadáin a ríomh ar dtús, is é sin méid an fhóirdheontais mar chéatadán de láimhdeachas na cuideachta a ghintear ó tháirgí atá bunaithe ar phónairí soighe. Ansin baineadh úsáid as an gcéatadán sin chun an fóirdheontas a ríomh, an fóirdheontas arna leithdháileadh ar onnmhairí an táirge i gceist chuig an Aontas i rith tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Rinneadh méid fóirdheontais in aghaidh an tona a ríomh ansin don táirge lena mbaineann a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus na corrlaigh arna ríomh mar chéatadán de luach Costas, Árachais agus Last-táille ('CAL') de na honnmhairí céanna in aghaidh an tona.

(319) Sáraíonn méid iomlán an fhóirdheonaithe an tairseach *de minimis* a luaitear in Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

(320) Thairis sin, shuigh an Coimisiún, fiú mura n-úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte iad, go raibh fóirdheontais eile a scrúdaíodh ar dtús fós i bhfeidhm in éineacht le fóirdheontais nua eile. Thángthas ar an gconclúid dá bhrí sin go raibh na scéimeanna fóirdheontais a imscrúdaíodh i bhfeidhm le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.7. **An dóchúlacht go leanfar den fhóirdheonú**

(321) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann d'fhóirdheonú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 18(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den fhóirdheonú, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

(322) Sa chomhthéacs sin, rinne an Coimisiún imscrúdú ar na gnéithe seo a leanas: na forbairtí is intuartha amach anseo ar bheartas Rialtas na hAirgintíne, an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise san Airgintín, tarraingteacht mhargadh an Aontais, lena n-áirítear an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas, agus an acmhainneacht ionsúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag tríú tíortha.

3.7.1. *Forbairtí amach anseo ar bheartas Rialtas na hAirgintíne*

(323) Suíodh gur lean na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de thairbhe a bhaint as fóirdheonú in-fhrithchúitithe ó údaráis na hAirgintíne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Suíodh gur leanadh den fhóirdheonú ar leibhéal na tíre freisin, ós rud é go raibh formhór na scéimeanna ar fáil ar fud na tíre d'onnmhaireoirí bithdhíosail.

(324) A mhéid a bhaineann leis an gcáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe agus ar olaí pónaire soighe, le linn an fhíorúcháin ar an láthair, dheimhnigh Rialtas na hAirgintíne go raibh na rátaí 31 % le haghaidh ola pónaire soighe agus 33 % le haghaidh pónairí soighe fós infheidhme tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Deimhníodh san fhaisnéis phoiblí gurbh amhlaidh a bhí go dtí mí Iúil 2024 ar a laghad ([126]). Thairis sin, le linn an fhíorúcháin ar an láthair, dheimhnigh Rialtas na hAirgintíne freisin go raibh an ráta cánach onnmhairiúcháin 29 % le haghaidh bithdhíosail fós infheidhme tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an gcaoi chéanna, deimhníodh le faisnéis phoiblí gurbh amhlaidh a bhí go dtí mí Iúil 2024 ar a laghad ([127]). Le linn an fhíorúcháin ar an láthair, dúirt Rialtas na hAirgintíne freisin go raibh cánacha onnmhairiúcháin fós ina bpríomhioncam do bhuiséad cónaidhme na hAirgintíne.

(325) Maidir leis na méideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin, cé gur lean siad de bheith á gcur chun feidhme tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar a léirítear in aithris (132), thuairiscigh Rialtas na hAirgintíne gur ghlac riarachán nuabhunaithe Rialtas na hAirgintíne Foraithne 70/2023 an 20 Nollaig 2023, tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ([128]), ar bunaíodh le hAirteagal 142 de an prionsabal '*nach bhféadfaidh an Chumhacht Feidhmiúcháin Náisiúnta toirmisc nó srianta ar onnmhairí nó ar allmhairí a bhunú ar chúiseanna eacnamaíocha. Is le dlí amháin is féidir iad a chur i gcrích*'. Breithníodh srianta ar chúiseanna eacnamaíocha nuair a bhí siad dírithe ar shraith cuspóirí, lena n-áirítear '*praghsanna inmheánacha a chobhsú ar leibhéil áisiúla nó méid soláthair atá leordhóthanach do riachtanais soláthair an mhargaidh inmheánaigh a choinneáil*'agus '*riachtanais an airgeadais phoiblí a chomhlíonadh*'. Thairis sin, luaitear in Airteagal 144 '*Ní bhunóidh an Chumhacht Feidhmiúcháin Náisiúnta toirmisc ná cuótaí onnmhairiúcháin ná allmhairiúcháin ar chúiseanna eacnamaíocha ná ar fhorais eacnamaíocha*'. Cuireadh an prionsabal sin i bhfeidhm le Rún 302/2024 ([129]), a glacadh an 8 Bealtaine 2024, lenar aisghaireadh Rún 276/2021 agus na méideanna comhardúcháin onnmhairiúcháin.

(326) Tugadh an prionsabal a chumhdaítear i bhForaithne 70/2023 ar aghaidh le dréachtdlí Omnibus ([130]), ina raibh roinn lenar tugadh isteach creat rialála nua le haghaidh bithdhíosail. Mar sin féin, níor éirigh leis an roinn sin sa ghrinnscrúdú parlaiminteach agus foilsíodh Dlí Omnibus ar deireadh gan é. Dá bhrí sin, níor modhnaíodh an ceanglas maidir le hábhar áitiúil ná an creat le haghaidh shainordú intíre an bhithdhíosail, lena n-áirítear praghas intíre an bhithdhíosail a shocrú, tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shoiléirigh Rialtas na hAirgintíne gur dócha go gcuirfí na codanna sin go léir de Dhlí Omnibus nár rith an Chomhdháil leo, cosúil leis an gcuid a dhéileálann leis an gcreat nua do bhithbhreoslaí, faoi bhráid na Comhdhála arís san fhoirm agus san am a bheidh le cinneadh ag Rialtas na hAirgintíne amach anseo, cé nach ndearnadh aon chéim nithiúil sa treo seo.

(327) Le linn an fhíorúcháin ar an láthair, mhínigh Rialtas na hAirgintíne freisin go raibh dréachtbhille ann chun Dlí 2021 maidir le Bithbhreoslaí a leasú, ar feitheamh i gceann de Choiste parlaiminteach an Tí Íochtaraigh. Mhol an *Liga Bioenergética* an tionscadal, grúpa de shé chúige de chuid na hAirgintíne ina bhfuil feirmeoirí agus táirgeoirí bithdhíosail lonnaithe. Tuairiscíodh é freisin i bhfaisnéis phoiblí. ([131]) Mar sin féin, bhí a thuras parlaiminteach fós ar feitheamh.

(328) Maidir leis an gclár cúitimh le haghaidh táirgeoirí pónairí soighe beaga agus meánmhéide agus táirgeoirí arbhair Indiaigh, mar a tuairiscíodh in aithris (148), cuireadh stop lena chur chun feidhme i mí na Nollag 2022, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

([126]) 'An Airgintín: Biofuels Annual', Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe (USDA) — Global Agriculture Information Network (GAIN) tuarascáil uimh. AR2024-0011, 05 Lúnasa 2024 ('Tuarascáil GAIN 2024'), lgh. 10-11, ar fáil ag: https://www.fas.usda.gov/data/argentina-biofuels-annual-9.
([127]) *Ibid*.
([128]) *Decreto* 70/2023, DNU-2023-70-APN-PTE - *Disposiciones*.
([129]) *Ministerio de Economía, Resolución* 302/2024, RESOL-2024-302-APN-MEC.
([130]) Faoi dheireadh foilsíodh é mar *Ley* 27742, *Ley de Bases y Puntos de Partida para la Libertad de los Argentinos*.
([131]) Tuarascáil GAIN 2024, lgh. 2 agus 6.

(329) Maidir leis na díolúintí cánach i gcúige Santa Fe, in ainneoin nach bhféadfaí aon sochar a ríomh do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, fuarthas amach san imscrúdú ní hamháin go raibh na díolúintí cánach faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 12692 fós i bhfeidhm (agus go raibh táirgeoir bithdhíosail de chuid Renova Group, a d'onnmhairigh Molinos Agro agus Viterra Argentina níos déanaí, fós údaraithe chun an dleacht stampa agus an díolúine ó cháin eastáit réadaigh a fháil, in ainneoin nach ndearnadh an sochar a athnuachan go bliantúil), ach freisin go raibh díolúintí cánach faoi Dhlí Cúigeach Santa Fe 8478 fós i bhfeidhm (agus deonaíodh díolúine nua do tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i nGrúpa Renova go gairid tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

(330) Mar fhocal scoir, tugann na scéimeanna fóirdheontais in-fhrithchúitithe atá le fáil san imscrúdú reatha tairbhí athfhillteacha agus, níl aon léiriú ann go bhféadfadh aon athrú ar na scéimeanna amach anseo — nach bhfuil ach acmhainneacht ag baint leo ag an bpointe seo — stop a chur leis na tairbhí a thagann chun cinn astu. Ar an gcaoi chéanna, níl aon chomhartha ann go gcuirfear deireadh iomlán leis na scéimeanna de réir a chéile amach anseo, nó go stopfadh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de shochair a fháil faoi na scéimeanna sin.

(331) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh CARBIO nach raibh sochair á dtabhairt arís agus arís eile ach ag ceann amháin de na scéimeanna fóirdheontais in-fhrithchúitithe a aimsíodh san imscrúdú seo, i.e. pónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach.

(332) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Mar a shoiléirítear in aithris (329), cé nach bhféadfadh an Coimisiún sochar a ríomh do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i ndáil leis na díolúintí cánach i gcúige Santa Fe, ní cheistítear go bhfuarthas sochar tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. In aon chás, mar a léirítear in aithris (329), níl aon chomhartha ann go gcuirfear deireadh de réir a chéile leis na díolúintí cánach i gcúige Santa Fe go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann sé leis an dóchúlacht go leanfar den fhóirdheonú, is féidir a mheas go dtugann an scéim sin sochair arís agus arís eile freisin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(333) Thuairiscigh CARBIO freisin, tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i mí Eanáir 2025, gur ísligh Foraithne 38/2025 an ráta cánach onnmhairiúcháin ar phónairí soighe ó 33 % go 26 % ([132]). Dá bhrí sin, bheadh laghdú tagtha ar aon tionchar ar tháirgeoirí pónairí soighe. Thairis sin, dar le CARBIO, ó bhí mí Eanáir 2025 ann, bheadh an cháin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe níos airde dá bhrí sin ná an cháin onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal (29 %) agus ba cheart don Choimisiún féachaint arís ar an sliocht in aithris (115) ina bhforchuirtear rátaí níos airde ar amhábhair agus rátaí níos ísle ar tháirgí críochnaithe, rud a thabharfadh buntáiste praghais do thionscail iartheachtacha intíre.

(334) Thug an Coimisiún dá aire gur deimhníodh leis an gcoigeartú breise sin ar an gcáin onnmhairiúcháin ar phónairí soighe go bhfuil Rialtas na hAirgintíne i dteideal an córas cánach onnmhairiúcháin a choigeartú go rialta. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár tarraingíodh siar leis an gcoigeartú sin na bearta fóirdheontais atá i gceist agus go leanfar de shochar a thabhairt tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire gur modhnaíodh freisin le Foraithne 38/2025 an ráta cánach onnmhairiúcháin ar bhithdhíosal ó 29 % go 23 % ([133]), agus ar an gcaoi sin gur coinníodh an sliocht in aithris (115) thuas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(335) Dúirt CARBIO freisin, an laghdú ar an ráta cánach onnmhairiúcháin ar phónairí soighe, in éineacht leis na fíorais gur léirigh an corrlach fóirdheontais laghdú ar fhóirdheonú i gcomparáid leis an imscrúdú bunaidh, agus gur chinn an Coimisiún in aithris (328) gur cuireadh deireadh leis an gclár cúitimh do tháirgeoirí pónairí soighe beaga agus meánmhéide agus do tháirgeoirí arbhair Indiaigh, gur cheart a bhaint de thátal as sin nach dócha go leanfar den fhóirdheonú.

(336) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur leanadh den fhóirdheonú, agus nach mbaineann na tosca a luaigh CARBIO an bonn den chonclúid sin, ós rud é nár cuireadh deireadh leis na bearta eile a luaitear in aithrisí (101) go (150) thuas arb ionann iad le chéile agus pónairí soighe a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach. Dá bhrí sin, leanfar de shochar a thabhairt tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

([132]) *Decreto* 38/2025, DECTO-2025-38-APN-PTE - *Derecho de Exportación*.
([133]) Faoi chód custaim 3826 00 00.

3.7.2. *Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise san Airgintín*

(337) Scrúdaigh an Coimisiún an ndéanfaí méideanna móra de na hallmhairí fóirdheonaithe ón Airgintín chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag agus, in éineacht leo, an gealltanas atá i bhfeidhm freisin i gcás inar gheall na táirgeoirí onnmhairiúcháin onnmhairiú ar íosphraghas allmhairiúcháin isteach san Aontas.

(338) Bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí a thuairiscigh Rialtas na hAirgintíne, d'fhan an acmhainneacht táirgeachta san Airgintín cobhsaí ó 2020 i leith ag 3 920 550 tona ([134]). Mar a léiríodh cheana in aithris (47), d'fhan an acmhainneacht cobhsaí freisin i bhfianaise an triomaigh a d'fhulaing an Airgintín idir 2022 agus 2023, rud a dheimhníonn cineál sealadach an fheiniméin sin.

(339) I gcomparáid leis an táirgeacht iarbhír, ba é an toradh a bhí air sin acmhainneacht bhreise de bhreis agus 2 mhilliún tona i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 3

Acmhainneacht bhreise na hAirgintíne (MT)

Bliain	Acmhainneacht táirgeachta	Táirgeacht	Acmhainneacht bhreise
2020	3 920 550	1 157 364	2 763 186
2021	3 920 550	1 723 665	2 196 885
2022	3 920 550	1 909 618	2 010 932
Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe	3 920 550	1 184 444	2 736 106

Foinse: Freagra Rialtas na hAirgintíne ar an gceistneoir, a thagann ó Thuarascáil GAIN 2023 maidir le hacmhainneacht táirgeachta agus ó bhunachar sonraí Airgintíneach atá ar fáil go poiblí le haghaidh táirgthe.

(340) Leanann sé ón méid thuas nach raibh ráta úsáide ach 30 % ag an Airgintín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus gur choinnigh sí acmhainneachtaí breise móra, arb ionann iad agus 15 % de thomhaltas an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar a leagtar amach i dTábla 4. Mar a léiríodh leis na sonraí onnmhairiúcháin i dTábla 2, ní féidir leis an margadh intíre an acmhainneacht bhreise shubstaintiúil a ionsú agus dá bhrí sin tá sí ar fáil den chuid is mó le haghaidh onnmhairí. Dá bhrí sin, dá ligfí do na bearta dul in éag agus, in éineacht leo, leis an ngealltanas atá i bhfeidhm, féadfar méideanna móra allmhairí chuig an Aontas a atosú, go háirithe agus tarraingteacht mhargadh an Aontais á cur san áireamh mar a leagtar amach sna haithrisí seo a leanas.

3.7.3. *Tarraingteacht mhargadh an Aontais*

(341) Scrúdaigh an Coimisiún ar dhócha go méadódh táirgeoirí onnmhairiúcháin ón Airgintín a ndíolacháin onnmhairiúcháin ar phraghsanna fóirdheonaithe ar mhargadh an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag. Rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar mheánleibhéal praghsanna onnmhairí na hAirgintíne chuig margaí tríú tír agus chuir sé i gcomparáid iad le meánleibhéal praghsanna onnmhairí na hAirgintíne chuig margadh an Aontais, chun praghas onnmhairiúcháin féideartha bithdhíosail a chinneadh in éagmais na mbeart frithchúitimh.

(342) Chun praghsanna na n-onnmhairí chuig an Aontas a chur i gcomparáid le praghsanna na n-onnmhairí chuig tríú tíortha ar an leibhéal céanna, scrúdaigh an Coimisiún leibhéal na bpraghsanna chuig an Aontas agus leibhéal na bpraghsanna chuig tríú tíortha atá ar fáil go poiblí i staidreamh onnmhairiúcháin na hAirgintíne ([135]), ar leibhéal SAB araon.

([134]) Tuarascáil GAIN 2023, lch. 16. Tiontaíodh sonraí ina milliún lítear ina dtonaí leis an gcoibhéis seo a leanas: 1,000 l = 1 m³ = 0,885 t.
([135]) http://datos.energia.gob.ar/dataset/estadisticas-de-biodiesel-y-bioetanol/archivo/4e04bc74-8625-412c-acc2-48412f2509b4.

(343) Ar an mbonn sin, shuigh an Coimisiún le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go raibh praghas onnmhairiúcháin aonaid an bhithdhíosail chuig an Aontas 25 % níos airde ná an praghas onnmhairiúcháin aonaid chuig tríú tíortha (Ceanada agus an tSín), rud a fhágann go bhfuil margadh an Aontais níos brabúsaí (agus níos tarraingtí dá bhrí sin) do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hAirgintíne. Is dócha, agus é á chur san áireamh go bhfuil tionchar ag an ísosphraghas allmhairiúcháin faoin ngealltanas ar an bpraghas onnmhairiúcháin chuig an Aontas a ndearnadh anailís air, go léiríonn leibhéal na bpraghsanna chuig tríú tíortha leibhéal féideartha na bpraghsanna fóirdheonaithe don Aontas, in éagmais na mbeart agus an ghealltanais.

(344) Go deimhin, mar gheall ar fhíorú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, bhí an Coimisiún in ann tuiscint a fháil ar éifeachtaí an ísosphraghais allmhairiúcháin a leagadh síos de bhun an ghealltanais. Léiríodh san fhíorú, má tá praghsanna san Aontas níos ísle ná an t-ísosphraghas allmhairiúcháin, nó mura gceadaíonn siad brabúis leordhóthanacha sa bhreis ar an ísosphraghas allmhairiúcháin, gur fearr le táirgeoirí onnmhairiúcháin na hAirgintíne ola phónaire shoighe nó táirgí idirmheánacha eile a onnmhairiú mar ola neodraithe (a tháirgtear ar an líne tháirgthe chéanna le bithdhíosal, ach céim amháin chun tosaigh sa slabhra táirgeachta), nach bhfuil faoi réir dleachtanna frithchúitimh ón Aontas agus a bhfuil costas táirgthe níos ísle acu i gcomparáid le bithdhíosal. Ní éilíonn cinneadh gnó den sórt sin frámaí ama fada coigeartaithe toisc go bhfuil sé thar a bheith éasca na gléasraí bithdhíosail a chur ar siúl agus a mhúchadh. Dá bhrí sin, leis an ísosphraghas allmhairiúcháin faoin ngealltanas, cuirtear cosc ar onnmhairí faoi bhun an ísosphraghais allmhairiúcháin, ar dócha go dtarlódh sé, in éagmais na mbeart agus an ghealltanais.

(345) Rinne an Coimisiún anailís féachaint an margadh tarraingteach é an tAontas d'onnmhaireoirí bithdhíosail na hAirgintíne.

(346) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níor onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte bithdhíosal ach chuig an Aontas amháin. Thairis sin, bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí agus a thuairiscigh Rialtas na hAirgintíne, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ba é an tAontas an ceann scríbe onnmhairiúcháin ba mhó le haghaidh bithdhíosal na hAirgintíne agus ba é sin an cás ar a laghad ó 2020 ([136]). Deimhníodh san fhaisnéis atá ar fáil go poiblí 'go leanann an tAontas Eorpach de bheith ar an bpríomhmhargadh agus ar an margadh eisiach go praiticiúil le haghaidh bithdhíosal na hAirgintíne' ([137]).

(347) Thairis sin, mar a mheabhraítear in aithris (243), leis an sainordú intíre bithdhíosail 7.5 %, a bhí éifeachtach don chuid is mó de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus a d'fhan gan athrú freisin tar éis na tréimhse sin, laghdaíodh cainníocht an bhithdhíosail a ídíodh laistigh de mhargadh intíre na hAirgintíne i gcomparáid leis an sainordú 10 % roimhe sin faoi Dhlí 2006 maidir le Bithbhreoslaí agus leis an sainordú sealadach 12.5 %. Mar thoradh air sin, le sainordú intíre maidir le bithdhíosal íseal, cuirtear níos mó táirgeachta i dtreo onnmhairiú, go háirithe i dtreo an Aontais.

(348) Ar bhonn níos ginearálta, tá tionscal an bhithdhíosail san Airgintín dírithe den chuid is mó ar onnmhairiú, agus níl ach cuideachtaí beaga dírithe ar sholáthar an mhargaidh intíre. Os a choinne sin, tá cuideachtaí onnmhairiúcháin móra lonnaithe feadh abhainn Paraná, i suíomh straitéiseach le haghaidh onnmhairí lena gceadaítear loingsiú díreach chuig an Aontas agus cinn scríbe onnmhairiúcháin eile.

3.7.4. *Acmhainn ionsúcháin fhéideartha ag margaí tríú tír*

(349) Ar deireadh, rinne an Coimisiún anailís féachaint an bhfuil sé d'acmhainn ag margaí tríú tír cuid de tháirgeadh bithdhíosail na hAirgintíne a ionsú.

(350) In 2016, d'fhorchuir Peiriú agus, in 2017, na Stáit Aontaithe, a mbíodh an dá cheann acu ina gceann scríbe onnmhairiúcháin traidisiúnta le haghaidh bithdhíosal na hAirgintíne, dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh ar bhithdhíosal na hAirgintíne, ar leibhéal toirmeascach ([138]).

([136]) http://datos.energia.gob.ar/dataset/estadisticas-de-biodiesel-y-bioetanol/archivo/4e04bc74-8625-412c-acc2-48412f2509b4.
([137]) Tuarascáil GAIN 2024, lch. 19.
([138]) Tuarascáil GAIN 2024, lch. 17.

(351) Mar is léir i dTábla 2, tháinig méadú ar onnmhairí ón Airgintín chuig tríú tíortha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bunaithe ar staitisticí na hAirgintíne a bhí ar fáil go poiblí ([139]), tharla an méadú sin go príomha mar gheall ar mhéideanna onnmhairiúcháin níos airde go Ceanada. Ar an iomlán, áfach, ní raibh sna honnmhairí sin chuig tríú tíortha ach codán den mhéid iomlán onnmhairí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i.e. ní raibh iontu ach 3,6 %, agus díreoidh an sciar eile go hiomlán i dtreo an Aontais. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ba í an tSín an t-aon cheann scríbe onnmhairiúcháin eile, agus níor allmhairíodh ach 21 thona ón Airgintín, cainníocht atá neamhábhartha. Mar sin féin, tá a táirgeadh bithdhíosail féin ag an tSín agus ní bheidh sí in ann méideanna méadaithe onnmhairí a ionsú. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dócha go mbeidh sé d'acmhainn ag tríú tíortha onnmhairí bithdhíosail na hAirgintíne a ionsú.

3.7.5. *Conclúid fhoriomlán maidir leis an dóchúlacht go leanfar den fhóirdheonú*

(352) I bhfianaise an mhéid thuas, i gcomhréir le hAirteagal 18(3) den bhun-Rialachán, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfaí den fhóirdheonú dá ligfí do na bearta atá i bhfeidhm dul in éag.

(353) Léiríodh san imscrúdú gur lean na hallmhairí ón Airgintín de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna fóirdheonaithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(354) Ina theannta sin, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, shuigh an Coimisiún go raibh an acmhainneacht bhreise iomarcach san Airgintín mór. Léirigh tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí méide agus praghsanna díola freisin gur dócha go ndíreofaí onnmhairí na hAirgintíne ar mhargadh an Aontais, dá rachadh na bearta frithchúitimh in éag.

(355) Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún gur dócha go méadóidh táirgeoirí onnmhairiúcháin na hAirgintíne a n-onnmhairí bithdhíosail ar phraghsanna fóirdheonaithe chuig margadh an Aontais má ligtear do na bearta frithchúitimh agus, dá bhrí sin, don ghealltanas atá i bhfeidhm dul in éag.

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(356) Rinne 43 tháirgeoir san Aontas a bhí ina mbaill de EBB an táirge comhchosúil a mhonarú móide thart ar 20 táirgeoir eile de chuid an Aontais nach baill de EBB iad. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 9(1) den bhun-Rialachán.

(357) Suíodh gur thart ar 14 925 455 tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na freagartha nuashonraithe ar an macraicheistneoir a chuir EBB isteach tar éis na cuairte fíorúcháin. Bhí sonraí EBB maidir le táirgeadh bithdhíosail an Aontais bunaithe ar sholáthraí faisnéise margaidh seachtrach ar a dtugtar Stratas.

(358) Sa bhreis ar an méid a léiríodh in aithris (16), i bhfianaise fhigiúr táirgeachta athbhreithnithe an Aontais le linn an imscrúdaithe, bhí thart ar 12 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil ag ceithre tháirgeoir shampláilte an Aontais.

4.2. Tomhaltas an Aontais

(359) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais san Aontas arna gcur isteach ag EBB agus arna bhfíorú ag a áitreabh agus bunaithe ar Comext le haghaidh sonraí allmhairiúcháin.

([139]) http://datos.energia.gob.ar/dataset/estadisticas-de-biodiesel-y-bioetanol/archivo/4e04bc74-8625-412c-acc2-48412f2509b4.

(360) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 4

Tomhaltas an Aontais (tona)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	17 052 598	17 411 472	18 082 244	18 543 184
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*102*	*106*	*109*

Foinse: EBB, Comext

(361) Tháinig forbairt dhearfach ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i gcomhréir leis na sainorduithe méadaithe i ndáil le húsáid agus cumasc bithdhíosail san Aontas.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(362) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin ó Comext agus GTA. Rinneadh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí a shuí ar bhonn thomhaltas bithdhíosail an Aontais i dtábla 4,ar bhonn sonraí maidir le díolacháin tháirgeoirí an Aontais arna gcur isteach ag an iarratasóir, agus ar bhonn Comext agus GTA.

(363) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 5

An méid allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ón Airgintín (tonaí)	874 199	1 292 775	997 210	490 644
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*148*	*114*	*56*
Sciar den mhargadh	5,1 %	7,4 %	5,5 %	2,6 %
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*145*	*108*	*52*

Foinse: EBB, Comext, GTA

(364) Tháinig luainiú ar allmhairí ón Airgintín ach tháinig laghdú foriomlán orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú (-44 % ar an iomlán). Tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh ó 5.1 % in 2020 go 2.6 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tugtar faoi deara go raibh an gealltanas dá dtagraítear in aithris (2) thuas fós éifeachtach le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(365) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Comext.

(366) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 6

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an Airgintín	732	1 076	1 419	1 425
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*147*	*194*	*195*

Foinse: Comext

(367) Tháinig méadú mór ar phraghas na n-allmhairí ón Airgintín le linn na tréimhse faoi bhreathnú (+ 95 % ar an iomlán). Ba cheart an méadú ar phraghsanna a mheas i bhfianaise an ghealltanais dá dtagraítear in aithris (2) thuas agus a bhí fós éifeachtach le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(368) Suíodh go raibh sladghearradh praghais allmhairiúcháin ann ar bhonn freagraí fíoraithe ar an gceistneoir.

(369) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí comhoibríocha sampláilte na hAirgintíne arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), lena n-áirítear an dleacht frithchúitimh, mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(370) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Léirigh an chomparáid, arna sloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nach raibh praghsanna na hAirgintíne ag sladghearradh phraghsanna thionscal an Aontais. Ba cheart féachaint ar an easpa sladghearrtha i bhfianaise na ngealltanas i dtaca le praghsanna a thairg onnmhaireoirí na hAirgintíne in 2019.

4.4. Allmhairí ó thríú tíortha seachas an Airgintín

(371) Is ón tSín, ón Ríocht Aontaithe agus ó Shingeapór den chuid is mó a allmhairíodh bithdhíosal ó thríú tíortha seachas an Airgintín.

(372) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna maidir le hallmhairí bithdhíosail ó thríú tíortha eile:

Tábla 7

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an tSín	Méid (tonaí)	926 695	494 931	1 020 300	1 541 239
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*53*	*110*	*166*
	Sciar den mhargadh	5,4 %	2,8 %	5,6 %	8,3 %

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
	Meánphraghas (EUR/tona)	995	1 258	1 645	1 577
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*126*	*165*	*158*
an Ríocht Aontaithe	Méid (tonaí)	608 155	990 082	1 032 790	1 100 392
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*163*	*170*	*181*
	Sciar den mhargadh	3,6 %	5,8 %	6,1 %	6,5 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 027	1 361	1 615	1 297
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*132*	*157*	*126*
Singeapór	Méid (tonaí)	468 998	279 098	689 578	868 513
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*60*	*147*	*185*
	Sciar den mhargadh	2,8 %	1,6 %	4 %	5,1 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 202	1 922	1 388	1 495
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*160*	*116*	*124*
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	1 551 084	1 390 427	2 191 348	2 544 445
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*90*	*141*	*164*
	Sciar den mhargadh	9,1 %	8 %	12,1 %	13,7 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	858	1 169	1 736	1 468
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*136*	*202*	*171*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Méid (tonaí)	3 554 931	3 154 538	4 934 015	6 054 588
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*89*	*139*	*170*
	Sciar den mhargadh	20,8 %	18,1 %	27,3 %	32,7 %

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
	Meánphraghas (EUR/tona)	968	1 310	1 643	1 469
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*135*	*170*	*152*

Foinse: Comext (méid ([140]) & meánphraghas ([141])) ach amháin i gcás na Ríochta Aontaithe in 2020 dá ndearnadh meastacháin ar mhéideanna agus ar phraghsanna ar bhonn phraghsanna GTA in éagmais sonraí dochloíte in Comext

(373) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, de ghnáth bhí meánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí ó thríú tíortha seachas an Airgintín níos airde ná an praghas allmhairiúcháin ón Airgintín. Mar sin féin, níl praghsanna na n-allmhairí inchomparáide go díreach mar gheall ar dhifríochtaí i sreafaí trádála agus/nó san amhábhar a úsáidtear. Go deimhin, ní féidir comparáid fhóinteach a dhéanamh idir praghsanna, méideanna agus sciartha den mhargadh bithdhíosail ó thionscnaimh éagsúla ach amháin nuair a aithnítear an meascán táirgí atá i gceist. I ndáil leis sin, rinneadh bithdhíosal Síneach as bunábhair a mheallfadh praghas níos airde ar mhargadh an Aontais mar gheall ar phréimh comhaireamh dúbailte faoi na Treoracha maidir le Fuinneamh Inathnuaite ('RED') ach bhí sciar mór d'allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín bunaithe ar bharra, mar a deimhníodh, *inter alia*, le Tuarascáil Staidrimh EBB 2023 ([142]), tuarascálacha GAIN ar an tSín ([143]) agus ar an Aontas Eorpach ([144]), faisnéis mhargaidh ([145]) agus sraith imscrúduithe cosanta trádála a rinne an Coimisiún ([146]).

(374) Maidir le hallmhairí ó Shingeapór, ní léireofaí le praghsanna allmhairí den sórt sin dálaí iarbhír an mhargaidh. Maidir le hallmhairí isteach san Aontas de thionscnamh na Ríochta Aontaithe ([147]), earraí trádáilte iad den chuid is mó ba ea iad ([148]), agus d'fhéadfadh cothromú suímh a bheith i gceist freisin ag táirgeoirí trasteorann de chuid na Ríochta Aontaithe ([149])/an Aontais ar phraghsanna an aistrithe, rud nárbh fhéidir leis an gCoimisiún rianú níos faide a

([140]) Sonraí Comext maidir le bithdhíosal íon agus a chumaisc.

([141]) Sonraí Comext maidir le bithdhíosal íon amháin. Sonraí maidir le cód 2710 19 43 29 i gcás Shingeapór. Sonraí maidir le cód 3826 00 10 i gcás na hAirgintíne, na Ríochta Aontaithe agus tríú tíortha eile. Sonraí maidir le cóid 2710 19 43 29 agus 3826 00 10 i gcás tíortha eile gan an tSín a áireamh (i gcás sciar na Ríochta Aontaithe a áirítear i dtíortha eile gan an tSín a áireamh, níor breithníodh ach cód 3826 00 10).

([142]) Tuarascáil Staidrimh EBB 2023 le fáil ag https://ebb-eu.org/wp-content/uploads/2024/03/EBB_Statistical_Report2023-Final.pdf (a breathnaíodh go deireanach an 18 Samhain 2024).

([143]) GAIN. Biofuels Annual an 19 Deireadh Fómhair 2023. an tSín. Le fáil ag https://fas.usda.gov/data/china-biofuels-annual-9 (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 18 Samhain 2024).

([144]) GAIN. Biofuels Annual an 14 Lúnasa 2023. an tAontas Eorpach. Le fáil ag https://fas.usda.gov/data/european-union-biofuels-annual-3 (an dáta deireanach a breathnaíodh air an 18 Samhain 2024).

([145]) I bhfianaise https://www.reuters.com/business/energy/malaysian-2024-biofuel-output-seen-rising-if-b20-biodiesel-usage-expanded-2024-03-05/ (a breathnaíodh go deireanach an 18 Samhain 2024), tá bithdhíosal ón Malaeisia bunaithe ar ola pailme. Chun forléargas domhanda a fháil, féach leathanach 27 de thuarascáil UFOP maidir le soláthar an mhargaidh dhomhanda 2023/2024, atá le fáil ag https://www.ufop.de/files/8217/0548/9837/UFOP-2116_Report_Global_Market_Supply_A5_EN_23_24_160124.pdf.

([146]) Chun sampla eile a fháil, féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1344 ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne, (IO L 212, 13.8.2019, lch. 1-52. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1344/oj. Is mar a leanas atá an fhoclaíocht in aithris (32): The investigation indicated that biodiesel produced in Indonesia is primarily palm oil methyl ester ('PME'), which is derived from palm oil… [Léirigh an t-imscrúdú gur eistear meitile ola pailme ('PME') go príomha atá sa bhithdhíosal a tháirgtear san Indinéis, ar bithdhíosal é a dhíorthaítear ó ola phailme…].

([147]) Maidir le bunábhair sa Ríocht Aontaithe, féach mar shampla https://www.gov.uk/government/statistics/bioenergy-crops-in-england-and-the-uk-2008-2023/bioenergy-crops-in-england-and-the-uk-2008-2023 agus an t-iarratas i gcomhad poiblí an imscrúdaithe arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Leigheasanna Trádála, atá le fáil ag https://www.trade-remedies.service.gov.uk/public/case/AD0058/.

([148]) Maidir le hallmhairí isteach san Aontas ón Ríocht Aontaithe, tír ina bhfuil móréileamh bithdhíosail intíre, measadh gur earraí trádáilte den chuid is mó ba ea iad toisc go raibh a méid i dtábla 12 den Rialachán sealadach dhá oiread níos mó, go bunúsach, ná táirgeadh iomlán an bhithdhíosail sa tír sin. Is rífhollasach é sin ó thábla C.41.1 de ECFE/FAO (2022), Ionchas Talmhaíochta OECD-FAO 2022-2031, OECD Publishing, Páras, https://doi.org/10.1787/f1b0b29c-en. Chomh maith leis sin, tugadh faoi deara i leathanaigh 30-32 den iarratas i gcomhad poiblí an imscrúdaithe arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Leigheasanna Trádála atá le fáil ag https://www.trade-remedies.service.gov.uk/public/case/AD0058/ go raibh mórghníomhaíochtaí onnmhairiúcháin ag grúpa Greenergy. Sa tábla ar leathanach 27 (150 000 – 200 000 tona i gcás Olleco móide Argent) den iarratas céanna agus sna meastacháin ar leathanach 29 (320 000 – 370 000 tona i gcás Greenergy) den iarratas, tugtar le tuiscint gur táirgeadh thart ar leathmhilliún tona (nó beagán níos mó) de bhithdhíosal sa Ríocht Aontaithe.

([149]) An Ríocht Aontaithe.

dhéanamh air. Ina theannta sin, tá tásca ann lena dtugtar le fios go raibh cleachtais trádála mhínormálta san earnáil sa Ríocht Aontaithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú ([150]). Ar an tríú dul síos, tá údaráis ábhartha na Ríochta Aontaithe tar éis a bheith ag deonú údaruithe próiseála isteach le haghaidh allmhairí bithdhíosail do chuideachtaí ola, rud a d'éascaigh le trádáil an bhithdhíosail, de thionscnamh tíortha seachas an Ríocht Aontaithe, isteach san Aontas tríd an Ríocht Aontaithe, rud a d'fhág go raibh na staitisticí doiléir. Níor tháinig deireadh leis na cleachtais sin ach le déanaí ([151]) ([152]).

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(375) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(376) Mar a luaitear in aithris (16), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscail an Aontais a mheasúnú.

(377) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa fhreagra ar an macraicheistneoir a chuir an t-iarratasóir isteach. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(378) Is iad seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó fhóirdheonú a tharla roimhe seo.

(379) Is iad seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(380) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid táirgeachta (tonaí)	14 768 456	15 301 256	15 286 729	14 925 455
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*104*	*104*	*101*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	21 360 776	21 525 776	21 925 776	21 933 276

([150]) Aithrisí (12) agus (13) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1273 ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2024 lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithchúitimh ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise, trí allmhairí bithdhíosail ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Ríocht Aontaithe, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad nó ná bíodh, agus lena bhfoirceanntar clárú na n-allmhairí sin, (IO L, 2024/1273, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1273/oj.

([151]) https://www.spglobal.com/commodityinsights/en/market-insights/latest-news/agriculture/040324-uk-to-instate-biofuel-import-duties-after-halting-exemptions (a breathnaíodh go deireanach an 18 Samhain 2024).

([152]) https://rtfa.org.uk/2024/07/23/uk-renewable-fuels-industry-calls-for-inward-processing-policy-to-be-made-more-transparent/(a breathnaíodh go deireanach an 18 Samhain 2024).

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*101*	*103*	*103*
Úsáid acmhainneachta	69 %	71 %	70 %	68 %
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*103*	*101*	*98*

Foinse: EBB/Stratas le haghaidh 2020-2023, iarratasóir Meastacháin ón iarratasóir le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (bunaithe ar shonraí 'Stratas' le haghaidh 2022 agus 2023)

(381) Bhí an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus an úsáid acmhainneachta ar leibhéil sách comhchosúil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Mar sin féin, tháinig laghdú mór ar na méideanna táirgeachta le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2022.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(382) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	12 623 468	12 964 160	12 151 019	11 997 951
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*103*	*96*	*94*
Sciar den mhargadh	74 %	74,5 %	67,2 %	64,7 %
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*101*	*91*	*87*

Foinse: EBB

(383) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú beagnach 10 bpointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais chun sciar 64,7 % den mhargadh a bhaint amach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thosaigh méid díolachán thionscal an Aontais agus an sciar comhfhreagrach den mhargadh ag titim in 2021.

4.5.2.3. Fás

(384) Níor tháinig aon mhéadú ar thionscal an Aontais i dtéarmaí táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú d'ainneoin na forbartha dearfaí ar thomhaltas bithdhíosail sa tréimhse sin. Go deimhin, tháinig laghdú ar mhéid na ndíolachán agus ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse tagartha.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(385) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe	5 307	5 801	6 066	5 897
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*109*	*114*	*111*

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An táirgiúlacht (tona/fostaí)	2 783	2 638	2 520	2 531
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*95*	*91*	*91*

Foinse: EBB

(386) Thug an Coimisiún dá aire, nár úsáid táirgeoirí uile an Aontais an cur chuige céanna chun sonraí fostaíochta a thuairisciú do EBB agus gur ghá roinnt meastachán a dhéanamh i gcás cuideachtaí neamhthuairiscithe, rud a chruthaigh roinnt easnamh sna sonraí a bhí ar fáil don Choimisiún maidir le fostaíocht. In aon chás, measadh go raibh líon measta na bhfostaithe a chuirtear i láthair thuas réasúnta cruinn agus leordhóthanach chun críocha an imscrúdaithe seo, is é sin toisc go ndearna an Coimisiún féin cuid mhór de na sonraí a chros-seiceáil le linn na gcuairteanna fíorúcháin ar an láthair ar tháirgeoirí sampláilte an Aontais agus ar an iarratasóir.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh fóirdheonaithe agus téarnamh ó chleachtais dumpála/in-fhrithchúitithe roimhe seo

(387) Bhí corrlaigh fóirdheonaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile os cionn an leibhéil *de minimis*. Bhí an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach fóirdheonaithe iarbhír ar thionscal an Aontais teoranta, áfach, toisc go raibh praghsanna na n-allmhairí ón Airgintín mar thoradh ar ghealltanais.

(388) Mar a tugadh faoi deara in aithris (3), bhí an táirge faoi athbhreithniú faoi réir roinnt imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais cheana féin.

(389) Rinneadh na bearta frithdhumpála agus frithchúitimh atá ann cheana in aghaidh SAM (a leathnaíodh chuig coinsíneachtaí ó Cheanada, agus roinnt díolúintí ann ([153])) a athnuachan le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Níl aon chomhartha ann go raibh na bearta sin neamhéifeachtach.

(390) In 2020, léirigh tionscal an Aontais go soiléir comharthaí téarnaimh tar éis an t-imscrúdú bunaidh a thabhairt i gcrích agus tar éis bearta frithchúitimh cinntitheacha a fhorchur in 2019 i gcoinne allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise ([154]).

(391) Bhí tionscal an Aontais ag tosú ag téarnamh ó fhóirdheonú díobhálach bithdhíosail roimhe seo ón Airgintín agus ón Indinéis nuair a tháinig méid méadaitheach allmhairí bithdhíosail ón tSín ar phraghsanna ísle isteach i margadh an Aontais. Bhí éifeachtaí méideanna agus praghsanna araon ag allmhairí dumpáilte na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú, lena n-áirítear cúngach praghsanna i margadh an Aontais, agus tionchar diúltach soiléir ar staid airgeadais thionscal an Aontais.

(392) Rinneadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí bithdhíosail ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Rinneadh bearta frithdhumpála in aghaidh na Síne lena gcumhdaítear an tréimhse chéanna a breithníodh leis an athbhreithniú reatha a fhorchur go sealadach i mí Lúnasa 2024 agus deimhníodh iad ansin i mí Feabhra 2025 ([155]).

([153]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/731 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1266 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1267 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 136, 13.5.2022, leathanaigh 3–7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/731/oj).

([154]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise (IO L 317, 9.12.2019, lgh. 42–95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2092/oj).

([155]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/261 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2025/261, 11.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/261/oj).

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(393) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid na dtáirgeoirí san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Praghsanna díola san Aontas agus Costas táirgthe in aghaidh an aonaid

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	799	1 068	1 518	1 355
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*134*	*190*	*169*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	784	1 057	1 492	1 353
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*135*	*190*	*172*

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(394) Ó 2020 go 2022, lean praghsanna díola treochtaí i gcostais, agus tháinig méadú 90 % ar an dá cheann acu in 2022. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais an méadú ar chostais a léiriú ina phraghsanna díola agus cuireadh iallach air díol beagnach ar an mbunphraghas.

(395) Ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú ar an mbearna idir costas aonaid an táirgthe agus an praghas díola aonaid agus is ar éigean a bhí 2 EUR.

4.5.3.2. Costais saothair

(396) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	78 088	83 914	85 898	89 613
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*107*	*110*	*115*

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(397) Ar an meán, tháinig méadú 15 % ar chostas saothair tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é nach lú an costas saothair ná 3 % de chostas monaraíochta bithdhíosail, tá tionchar diomaibhseach ar staid thionscal an Aontais ag an méadú ar chostais saothair - nach bhfuil ag teacht salach ar an meánmhéadú foriomlán 12 % ar chostas saothair san Aontas sa tréimhse 2020-2023 de réir Eurostat ([156]).

([156]) Eurostat, Sonraí bliantúla maidir le costais saothair – Nace Rev.2 (https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/bookmark/995c4de3-9520-4cc1-9dc2-3c78325a2fc8?lang=en).

4.5.3.3. Fardail

(398) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Fardail

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí)	170 541	140 162	184 957	230 610
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*82*	*108*	*135*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	1,2 %	0,9 %	1,2 %	1,6 %
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*75*	*100*	*133*

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(399) Luaigh an Coimisiún roimhe seo gur táscaire nach bhfuil chomh fóinteach céanna é leibhéal na stoc don chineál sin tionscail ([157]). Dheimhnigh an Coimisiún go ndearna tionscal an Aontais iarracht stoic a choinneáil íseal, ach nárbh fhéidir é sin a dhéanamh i gcónaí i bhfianaise staid an mhargaidh. Thug sé dá aire freisin, ós rud é go ndíoltar an táirge faoi athbhreithniú ar an mórchóir, gur mór an méid, níos mó ná 10 000 tona, a d'fhéadfadh a bheith i gceist le seachadadh aonair, rud a d'fhéadfadh tionchar nach beag a imirt ar leibhéal an stoic, ag brath ar dháta beacht an idirbhirt.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(400) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 14

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	2 %	1 %	1,8 %	0,1 %
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*50*	*90*	*5*
Sreabhadh airgid (EUR)	90 293 613	- 26 971 004	- 70 149 695	- 41 725 753
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*- 30*	*- 78*	*- 46*
Infheistíochtaí (EUR)	92 568 706	43 686 329	62 751 636	105 304 643
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*47*	*68*	*114*
Toradh ar infheistíochtaí	8,4 %	5,8 %	10,5 %	1,3 %
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*69*	*126*	*15*

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

([157]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/244 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne (IO L 40, 12.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/244/oj), aithris (394).

(401) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí brabúsacht thionscal an Aontais ar leibhéil an-íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus laghdaigh sí go pointe meá ar mheá le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(402) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig meath mór ar threocht an ghlansreabhaidh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí sí an-diúltach ó 2021.

(403) Na hinfheistíochtaí sna cuideachtaí sampláilte, luainigh siad le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go ginearálta, déantar infheistíochtaí a fhormheas blianta sula gcuirtear chun feidhme iad. Rinneadh foráil fada ó shin maidir le infheistíochtaí sa chuid dheireanach den tréimhse faoi bhreathnú agus níor bhain siad ach le dhá chuideachta.

(404) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt dhiúltach air, i gcomhréir le brabúsacht, agus bhí sé an-íseal le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú agus gan ach ag 1,3 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i ngeall ar an leibhéal an-íseal brabúsachta go háirithe.

(405) Maidir le cumas thionscal an Aontais caipiteal a chruinniú, chuir an sreabhadh airgid an-diúltach ó 2021 bac air.

4.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(406) Léiríonn an measúnú thuas ar mhaicreatháscairí agus ar mhicreatháscairí gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, toisc gur tháinig laghdú mór ar a sciar den mhargadh agus níor leor an méadú ar a phraghsanna díola chun an méadú mór ar a chostais táirgthe a chur ar aghaidh, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar a bhrabúsacht, agus bhí drochthionchar aige sin ar an toradh ar infheistíochtaí agus ar an sreabhadh airgid. Cé go ndeachaigh táscairí áirithe in olcas (acmhainneacht táirgeachta, an líon fostaithe), ní rud é sin a dhéanann dochar don chinneadh gur ann do dhíobháil.

(407) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 8(5) den bhun-Rialachán le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí fóirdheonaithe**

(408) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 44 % ar na méideanna allmhairí ón Airgintín, mar a léirítear i dtábla 5, ach tháinig méadú thart ar 9 % ar an tomhaltas (mar a léirítear i dtábla 4). Mar thoradh air sin, tháinig laghdú 2,4 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón Airgintín ó 5,1 % go 2,7 %, tráth a tháinig laghdú níos mó ná 9 bpointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais go dtí 64,7 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(409) Níor shladghearr praghsanna onnmhaireoirí sampláilte na hAirgintíne, a raibh 68 % d'allmhairí bithdhíosail na hAirgintíne isteach san Aontas acu le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, praghsanna an Aontais. Ós rud é go raibh praghsanna allmhairí na hAirgintíne i dtábla 6 do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe níos airde ná praghsanna onnmhaireoirí sampláilte na hAirgintíne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar an iomlán, nár shladghearr praghsanna allmhairí na hAirgintíne praghsanna thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(410) D'áitigh CARBIO nach raibh allmhairí bithdhíosail ón Airgintín ina gcúis le haon díobháil a d'fhéadfadh táirgeoirí an Aontais a fhulaingt.

(411) Níor ceadaíodh leis an imscrúdú teacht ar an gconclúid gur chuir allmhairí fóirdheonaithe ón Airgintín leis an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí bithdhíosail an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.2. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(412) Léirítear san anailís thuas nach raibh aon mhéadú foriomlán ar mhéid ná ar sciar den mhargadh na n-allmhairí de thionscnamh na hAirgintíne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí i gceist leis na gealltanais atá i bhfeidhm go raibh praghsanna allmhairí fóirdheonaithe na hAirgintíne ard go leor agus nach bhféadfadh siad cosc a chur ar thionscal an Aontais praghsáil inbhuanaithe agus corrlaigh bhrabúis réasúnacha a bhaint amach.

(413) Chaill tionscal an Aontais sciar mór den mhargadh chun tairbhe an bhithdhíosail dhumpáilte atá bunaithe ar dhramhaíl ón tSín. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún díobháil praghais a shuí arbh iad allmhairí ón Airgintín ba chúis léi.

(414) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i bhfianaise a leibhéil praghsanna, nárbh fhéidir leis na hallmhairí fóirdheonaithe ón tír lena mbaineann díobháil ábhartha a dhéanamh do thionscal an Aontais a breathnaíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6. **AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH DÍOBHÁIL ARÍS ARBH IAD NA hALLMHAIRÍ FÓIRDHEONAITHE ÓN AIRGINTÍN BA CHÚIS LEIS AN DÍOBHÁIL**

(415) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (407) gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin sa roinn thuas nárbh fhéidir gurbh iad allmhairí fóirdheonaithe ón Airgintín ba chúis leis an díobháil do thionscal an Aontais a breathnaíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, go príomha mar gheall ar a leibhéal praghsanna a bhfuil tionchar ag gealltanas a bheith ann air. Ba iad allmhairí dumpáilte bithdhíosail ón tSín ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ([158]). Mheas an Coimisiún, in éagmais gealltanas, nach mbeadh tionchar diomaibhseach ag méid na gcorrlach fóirdheonaithe iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid na n-allmhairí ón Airgintín le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus chineál an táirge, ar táirge tráchtearraí é. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 18(2) den bhun-Rialachán, cibé acu a bheadh an dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís, díobháil arbh iad na hallmhairí fóirdheonaithe ón Airgintín ba chúis léi ar dtús, dá ligfí do na bearta i bhfeidhm dul in éag, nó nach mbeadh.

(416) I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise san Airgintín, an gaol idir praghsanna sa tír lena mbaineann, praghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha eile; leibhéil praghsanna dóchúla na n-allmhairí ón Airgintín in éagmais bearta frithchúitimh; tarraingteacht mhargadh an Aontais agus tionchar mhéid féideartha na n-allmhairí agus leibhéil dhóchúla na bpraghsanna allmhairiúcháin ar staid thionscal an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag.

(417) Mar a léirítear i dtábla 3 agus i dtuarascálacha GAIN ([159]) agus mar a thángthas ar an gconclúid in aithris (340), tá acmhainneacht bhreise mhór ag táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann agus, dá bhrí sin, tá sé de chumas acu táirgeadh bithdhíosail a mhéadú go mór má tá staid an mhargaidh fabhrach. Ina bharúlacha uaidh i ndiaidh an tionscnaimh, chuir CARBIO in aghaidh an phointe sin ar an bhforas nach mbeadh infheistíochtaí ann amach anseo, go raibh laghdú tagtha ar tháirgeadh agus ar acmhainneacht táirgeachta bithdhíosail san Airgintín agus go leanfadh an treocht sin ar aghaidh amach anseo mar thoradh ar éifeachtaí téimh dhomhanda san Airgintín. D'ainneoin na ndúshlán atá roimh an talmhaíocht mar gheall ar théamh domhanda, níl aon chonspóid ann fós go raibh an acmhainneacht táirgeachta san Airgintín níos mó ná cúig oiread an tomhaltais intíre in 2024 ([160]) agus thart ar 25 % de thomhaltas bithdhíosail san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ([161]). Dá bhrí sin, diúltaíodh do ráitis CARBIO.

([158]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/261 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2025/261, 11.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/261/oj).

([159]) Tábla 5 de Thuarascáil GAIN — Biofuels Annual, an Airgintín, 5 Lúnasa 2024. Ar fáil ag https://apps.fas.usda.gov/newgainapi/api/Report/DownloadReportByFileName?fileName=Biofuels+Annual_Buenos+Aires_Argentina_AR2024-0011.pdf.

([160]) Tábla 5 de Thuarascáil GAIN — Biofuels Annual, an Airgintín, 5 Lúnasa 2024. Ar fáil ag https://apps.fas.usda.gov/newgainapi/api/Report/DownloadReportByFileName?fileName=Biofuels+Annual_Buenos+Aires_Argentina_AR2024-0011.pdf.

([161]) Tábla 5 de Thuarascáil GAIN — Biofuels Annual, an Airgintín, 5 Lúnasa 2024. Ar fáil ag https://apps.fas.usda.gov/newgainapi/api/Report/DownloadReportByFileName?fileName=Biofuels+Annual_Buenos+Aires_Argentina_AR2024-0011.pdf.

(418) In aighneacht dar dáta an 15 Márta 2024, d'áitigh CARBIO nach dócha go dtarlóidh méadú arís ar allmhairí bithdhíosail na hAirgintíne in éagmais beart, mar gheall ar chaillteanas tharraingteacht mhargadh an Aontais tar éis tionscnaimh reachtacha áirithe (ó Bhallstáit áirithe a chuir deireadh de réir a chéile le húsáid ola pónaire soighe chuig an Aontas atá fabhrach do bhithdhíosal dramhaílbhunaithe trí thionscnaimh slabhra soláthair an Aontais atá saor ó Dhífhoraoisiú), na sainorduithe cumaisc nua san Airgintín agus an fhéidearthacht don Airgintín bithdhíosal a dhíol i margaí nua, eadhon an Bhrasaíl ([162]).

(419) Chinn an Coimisiún nach raibh fíorais ag tacú le ráitis CARBIO. Maidir leis an líomhain nach dócha go dtarlóidh méadú ar allmhairí bithdhíosail ón Airgintín isteach san Aontas arís, thug an Coimisiún dá aire gurb é an tAontas an tomhaltóir bithdhíosail is mó ar domhan, arb ionann é agus thart ar 23 % den tomhaltas domhanda in 2023 ([163]). D'ainneoin na bpraghsanna arda saorga i margadh intíre na hAirgintíne dá dtagraítear in aithris (239) agus na sainorduithe cumaisc nua san Airgintín, bhí tomhaltas bithdhíosail intíre sa tír lena mbaineann an-íseal agus b'ionann é agus 0.9 % de tháirgeadh bithdhíosail na hAirgintíne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ba iad onnmhairí bithdhíosail príomhcholún thionscal bithdhíosail na hAirgintíne agus, cé go raibh éagsúlacht sna honnmhairí ag brath ar dhálaí an mhargaidh, d'fhan an tAontas go mór fada ar an bpríomhmhargadh onnmhairiúcháin do bhithdhíosal na hAirgintíne bliain i ndiaidh bliana, mar a léirítear sa fhreagra ar an gceistneoir a chuir Rialtas na hAirgintíne isteach ([164]). A thábhachtaí agus atá onnmhairí do thionscal na hAirgintíne, bhí deacrachtaí méadaitheacha ag an Airgintín díol thar lear. Mar a luaitear in aithris (350), d'fhorchuir údaráis Pheiriú agus Stáit Aontaithe Mheiriceá bearta arda frith-fhóirdheontais agus frithdhumpála ar bhithdhíosal na hAirgintíne a theascadh a n-allmhairí ón Airgintín ([165]). De réir staidreamh na hAirgintíne, in 2024 bhí onnmhairí bithdhíosail ón Airgintín chuig cinn scríbe seachas an tAontas teoranta go bunúsach do Cheanada, mar a luaitear in aithris (351). B'ionann onnmhairí go Ceanada agus níos lú ná 10 % d'onnmhairí na hAirgintíne agus ar phraghsanna nach raibh chomh tarraingteach céanna i gcomparáid le praghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas. Ní raibh aon ionchas mór ann go ndéanfadh táirgeoirí na hAirgintíne onnmhairiú chuig margaí eile ([166]). D'ainneoin na n-athruithe reachtacha a líomhnaítear go bhfuil tionchar acu ar tharraingteacht mhargadh bithdhíosail an Aontais, tá an tAontas tiomanta do bhorradh a chur faoi roghanna malartacha ar dhíosal iontaise traidisiúnta, lena n-áirítear trí bhithdhíosal traidisiúnta, mar a dheimhnítear le RED III ([167]). Ar an iomlán, bhí margadh an Aontais tarraingteach agus tá sé tarraingteach ó thaobh méide, praghais agus inrochtaineachta de, agus dá bhrí sin, tá dóchúlacht láidir ann go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí fóirdheonaithe ón tír lena mbaineann dá rachadh na bearta frithchúitimh atá i bhfeidhm in éag.

(420) Ina theannta sin, mar a léirítear i dtábla 5, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí na méideanna allmhairí ón tír lena mbaineann fós ábhartha. Tá 32 phlanda bithdhíosail san Airgintín, iad uile ag úsáid ola glasraí ó phónairí soighe a bhrúitear mar bhunábhar ([168]), i.e. bunábhar nach dtarraingíonn préimh chomhairimh dhúbailte faoi RED, amhail formhór tháirgeadh an Aontais, agus dá bhrí sin tarraingíonn sé praghsanna níos ísle sa mhargadh ná bithdhíosal a dhéantar as bunábhair a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le RED II. Is tráchtearra é bithdhíosal agus, dá bhrí sin, tá an iomaíocht idir bithdhíosal na hAirgintíne agus bithdhíosal de dhéantús an Aontais sa mhargadh á spreagadh ag praghsanna.

(421) Tar éis an nochta, thug CARBIO dá aire gur dócha nach dtarlódh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais arís mar thoradh ar easpa beart ar allmhairí ón Airgintín ar na forais seo a leanas: (1) tá laghdú mór tagtha ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne le blianta beaga anuas agus rinneadh neamhaird i measúnú an Choimisiúin ar na hacmhainneachtaí breise atá ar fáil san Airgintín ar chonclúid an Choimisiúin féin go bhfuil cosc dlíthiúil ar tháirgeoirí bithdhíosail a fhreastalaíonn ar shainordú intíre na hAirgintíne onnmhairiú a dhéanamh; (2) nach ann d'aon sladghearradh praghais agus go bhfritháiríonn an gealltanas aon éifeacht a bheadh ag aon fhóirdheonú líomhnaithe; agus (3) is iad allmhairí dumpáilte bithdhíosail ón tSín is cúis le haon díobháil a bhain do thionscal an Aontais, mar a dheimhnigh an Coimisiún freisin.

([162]) Ina aighneacht t24.002793, thug CARBIO dá aire méadú ar shainordú bithdhíosail sa Bhrasaíl go 14 % ó mhí an Mhárta 2024, agus go 15 % ó mhí an Mhárta 2025 (suas ón 12 % atá ann faoi láthair). Dúirt an páirtí freisin go raibh úsáid bithdhíosail allmhairithe formheasta ag an mBrasaíl sa chumasc éigeantach ó mhí Eanáir 2024 ar aghaidh.

([163]) https://www.statista.com/statistics/1485491/biofuel-consumption-by-type-region-world/.

([164]) t24.007393.

([165]) Tuarascáil GAIN — Biofuels Annual, an Airgintín, 5 Lúnasa 2024, leathanach 20. Ar fáil ag https://apps.fas.usda.gov/newgainapi/api/Report/DownloadReportByFileName?fileName=Biofuels+Annual_Buenos+Aires_Argentina_AR2024-0011.pdf.

([166]) Tuarascáil GAIN — Biofuels Annual, an Airgintín, 5 Lúnasa 2024. Ar fáil ag https://apps.fas.usda.gov/newgainapi/api/Report/DownloadReportByFileName?fileName=Biofuels+Annual_Buenos+Aires_Argentina_AR2024-0011.pdf. Tá an méid seo a leanas le léamh ar leathanach 19: 'Níl aon onnmhairí réamh-mheasta chuig na Stáit Aontaithe, chuig Peiriú ná chuig margaí lánroghnacha eile.'

([167]) Tuilleadh eolais: https://energy.ec.europa.eu/topics/renewable-energy/renewable-energy-directive-targets-and-rules/renewable-energy-directive_en.

([168]) Tuarascáil GAIN — Biofuels Annual, an Airgintín, 5 Lúnasa 2024. Ar fáil ag https://apps.fas.usda.gov/newgainapi/api/Report/DownloadReportByFileName?fileName=Biofuels+Annual_Buenos+Aires_Argentina_AR2024-0011.pdf.

(422) Níor aontaigh an Coimisiún le ráitis CARBIO thuas. Maidir leis an gcéad phointe, tugtar faoi deara gur aithin CARBIO go raibh acmhainneachtaí breise ar fáil a d'fhéadfaí a onnmhairiú chuig an Aontas (ach ar bhonn níos ísle ná mar a shuigh Coimisiún). Thairis sin, suíodh san imscrúdú in aithris (40), táirgeoir bithdhíosail sa ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gur tháirg sé bithdhíosal ar an margadh intíre agus ar an margadh onnmhairiúcháin araon ina dhiaidh sin. I gcás táirgeoir bithdhíosail den sórt sin, thug leithdháileadh cuóta laistigh den sainordú bithdhíosail le tuiscint go raibh acmhainneacht níos ísle dírithe ar onnmhairiú. Dá bhrí sin, idirghníomhaíonn an acmhainneacht intíre agus an acmhainneacht le haghaidh an mhargaidh onnmhairiúcháin. Maidir leis an dara saincheist, thug an Coimisiún dá aire nach bhfritháireodh an gealltanas atá i bhfeidhm aon éifeacht a bheadh ag aon fhóirdheonú líomhnaithe in éagmais na mbeart reatha a mhéid atá an gealltanas nasctha leis na bearta frithchúitimh iad féin. Is é sin le rá, in éagmais beart agus an ghealltanais, is dócha go dtarlódh an sladghearradh arís. Maidir leis an tríú pointe, cé gur thángthas ar an gconclúid san imscrúdú athbhreithnithe nárbh iad allmhairí ón Airgintín ba chúis leis an díobháil a breathnaíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig sé ar an gconclúid freisin, mura gcoinneofaí na bearta ar bun, go ndéanfaí díobháil dá mbeadh allmhairí ann ón Airgintín ar phraghsanna éagóracha arís agus go gcuirfí stop le téarnamh thionscal an Aontais ó dhíobháil, rud a bhfuil coinne leis mar thoradh ar fhorchur dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí dumpáilte ón tSín le déanaí.

(423) I bhfianaise na dtorthaí a ndéantar achoimre orthu sa roinn seo, tá coinne leis, dá ligfí do na bearta dul in éag, go mbeadh dreasacht ag onnmhaireoirí na hAirgintíne onnmhairiú chuig an Aontas ar phraghsanna lena sladghearrfaí praghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar leibhéil atá comhchosúil leis na leibhéil a fuarthas san imscrúdú bunaidh. Chuirfeadh sé sin brú praghsanna ar thionscal an Aontais sa dóigh go gcaillfeadh sé méideanna díolachán agus/nó bheadh oibleagáid air ansin a leibhéil praghsanna a laghdú, agus rachfaí i gcion ar an mbrabúsacht dá bhrí sin.

(424) Ar an mbonn sin, thángthas ar an gconclúid gur dócha go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí fóirdheonaithe ón Airgintín mar thoradh ar easpa beart agus gur dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís mar thoradh ar allmhairí fóirdheonaithe ón Airgintín.

7. LEAS AN AONTAIS

(425) I gcomhréir le hAirteagal 31 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais iomláin nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frithchúitimh reatha ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí, na dtrádálaithe agus na n-úsáideoirí.

7.1. Leas thionscal an Aontais

(426) Tá tionscal an Aontais comhdhéanta de bhreis agus 60 táirgeoir ar fud an Aontais agus tá 6 000 duine, nach mór, fostaithe go díreach acu. Níor chuir aon táirgeoir in aghaidh an imscrúdaithe.

(427) Chinn an Coimisiún, mura ndéanfaí bearta a athnuachan, go mbeadh tionscal an Aontais, a d'oibrigh ar mheá-ar-mheá le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ag cailleadh airgid agus go mbeadh aghaidh á tabhairt aige ar dhócmhainneachtaí, mar gheall ar bhorradh faoi bhithdhíosal ar phraghas íseal ón Airgintín a chuirfeadh inmharthanacht thionscal an Aontais i mbaol a thuilleadh.

(428) Dá leanfaí leis na bearta atá ann cheana, bheadh tionscal an Aontais in ann leanúint dá phróiseas téarnaimh agus leibhéil bhrabúsachta inbhuanaithe a bhaint amach ar deireadh.

(429) Chinn Coimisiún go rachadh sé chun leasa thionscal an Aontais leanúint de na bearta.

7.2. Leas allmhaireoirí, trádálaithe agus dáileoirí neamhchomhlachaithe

(430) Chláraigh trádálaí amháin atá gníomhach san Aontas mar pháirtí leasmhar san imeacht ach ní dhearna sé aon uiríoll.

(431) Cuideachtaí a bhfuil baint acu le táirgeadh agus dáileadh díosail iontaise agus a bhfuil baint acu freisin le cumasc éigeantach díosail iontaise le bithdhíosal, iarradh orthu ceistneoirí a chomhlánú tráth an tionscnaimh. Mhaígh an t-aon duine amháin a thug freagra ar an gceistneoir nach raibh dóthain eolais aige chun a sheasamh a chur in iúl maidir le hathnuachan féideartha ar na bearta. Maidir leis an bhfreagróir, ba chuid an-bheag den ghníomhaíocht ghnó fhoriomlán é bithdhíosal. Ina fhianaise sin, seasamh an pháirtí agus an fíoras gur theip ar an bpáirtí an chuid is mó den fhaisnéis a sholáthar ar an leibhéal mionsonraithe ba ghá, i.e. teoranta do na gníomhaíochtaí sin lena mbaineann bithdhíosal (ón Airgintín), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon léiriú ann go mbeadh tionchar ábhartha ag cothabháil na mbeart air.

(432) Mhaígh CARBIO nach mbeadh an tSín ina foinse soláthair a thuilleadh mar thoradh ar fhorchur na ndleachtanna frithdhumpála le déanaí ar allmhairí bithdhíosail ón tSín agus, dá bhrí sin, go mbeidh gá le hallmhairí bithdhíosail méadaithe ar mhargadh an Aontais sna blianta amach romhainn. Mar sin féin, tá na bearta frithdhumpála maidir le hallmhairí ón tSín ar leibhéil mheasartha, idir 10 % agus 35,6 %, agus ní féidir a mheas go bhfuil siad toirmeascach. Thairis sin, tá foinsí malartacha soláthairtí ar fáil nach mbaineann bearta cosanta trádála leo. Is léir sin ón sciar mór den mhargadh atá ag allmhairí ó roinnt tríú tíortha (féach Tábla 7). Mheas an Coimisiún go gcuirfeadh leanúint de na bearta atá ann cheana ar a chumas do thionscal an Aontais leanúint de bheith ag téarnamh agus dá mhargadh intíre a sholáthar a thuilleadh.

(433) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfadh athnuachan na mbeart dochar mór do leas allmhaireoirí, trádálaithe agus dáileoirí. Is cuid den slabhra soláthair iad na hoibreoirí eacnamaíocha sin agus cuirfidh siad costais a eascraíonn as na bearta, más ann dóibh in éagmais gealltanais, ar aghaidh chuig úsáideoirí agus tomhaltóirí.

7.3. **Leas úsáideoirí agus tomhaltóirí**

(434) Níl aon chosúlacht ann go ndearna na bearta atá ann cheana difear diúltach d'úsáideoirí bithdhíosail an Aontais. Níl aon fhianaise ann go raibh drochthionchar ag aon cheann de na bearta atá ann cheana ar a mbrabúsacht.

(435) Tugtar faoi deara go leanann praghsanna deiridh breosla i ndáiríre praghas na hamhola iontaise ([169]) agus go bhfuil thart ar 40 % de phraghas an díosail i stáisiúin pheitril san Aontas ina chánacha ([170]), rud is féidir a mhodhnú ag brath ar na leasanna nó na riachtanais éagsúla. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag dreasachtaí úsáide bithdhíosail. ([171]) Agus na fíorais sin agus an céatadán beag bithdhíosail (nach mó ná 10 % de ghnáth) a mheasctar isteach sa díosal iontaise á gcur san áireamh, níor aimsíodh aon fhianaise gur léir go mbeadh athnuachan na mbeart in aghaidh leasanna úsáideoirí nó tomhaltóirí nó gur mhó é ná na hiarmhairtí dearfacha a bheadh ann do thionscal an Aontais dá gcoinneofaí an *status quo* ar bun.

7.4. **Tosca eile**

(436) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún go gcuirfeadh coinneáil na mbeart atá ann cheana borradh faoi iarrachtaí inbhuanaitheachta agus laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa sa slabhra soláthair agus go mbeadh tionchar dearfach aige ar thionscal na soláthróirí san Aontas de réir mar a mhéadóidh ioncam agus úsáid acmhainne.

7.5. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(437) Ar bhonn a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí bithdhíosail ar de thionscnamh na hAirgintíne iad a choinneáil ar bun.

8. **BEARTA FRITHCHÚITIMH**

(438) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le leanúint den fhóirdheonú, an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil arís de bharr allmhairí ón Airgintín agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frithchúitimh maidir le bithdhíosal ón Airgintín a choinneáil ar bun.

(439) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair a áirithiú. Ní bheidh feidhm ag dleachtanna aonair ach amháin ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirtear an sonrasc sin isteach, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithchúitimh is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na hAirgintíne'.

([169]) https://www.bmwk.de/Redaktion/EN/Artikel/Energy/petroleum-fuel-prices.html.

([170]) Ina *Fheasachán Seachtainiúil maidir le hOla*, tugann an Coimisiún forléargas in aghaidh an Bhallstáit ar na meánphraghsanna ar dhíosal agus ar pheitreal (Euro Super-95) agus ar an sciar cánach den phraghas deiridh. Féach https://energy.ec.europa.eu/data-and-analysis/weekly-oil-bulletin_ga.

([171]) Tá tuilleadh sonraí ón gcomhlachas FuelsEurope le fáil sa chairt atá le fáil anseo: https://www.fuelseurope.eu/uploads/files/modules/documents/file/1688474562_PHVWHHTy6LUHcLLbJzKRaj44vRiRLrTghMB8aXzf.pdf#:~:text=No%20tax%20incentive%3A%20Biofuels%20do%20not%20bene%EF%AC%81t%20from,a%20percentage%20of%20fossil%20fuel%20content%20above%2070%25.

(440) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithchúitimh a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(441) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(442) Tugadh faoi deara in aithris (2) thuas gur ghlac an Coimisiún le tairiscintí gealltanais le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/245. Mheas an Coimisiún go gcuireann siad deireadh le héifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí fóirdheonaithe agus go gcuireann siad teorainn leordhóthanach leis an riosca imchéimniúcháin.

(443) Mhaígh CARBIO agus Rialtas na hAirgintíne, dá ndéanfaí na bearta atá i bhfeidhm a athnuachan, gur cheart leanúint den ghealltanas atá ann cheana. Mheas CARBIO gur sásra éifeachtach é an gealltanas, ag gníomhú dó mar fhachtóir cobhsaíochta praghsanna do phraghsanna allmhairiúcháin bithdhíosail isteach san Aontas i bhfianaise na bpraghsanna arda ag ar trádáladh bithdhíosal na hAirgintíne agus an chorrlaigh shladghearrtha dhiúltaigh san iarraidh (-2 %). Thug CARBIO dá aire go raibh smacht ar a chomhaltaí agus gheall siad leanúint dá n-iarrachtaí i gcomhaontú athnuaite.

(444) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil sé i gceist leis an athbhreithniú éaga atá ann faoi láthair measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil údar le leanúint leis na bearta frithchúitimh. Tá aon mheasúnú ar an ngealltanas atá i bhfeidhm lasmuigh de raon feidhme an athbhreithnithe éaga reatha.

(445) Tar éis rún an Choimisiúin Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir le Rialtas na hAirgintíne, d'iarr EBB ina ionad sin go mbainfí na gealltanais, a bhfuil údar leis mar gheall ar easpa comhair Rialtas na hAirgintíne. Tharraing EBB aird go háirithe ar ról na rialtas sa ghealltanas de bhun an bhun-Rialacháin. Thairis sin, chuir EBB i dtábhacht go raibh ceann den fhaisnéis a bhí in easnamh a liostaítear in aithris (71), maidir le praghsanna agus beartais phraghsála táirgeoirí pónairí soighe agus ola pónaire soighe, fíor-riachtanach chun an t-íosphraghas allmhairiúcháin a bhunú faoin ngealltanas. Ina theannta sin, thug EBB dá aire nár chuir Rialtas na hAirgintíne faisnéis ar fáil maidir le margadh an-leachtach agus trédhearcach, amhail an margadh le haghaidh pónairí soighe san Airgintín, agus gur dheimhnigh Molinos Agro ina fhreagra ar an gceistneoir go raibh an margadh le haghaidh pónairí soighe amhlaidh. Ar deireadh, sháródh easpa comhair Rialtas na hAirgintíne an mhuinín ar a raibh glacadh an ghealltanais bunaithe.

(446) Mhaígh Rialtas na hAirgintíne agus CARBIO go raibh an fhaisnéis faoi phraghsanna a d'fhéadfadh soláthraithe aonair pónairí soighe a sholáthar i gcomhthéacs an athbhreithnithe éaga atá ann faoi láthair éagsúil le praghas pónairí soighe i margadh intíre na hAirgintíne, arb é an toisc ábhartha é chun an t-íosphraghas allmhairiúcháin a chinneadh. Chuir Rialtas na hAirgintíne in iúl freisin nár chuir easpa an fhaisnéis chéanna a chur isteach san imscrúdú bunaidh cosc ar chomhaontú gealltanais. Dá réir sin, chuir Rialtas na hAirgintíne agus CARBIO in iúl nach sárú ar an ngealltanas í an easpa comhair a rinne Rialtas na hAirgintíne, agus é á chur san áireamh freisin nach raibh Rialtas na hAirgintíne ina pháirtí ann. Thairis sin, de réir Rialtas na hAirgintíne, léirítear sa fhreagra ar an gceistneoir ó Molinos Agro, má tá an margadh trédhearcach, nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil ann chun clárlann de tháirgeoirí pónairí soighe a choinneáil ar bun. Ar deireadh, d'áitigh CARBIO go raibh sé chun leas an Aontais leanúint den ghealltanas.

(447) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil aon mheasúnú ar an ngealltanas atá i bhfeidhm lasmuigh de raon feidhme an athbhreithnithe éaga reatha. Dá bhrí sin, níor cuireadh an maíomh sin san áireamh.

(448) Tar éis an nochta deiridh, luaigh CARBIO arís na barúlacha céanna a leagtar amach in aithris (443), barúlacha ar thug an Coimisiún aghaidh orthu cheana in aithris (444).

(449) Tar éis an nochta dheiridh, d'athdhearbhaigh EBB gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar easpa comhair Rialtas na hAirgintíne san imscrúdú seo maidir leis an ngealltanas atá i bhfeidhm. D'áitigh siad gur cheart é sin a dhéanamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe éaga seo, nó i gcomhthéacs measúnú ar leithligh. Ina theannta sin, mheas EBB go bhfágfadh easpa faisnéise cruinne maidir le margadh na bpónairí soighe san Airgintín go mbeadh sé dodhéanta don Choimisiún íosphraghas allmhairiúcháin a shuí, ós rud é go ríomhtar an praghas allmhairiúcháin sin bunaithe ar na luachana míosúla maidir le praghas ola na pónaire soighe a d'fhoilsigh Rialtas na hAirgintíne. Dá bhrí sin, dar le EBB, ní raibh aon údar leis an ngealltanas agus b'éigean é a chur ar fionraí.

(450) D'athdhearbhaigh an Coimisiún go bhfuil aon mheasúnú ar an ngealltanas atá i bhfeidhm lasmuigh de raon feidhme an athbhreithnithe éaga seo. Mar sin féin, i bprionsabal, ní dhéantar réamhbhreith leis sin ar thionscnamh measúnaithe i dtaobh ar tharla sárú ar an ngealltanas nó nár tharla, rud atá fós ar leithligh ón athbhreithniú éaga seo in aon chás. Dá bhrí sin, níor breithníodh an maíomh sin i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo.

(451) Thairis sin, chuir EBB roinnt maíomh ar fáil maidir leis an ngaol idir an fhaisnéis nár sholáthair Rialtas na hAirgintíne agus cinneadh an íosphraghais allmhairiúcháin.

(452) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil aon mheasúnú ar an ngealltanas atá i bhfeidhm lasmuigh de raon feidhme an athbhreithnithe éaga reatha. Dá bhrí sin, níor cuireadh na maímh sin san áireamh.

(453) Aon uair a tharraingíonn an Coimisiún siar, faoi Airteagal 13(9) den bhun-Rialachán, an glacadh atá aige le gealltanas tar éis sáraithe trí thagairt a dhéanamh d'idirbhearta áirithe agus a dhearbhaíonn go bhfuil na sonraisc ghealltanais ábhartha neamhbhailí, tabhófar fiach custaim tráth a ghlacfar leis an dearbhú maidir leis na hidirbhearta sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht.

(454) Na rátaí dleachta le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, tá siad infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na hAirgintíne arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na hAirgintíne'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí aonair.

(455) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na rátaí dleachta aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([172]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(456) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar a mbonn a beartaíodh a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Tugadh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin. Fuarthas barúlacha ó Rialtas na hAirgintíne, ó CARBIO agus ó EBB agus tugadh aghaidh orthu sna ranna ábhartha thuas.

(457) Onnmhaireoir nó táirgeoir nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme faoi láthair maidir lena onnmhairí a shocrú, féadfaidh an t-onnmhaireoir nó an táirgeoir sin a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frith-fhóirdheontais é le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) ní dhearna sé an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme maidir lena onnmhairí a shocrú; (ii) níl sé gaolmhar le cuideachta a rinne amhlaidh agus, dá bhrí sin, tá sé faoi réir na ndleachtanna frith-fhóirdheontais; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air é sin a dhéanamh i gcainníochtaí substaintiúla.

([172]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, an Bheilg.

(458) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([173]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(459) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí eistear mona-ailcile aigéid shailligh agus/nó gás-olaí pairifíneacha a fhaightear ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontaise, i bhfoirm íon nó mar a áirítear i gcumasc, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 1516 20 98 (cóid TARIC 1516 20 98 21, 1516 20 98 29 agus 1516 20 98 33), ex 1518 00 91 (cóid TARIC 1518 00 91 21, 1518 00 91 29 agus 1518 00 91 33), ex 1518 00 95 (cód TARIC 1518 00 95 21), ex 1518 00 99 (cóid TARIC 1518 00 99 21, 1518 00 99 29 agus 1518 00 91 33), ex 2710 19 42 (cóid TARIC 2710 19 42 21 agus 2710 19 42 29), ex 2710 19 44 (cóid TARIC 2710 19 44 21, 2710 19 44 29 agus 2710 19 44 33), ex 2710 19 46 (cóid TARIC 2710 19 46 21, 2710 19 46 29 agus 2710 19 46 33), ex 2710 19 47 (cóid TARIC 2710 19 47 21, 2710 19 47 29 agus 2710 19 47 33), 2710 20 11, 2710 20 16, ex 3824 99 92 (cóid TARIC 3824 99 92 10, 3824 99 92 14 agus 3824 99 92 17), 3826 00 10 agus ex 3826 00 90 ([174]) (cóid TARIC 3826 00 90 11, 3826 00 90 19 agus 3826 00 90 33), agus ar de thionscnamh na hAirgintíne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithchúitimh cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh	Cód breise TARIC
Aceitera General Deheza S.A.	33,4 %	C493
Bunge Argentina S.A.	33,4 %	C494
LDC Argentina S.A.	26,2 %	C495
Molinos Agro S.A.	25,0 %	C496
Viterra Argentina S.A.	25,0 %	C497
Vicentin S.A.I.C.	25,0 %	C498
COFCO International Argentina S.A.	28,2 %	C490
Cargill S.A.C.I.	28,2 %	C491
Gach allmhaire eile de thionscnamh na hAirgintíne	33,4 %	C999

([173]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

([174]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2522 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2522/oj (IO L, 2024/2522 31.10.2024). Cinntear an cumhdach táirge tríd an tuairisc ar an táirge in Airteagal 1(1) a chomhcheangal leis an tuairisc ar an táirge sna cóid AC agus TARIC chomhfhreagracha i dteannta a chéile.

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge faoi athbhreithniú) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh i [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Allmhairí a dhearbhaítear lena scaoileadh i saorchúrsaíocht, beidh siad díolmhaithe ón dleacht frithchúitimh a fhorchuirtear le hAirteagal 1, ar choinníoll go ndéanann cuideachtaí iad a mhonarú, a loingsiú agus a shonrascadh, cuideachtaí óna nglacann an Coimisiún le gealltanais agus a liostaítear a n-ainmneacha i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/245 ón gCoimisiún, arna leasú ó am go ham, agus gur allmhairíodh iad i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Cur Chun Feidhme chéanna ón gCoimisiún.

2. Beidh na hallmhairí a luaitear i mír 1 díolmhaithe ón dleacht frithchúitimh ar choinníoll: (a) go bhfuil sonrasc gnóthais ag gabháil leis na hallmhairí sin, ar sonrasc tráchtála é ina bhfuil ar a laghad na heilimintí agus an dearbhú a shonraítear in Iarscríbhinn 1 den Rialachán seo; agus (b) go bhfuil Deimhniú Gnóthais Onnmhairiúcháin ag gabháil leis na hallmhairí sin de réir Iarscríbhinn 2 den Rialachán seo; agus (c) go gcomhfhreagraíonn na hearraí a dhearbhaítear agus a thíolactar do lucht custaim go beacht don tuairisc ar shonrasc an ghnóthais.

3. Tabhófar fiach custaim tráth a nglacfar leis an dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht: (a) aon uair a shuífear, maidir le hallmhairí a thuairiscítear i mír 1, nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a liostaítear sa mhír sin agus i mír 2 á chomhlíonadh; nó (b) nuair a tharraingíonn an Coimisiún siar glacadh an ghnóthais de bhun Airteagal 13(9) de Rialachán (AE) 2016/1037 i Rialachán nó i gCinneadh ina dtagraítear d'idirbhearta áirithe agus ina ndearbhaítear go bhfuil sonraisc an ghnóthais ábhartha neamhbhailí.

Airteagal 3

Na cuideachtaí óna nglacann an Coimisiún le gnóthais agus a liostaítear a n-ainmneacha i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/245 arna leasú ina dhiaidh sin, agus faoi réir coinníollacha áirithe a shonraítear ann, eiseoidh siad sonrasc freisin le haghaidh idirbhearta nach bhfuil díolmhaithe ón dleacht frithchúitimh. Is sonrasc tráchtála é an sonrasc seo ina bhfuil ar a laghad na heilimintí a shonraítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN 1

Sa Sonrasc Tráchtála a ghabhann le díolacháin Cuideachtaí earraí leis an Aontas Eorpach, earraí atá faoi réir an Ghealltanais, tabharfar na heilimintí seo a leanas le fios:

(1) An ceannteideal 'SONRASC TRÁCHTÁLA A GHABHANN LE hEARRAÍ FAOI RÉIR GEALLTANAIS'.

(2) Ainm na Cuideachta a eisíonn an Sonrasc Tráchtála agus ainm na Cuideachta a mhonaraíonn na hearraí.

(3) An uimhir Sonraisc Tráchtála.

(4) Dáta eisiúna an tSonraisc Tráchtála.

(5) Cód breise TARIC faoina bhfuil imréiteach custaim le fáil i leith na n-earraí sa sonrasc ag teorainn an Aontais Eorpaigh.

(6) An tuairisc bheacht i dteanga shoiléir ar na hearraí agus:

— sonraíochtaí teicniúla na códuimhreach táirge cuideachta,

— an chóduimhir tháirge chuideachta,

— Cód AC,

— cainníocht (le tabhairt in aonaid arna sloinneadh i dTonaí Méadracha).

(7) Tuairisc ar théarmaí an díolacháin, lena n-áirítear:

— praghas in aghaidh an aonaid (Tona Méadrach),

— na téarmaí íocaíochta is infheidhme,

— na téarmaí seachadta is infheidhme,

— lascainí iomlána agus lacáistí iomlána.

(8) Ainm na Cuideachta atá ag gníomhú mar allmhaireoir dá n-eisíonn an Chuideachta an sonrasc go díreach.

(9) Ainm an oifigigh de chuid na Cuideachta a d'eisigh an Sonrasc Tráchtála agus an dearbhú sínithe seo a leanas:

'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir leis na hearraí a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (Ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) san Airgintín a mhonaraigh iad laistigh de raon feidhme an Ghealltanais a ghlac an Coimisiún Eorpach trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/245 agus faoi théarmaí an Ghealltanais sin. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'

IARSCRÍBHINN 2

Deimhniú gealltanais onnmhairiúcháin

Sa Deimhniú Gealltanais Onnmhairiúcháin arna eisiúint ag CARBIO le haghaidh gach Sonrasc Tráchtála a ghabhann le díolacháin Cuideachtaí earraí leis an Aontas Eorpach, earraí atá faoi réir an Ghealltanais, tabharfar na heilimintí seo a leanas le fios:

(1) Ainm, seoladh agus uimhir theileafóin Cámara Argentina de Biocombustibles ('CARBIO').

(2) Ainm na cuideachta a luaitear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/245 a eisíonn an Sonrasc Tráchtála agus ainm na Cuideachta a mhonaraíonn na hearraí.

(3) An uimhir Sonraisc Tráchtála.

(4) Dáta eisiúna an tSonraisc Tráchtála.

(5) Cód breise TARIC faoina bhfuil imréiteach custaim le fáil i leith na n-earraí sa sonrasc ag teorainn an Aontais Eorpaigh.

(6) Tuairisc bheacht ar na hearraí, lena n-áirítear

— sonraíochtaí teicniúla na n-earraí, an chóduimhir tháirge chuideachta (más infheidhme),

— Cód AC.

(7) An cainníocht bheacht in aonaid arna n-onnmhairiú arna sloinneadh i dTonaí Méadracha.

(8) Uimhir agus dáta éaga an deimhnithe (trí mhí tar éis a eisiúna).

(9) Ainm an oifigigh de chuid CARBIO a d'eisigh an deimhniú agus an dearbhú sínithe seo a leanas:

'Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go dtugtar an deimhniú seo le haghaidh onnmhairí na n-earraí a chumhdaítear leis an Sonrasc Tráchtála go díreach chuig an Aontas Eorpach, Sonrasc Tráchtála a ghabhann le díolacháin a dhéantar faoi réir an ghealltanais agus go n-eisítear an deimhniú laistigh de raon feidhme agus faoi théarmaí an ghealltanais arna dhéanamh ag [cuideachta], agus ar ghlac an Coimisiún Eorpach leis trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/245. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa deimhniú seo ceart agus nach sáraíonn an chainníocht a chumhdaítear leis an deimhniú seo tairseach an ghealltanais.'

(10) Dáta.

(11) Síniú agus séala CARBIO.

IARSCRÍBHINN 3

Sa Sonrasc Tráchtála a ghabhann le díolacháin Cuideachtaí earraí leis an Aontas Eorpach, earraí atá faoi réir na ndleachtanna frithchúitimh, tabharfar na heilimintí seo a leanas le fios:

(1) An ceannteideal 'SONRASC TRÁCHTÁLA A GHABHANN LE hEARRAÍ FAOI RÉIR DLEACHTANNTA FRITHCHÚITIMH'.

(2) Ainm na Cuideachta a eisíonn an Sonrasc Tráchtála agus ainm na Cuideachta a mhonaraíonn na hearraí.

(3) An uimhir Sonraisc Tráchtála.

(4) Dáta eisiúna an tSonraisc Tráchtála.

(5) Cód breise TARIC faoina bhfuil imréiteach custaim le fáil i leith na n-earraí sa sonrasc ag teorainn an Aontais Eorpaigh.

(6) An tuairisc bheacht i dteanga shoiléir ar na hearraí agus:

— sonraíochtaí teicniúla na códuimhreach táirge cuideachta,

— an chóduimhir tháirge chuideachta,

— Cód AC,

— cainníocht (le tabhairt in aonaid arna sloinneadh i dTonaí Méadracha).

(7) Tuairisc ar théarmaí an díolacháin, lena n-áirítear:

— praghas in aghaidh an aonaid (Tonaí Méadracha),

— na téarmaí íocaíochta is infheidhme,

— na téarmaí seachadta is infheidhme,

— lascainí iomlána agus lacáistí iomlána.

(8) Ainm agus síniú oifigeach na Cuideachta a d'eisigh an Sonrasc Tráchtála.